

Crafts Council of Ireland
promoting design & craftsmanship

# Tuarascáil an Chathaoirligh 2012

# CLÁR ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Chathaoirligh | 4 |
| Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh | 6 |
| **ÁR DTIONSCAL** | **40** |
| Forbhreathnú ar an gCeardaíocht in Éirinn | 42 |
| Suirbhé um Braistintí Tomhaltóirí 2012 | 44 |
| **ÁR NGNÓ** | **60** |
| Stair Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann | 62 |
| Príomhstaitisticí na gCliant | 63 |
| Sracfhéachaint ar Chláir & Tacaíochtaí na gCliant 2012 | 65 |
| Príomhstaitisticí Cláir 2012 | 66 |
| Nuashonrú ar an bPlean Straitéiseach 2010 – 2012 | 67 |
| **ÁR RIALACHAS** | **72** |
| Rialachas Corparáideach 2012 | 74 |
| Ár gComhaltaí Boird | 75 |
| Ár bhFoireann | 76 |
| Ár gComhaltaí | 77 |
| Comhaltaí Coiste & Tascfhórsa Dár gCuid | 80 |
| **ÁR GCUNTAS** | **82** |
| Oifigigh agus Comhairleoirí Gairmiúla | 85 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 86 |
| Ráiteas ar Chóras na Rialuithe Inmheánacha Airgeadais | 88 |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig na Comhaltaí | 89 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 91 |
| Clár Comhardaithe | 92 |
| Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid | 93 |
| Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta | 94 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 95 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Mionsonraithe | 102 |
| **AGUISÍN** | **104** |
| Nótaí Buíochais | 104 |


Íomhá clúdaigh
*'Salcombe' Dlúth-Fhuinseoige* le John Lee

# ÁR BHFÍS

Go mbeadh aithne agus luach domhanda ar cheardaíocht agus ar dhearadh na hÉireann dá gcuid sármhaitheasa sa cheardaíocht, sa nuálaíocht agus sa mhargaíocht.

# ÁR MISEAN

Inniúlacht chruthaitheach agus thráchtála um cheardaíocht agus dearadh na hÉireann a chur chun cinn agus a spreagadh, agus obair i gcomhar le comhpháirtithe straitéiseacha i ndáil le forbairt agus fás leanúnach na hearnála.

*Cnuasach Cuisíní Priontáilte* le Jennifer Slattery



# TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH



Is é bunchloch gach ní a dhéanaimid i gComhairle Cheardaíochta na hÉireann (CCoI) ná tacú leis an earnáil cheardaíochta agus dearaidh ionas go gcoimeádfaí fostaíocht agus go gcruthófaí deiseanna foráis agus forbartha. Is mian linn ár gcliant-fhiontair a fheiceáil ag déanamh slí bheatha dóibh féin fad is atá siad ag saothrú mar is mian leo, agus ansin ag taispeáint an tsaothair sin don domhan mór.

Gineann an cheardaíocht fostaíocht áitiúil, inbhuanaithe ar fud na tíre. Is cuma más lonnaithe i gceantair thuaithe iargúlta atá ár gcuid déantóirí, nó i mbailte agus i gcathracha atá siad, is féidir leo a bheith bródúil gur cuid d'earnáil iad a chuireann go mór le geilleagar na hÉireann.

Thaispeáin tionscnamh Bhliain na Ceardaíochta 2011 an rath ar féidir a bhaint amach nuair a thagann eagraíochtaí comhpháirtíochta le chéile chun comh-bheart a chur i gcrích – feasacht agus meas ar luach agus ar thábhacht cheardaíocht agus dhearadh na hÉireann a mhéadú. I gcaitheamh 2012 leanamar linn ag dul i gcomhar le go leor de na heagraíochtaí sin i gcur chun cinn na hearnála bríomhara seo, agus i gcothú poist cheardaíochta agus dearaidh.

Ag teacht le hoidhreacht sheasmhach atá ag Bliain na Ceardaíochta 2011 agus feasacht ar luach na ceardaíochta dár gcultúr agus dár ngeilleagar á neadú aici, bhí ríméad orainn a fheiceáil go raibh ceardaíocht na hÉireann san áireamh ag iomaí imeachtaí iomráiteacha sna pleananna a ceapadh le linn 2012 d'Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach agus do Thóstal Éireann 2013. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil ach go háirithe le Cultúr Éireann, lena rabhamar ag obair as lámh a chéile ag eagrú suiteála de cheardaíocht agus de dhearadh na hÉireann ag an bhFoirgneamh Justus Lipsius sa Bhruiséil, agus le hOifig na nOibreacha Poiblí a chuir áit ar fáil dúinn i gCaisleán Bhaile Átha Cliath do thaispeántas seodra comhaimseartha Éireannaí, agus bhí siad araon i láthair do thréimhse Uachtaránacht na hÉireann ar an Aontas Eorpach le linn na chéad sé mhí de 2013. Cheadaigh na taispeántais thábhachtacha sin do cheannairí an AE blaise a fháil de cheardaíocht agus de dhearadh na hÉireann agus iad ag tabhairt cuairte ar an mBruiséil agus ar Bhaile Átha Cliath araon. Is mar chuid de chlár Culture Connects, arna mhaoiniú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, a bhí an tsuiteáil a bhí beartaithe don Fhoirgneamh Justus Lipsius.

Agus sinn ag druidim i dtreo deireadh Phlean Straitéiseach CCoI 2010 – 2012 príomhghníomhaíocht i gcaitheamh na bliana 2012 ba ea foirmliú Phlean Straitéiseach na heagraíochta don trí bliana amach romhainn. Mar chuid dár bpróisis leanúnacha pleanála straitéisí, caitheadh súil siar ar na mórghníomhartha agus ar na torthaí a shíolraigh ó Phlean Straitéiseach 2010 – 2012, chomh maith le comhairliúchán le páirtithe leasmhara ionas go ndéanfaí cíoradh ar threo na heagraíochta amach anseo. Bhí an comhairliúchán seo mar chuid lárnach d'fhorbairt agus de chríochnú Phlean Straitéiseach 2013 – 2015 agus tá CCoI buíoch go deo as na moltaí agus tuairimí a fuarthas ina leith.

Áirítear i measc príomhréimsí fócais na bliana 2013:

- *Láithreacht bhuan a lorg do cheardaíocht agus do dhearadh na hÉireann i mBaile Átha Cliath*
- *Obair le heagraíochtaí comhpháirtíochta ag cruthú deiseanna ionas go gcuirfí le heaspórtáil cheardaíocht na hÉireann agus go gcuirfí le cumas díolacháin ar líne*
- *Feabhas a chur ar inniúlachtaí nuálaíochta agus dearaidh na hearnála*
- *Cur chun cinn na hearnála ceardaíochta ag leibhéal an rialtais agus ag freagairt do dheiseanna a rachadh chun tairbhe ár gcomhaltaí agus ár gcliaint de réir mar a thagann na deiseanna sin aníos.*

Tá Bord CCoI tiomanta don chaighdeán rialachais chorparáidigh is airde agus do chinntiú go gcuirfí i bhfeidhm an prionsabal "luach ar airgead" trí ghníomhaíochtaí uile na heagraíochta, ionas go nginfí toradh leanúnach ar infheistíocht an airgid a tugadh dúinn trí mheán Fiontraíocht Éireann. Mar eagraíocht is torthaí a ghríosaíonn sinn agus táimid dírithe ar mheasúnú a dhéanamh ar aschuir ár gcuid clár trí chéile. Le feidhmiú an phlean straitéisigh, ag comhoibriú le príomh-chomhpháirtithe, idir phoiblí agus phríobhaideach, in earnálacha an oideachais, na fiontraíochta, na turasóireachta, an chultúir, agus ar leibhéal áitiúil agus rialtais, cuirfear le cumas na hearnála ceardaíochta agus dearaidh leanúint leis an gcabhair a thugann sí d'fhás gheilleagar na hÉireann.

Táim thar a bheith buíoch dár gcuid comhghleacaithe i bhFiontraíocht Éireann, agus sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, a sholáthraíonn maoiniú don obair atá ar bun againn. Leis an tacaíocht a thugann siad don ról atá

ag Comhairle Cheardaíochta na hÉireann i bhforbairt na hearnála ceardaíochta agus dearaidh, ceadaítear dúinn leanúint ar aghaidh ag seachadadh clár agus gníomhaíochtaí i gcaitheamh na bliana, a théann chun tairbhe déantóirí ar fud na tíre. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil ach go háirithe leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton, TD agus leis an Aire Stáit um Fhiontair Bheaga, John Perry, TD, as ucht a gcuid tacaíochta leanúnaí.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár gcuid balleagraíochtaí agus leis na cliaint atá cláraithe linn as a dhíograise agus a bhí siad agus iad ag glacadh páirte inár gcuid clár agus as an ionchur agus na tuairimí luachmhara a thug siad faoin tslí is fearr chun freastal ar earnáil cheardaíochta agus dearaidh na hÉireann. Ba mhaith liom mo chuid buíochais a léiriú chomh maith do mo chuid comhghleacaithe ar an mBord agus d'fhoireann Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann as a gcuid díograise, as a gcuid dianoibre, agus as a gcuid proifisiúntachta le linn 2012. Tá buíochas faoi leith i ndán dar gcomhaltaí Boird atá ag scor, Paddy Hopkins agus Beth Moran, as an gcabhair luachmhar a thug siad do Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann le linn a dtéarma ar an mBord. Bhí ríméad orm fáilte a chur roimh Stephen Hughes agus Ray Power, a tháinig isteach sa Bhord i mí an Mheithimh 2012. Tugann an bheirt acu eolas agus taithí thar cuimse leo do threorú na heagraíochta.

Is ról faoi phribhléid é a bheith mar Chathaoirleach ar Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann. Tá súil agam an obair a leanúint lenár gcomhaltaí Boird, lenár bhfoireann agus lenár gcomhpháirtithe uile, ag tacú le hearnáil bhríomhar cheardaíochta agus dearaidh na hÉireann thar ceann ár gcuid balleagraíochtaí agus ár gcliant-fhiontair le linn 2013.



**Laura Magahy**
*Cathaoirleach*



*Cathaoir Mary Jane* le Horizon Furniture

# TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH



Tá CCoI tiomanta dá ról i ndáil leis an timpeallacht chuí a chruthú inar féidir le ceardaíocht na hÉireann teacht i dtreis chomh maith leis an earnáil cheardaíochta agus dearaidh a chur chun cinn thar ceann ár gcuid balleagraíochtaí agus ár gcuid cliant, agus cruthú fostaíochta a chumasú dá réir sin.

Le linn tréimhse ár bPlean Straitéiseach 2010-2012 shocraigh ceardaíocht na hÉireann í féin mar ranníocóir nach beag do théarnamh ár ngeilleagair. Lárnach do ghníomhaíochtaí Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann agus ag teacht lenár gcuid cuspóirí straitéiseacha, bhí tabhairt tacaíochtaí do mhicreathionscadail agus do ghnóthais bheaga, chomh maith le spreagadh na fiontraíochta agus na nuálaíochta. Tá mórghníomhartha d'earnáil cheardaíochta agus dearaidh na hÉireann bainte amach as an dlúthobair a rinneadh in éineacht lenár mballeagraíochtaí, lenár gcliant-fhiontair agus lenár gcomhpháirtithe.

Buaicphointí thar tréimhse an Phlean Straitéisigh 2010 – 2012:

- Tháinig méadú 14% ar an gcéatadán den phobal a bhfuil suim acu i gceannach agus in úinéireacht earraí ceardaíochta na hÉireann le linn tréimhse an Phlean Straitéisigh*.
- Tá na príomh-bhacainní go léir ar cheannach earraí ceardaíochta imithe i laghad le linn tréimhse an phlean – braitheann tomhaltóirí anois go bhfuil earraí ceardaíochta agus deaaidh níos inacmhainne agus go bhfuil sé níos fusa teacht orthu*.
- Mhéadaigh líon na miondíoltóirí a bhfuil suim acu ceardaíocht agus dearadh na hÉireann a dhíol agus a bhfuil suim acu páirt a ghlacadh inár bhfeachtas Give Irish Craft, ó 31 ag deireadh 2009 go 126 faoi mhí na Nollag 2012.
- In 2012, d'fhógair CCoI roinnt comhaontaithe, idir nua agus leathnaithe, le comhpháirtithe, ar nós iad sin a socraíodh leis na Boird Fiontar Contae & Cathrach, le Gréasán Forbartha Áitiúil na hÉireann agus le Coimisiún Forbartha an Iarthair.
- I gcomhpháirtíocht leis na hIonaid Oideachais, leathnaigh clár bunscoileanna CRAFTed de chuid CCoI agus cuireadh ar fáil é ar bonn náisiúnta, le 5,200 páistí ag baint leasa as idir 2010 agus 2012.
- I measc na dtionscnamh nuálaíochta a seoladh le linn 2012 bhí FIÚS agus an Dúshlán Dearaidh.
- Bhí méadú mór ar phróifíl an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta agus 290,000 cuairteoir ag teacht chuig an ngailearaí i gCill Chainnigh agus chuig na taispeántais chamchuairte ag ionaid chomhpháirtíochta ar fud na tíre agus ar fud an domhain.
- Cuireadh oiliúint ar nach mór 750 cliant trí mheán meantóireachta agus trí cheardlanna um fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL).
- Tháinig méadú mór ar fheasacht ag leibhéal an rialtais ar luach agus ar thábhacht na hearnála ceardaíochta agus dearaidh, é sin léirithe ag an gcuireadh a fuair CCoI cur i láthair a thabhairt faoin earnáil os comhair an Chomhchoiste um Poist, Fiontar agus Nuálaíochta.
- Chuir Bliain na Ceardaíochta 2011 le hiomrá cheardaíocht agus dearadh na hÉireann i measc an phobail ar fud na tíre agus ar fud na cruinne agus ba mhór an spreagadh é i mbaint amach na mórghníomhartha atá leagtha amach anseo.

### Cur Chuige Comhoibríoch

Le linn 2012, lean CCoI leis ag obair i gcomhpháirt le ranna tábhachtacha an rialtais, gníomhaireachtaí agus cumainn le cláir don earnáil cheardaíochta agus dearaidh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Ina measc siúd bhí an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Fiontraíocht Éireann, Fáilte Éireann, Boird Fiontar Contae & Cathrach, Gréasán Forbartha Áitiúil na hÉireann agus Cuideachta Leader, Coimisiún Forbartha an Iarthair, Ollscoil na hÉireann Má Nuad agus ar gcuid balleagraíochtaí féin.

Leanaimid orainn ag obair go dlúth le Fiontraíocht Éireann agus leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta lenár gcuid tiomantas don Phlean Gníomhaíochta do Phoist a sheachadadh agus chun tacaíochtaí praiticiúla agus éifeachtacha a sholáthar a rachadh chun tairbhe na hearnála ceardaíochta agus dearaidh trí chéile.

### Plean Straitéiseach 2013-2015

Tá rathúlacht CCoI mar ghníomhaireacht tacaíochta don earnáil cheardaíochta agus dearaidh bunaithe ar deireadh thiar ar ár gcumas cláir a sheachadadh a chomhlíonann riachtanais ár gcuid cliant sa mhargadh. An próiseas comhairliúcháin a chuireamar ar bun agus Plean Straitéiseach 2013-2015 á fhorbairt againn, bhí sé deartha ionas go mbeimis ag teacht i gcónaí le riachtanais na hearnála agus cuireadh san áireamh ann go leor de na príomh-mholtaí agus aiseolas a fuaireamar ónár gcomhaltaí agus ónár gcuid balleagraíochtaí. Dearbhaíonn an Plean

*Foinse: 'Millward Brown Lansdowne Consumer Perceptions Survey' arna dhéanamh i mí na Nollag gach bliain thar ceann CCoI.*

Straitéiseach diongbháilteacht CCoI maidir le géire a chur ar iomaíochas foriomlán ár n-earnála trí chláir chomhtháite. Áiríonn sé chomh maith treochlár d'fhás leanúnach na hearnála, ach go háirithe ó thaobh easpórtálacha agus díolachán ar líne in éineacht le forbairt ar ár gcumas deartha agus ar ár n-acmhainneacht nuálaíochta. Mar chuid dár bpróiseas leanúnach pleanála straitéisí, faighimid fós aiseolas luachmhar agus ionchur ónár gcliaint agus ónár gcuid balleagraíochtaí trí shuirbhéanna agus trí chruinnithe GANS.

Leagtar amach anseo thíos sonraí faoinár gcláir uile i gcaitheamh 2012 i dtabhairt chun críche an Phlean Straitéisigh 2010 – 2012:

## FORBAIRT MARGAIDH

Dhírigh an fhoireann um fhorbairt margaidh ar dheiseanna tráchtála agus feabhsaithe cáile a chruthú do dhéantóirí ar mian leo a gcuid saothar a dhíol go díreach nó trí ghailearaithe nó siopaí miondíola. Tá cláir na foirne deartha chun cuidiú le héileamh trádála, tomhaltóra agus bailitheora ar cheardaíocht na hÉireann a mhéadú in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Aithníonn CCoI an gá atá le straitéis fhadtéarmach don fhorbairt easpórtála i bpríomh spriocmhargaí agus tá sí i mbun cainte go gníomhach le Fiontraíocht Éireann chun an deis seo a thabhairt chun réadúlachta.

## 1 - MARGADH AN BHAILITHEORA

### Punann Cheardaíochta na hÉireann

Ar an 29ú Samhain 2012 leathnaíodh clár Phunann Cheardaíochta na hÉireann chun tionscnamh nua, gréasán-bhunaithe **www.irishcraftportfolio.ie** a áireamh, agus tá cuntais teiste maidir le hábhair nuálacha agus uathúla a chruthú agus obair ar ardchaighdeán dearaidh a léiríonn scil theicniúil anois ar fáil do 100 déantóir Éireannach. Forbairt spéisiúil atá sa tionscnamh nua seo agus is í an aidhm atá ag CCoI cur leis na struchtúir thacaíochta agus leis na deiseanna poiblíochta a bheidh ar fáil do dhéantóirí ceardaíochta ceannródaíocha na hÉireann. San áireamh sa chlár nua níos fairsinge seo beidh "Rogha Chriticiúil" níos lú atá le foilsiú in Eanáir 2013. Painéal de shaineolaithe idirnáisiúnta a roghnaigh na déantóirí don Rogha Chriticiúil agus is ionann na roghanna a rinneadh agus léargas ar cheardaíocht chomhaimseartha na hÉireann i gcomhthéacs den chéad scoth. Foilseofar an leabhar nua Rogha Chriticiúil ar bhonn débhliantúil.

Reáchtáladh dhá mhórthaispeántas capsúil ó Phunann Cheardaíochta na hÉireann in 2012. D'oscail 'My Place' ag an Bluecoat Display Centre, Learpholl ar an 29ú Meitheamh agus lean sé ar aghaidh go dtí an 25ú Lúnasa 2012. Roghnaigh Maureen Bampton, Stiúrthóir an Bluecoat Display Centre, naonúr déantóirí ó Phunann Cheardaíochta na hÉireann don taispeántas seo; Inga Reed, Eimear Conyard, Berina Kelly, Liam Flynn, Frances Lambe, Roger Bennett, Cara Murphy, Sara Flynn agus Nuala O'Donovan. Reáchtáladh dara seó díoltóireachta Phunann Cheardaíochta na hÉireann san Acadamh Ibernach Ríoga (RHA) ón 29ú Samhain – 3ú Nollaig 2012. Cur i láthair ó CCoI i gcomhar le RHA a bhí ann agus bhí saothar le 39 déantóir ar taispeáint.

Roghnaíodh ochtar déantóirí le haghaidh taispeántais ag COLLECT, aonach bliantúil na n-ealaíon feidhmeach comhaimseartha ag Gailearaí Saatchi Londan, 10ú-14ú Bealtaine 2012, atá ar cheann de na príomh-imeachtaí díolacháin gailearaí san Eoraip. B'iad na déantóirí a roghnaíodh ná Nuala Jamison, seodra; Nuala O'Donovan, ceirmeacht; Cóilín Ó Dubhghaill, miotail; Paula Stokes, gloine; Susan O'Byrne, ceirmeacht; Stuart Cairns, miotail; Alan Ardiff, seodra; Nuala Jamison, seodra; Deirdre McLoughlin, ceirmeacht. Bronnadh dearbháin taistil ar 20 déantóir (nach raibh saothar dá gcuid ar taispeáint ag COLLECT) le freastal ar an aonach.

Mar chuid den iarracht leanúnach tacú le caidreamh idir déantóirí agus gailearaithe idirnáisiúnta a fhorbairt, tugadh cúnamh airgeadais do roinnt tionscnamh:

- Liam Flynn – cun caint a thabhairt ag COLLECT le Sarah Gailearaí Myerscough, Londain
- Sara Flynn agus John Lee – chun saothair dá gcuid a thaispeáint ag Erskine, Hall & Coe, Londain
- Beth Moran, Kathleen McCormick, Eimear Conyard, Alan Ardiff, Michael Zelouf agus Susan Bell – chun saothair dá gcuid a thaispeáint ag Taispeántas Ceardaíochta Mhúsaem Ealaíne Philadelphia, SAM le Gailearaí Flow, Londain.

## Sparánacht Cheardaíochta na hÉireann

Bronnadh Sparánacht Cheardaíochta na hÉireann 2012 ar Michael Moore, sparánacht a thug deis dó scrúdú a dhéanamh ar an gcaidreamh atá idir ealaín na ceirmeachta agus tionscal na ceirmeachta. Ba í an aidhm a bhí aige imscrúdú a dhéanamh ar fheidhmiú CAD (dearadh ríomhchuidithe) agus uirlisí dearaidh tionscail eile agus a chuid oibre á pleanáil agus á hullmhú aige.

Thug Moore cuairt ar chúig láthair Eorpach le cuntas teiste acu sa réimse taighde seo:

- Músaem agus Monarcha Sevres, Páras, an Fhrainc
- Rosenthal Porcelain, Selb, an Ghearmáin
- Lárionad Idirnáisiúnta um Thaighde Ceirmeachta, Guldagergaard, an Danmhairg
- Royal Copenhagen, Cóbanhávan, an Danmhairg
- Art Arabia, Heilsincí, an Fhionlainn

Tá sé beartaithe ag Moore torthaí a chuid taighde a úsáid ina chleachtas féin agus tabharfaidh sé léargas ar thorthaí a chuid taighde dá phiaraí ag Comhthionól Ginearálta Acadamh Idirnáisiúnta na Ceirmeachta (IAC), atá le reáchtáil i mBaile Átha Cliath in 2014.

## Bailiúcháin Cheardaíochta

Tá Comhairle Cheardaíochta na hÉireann tiomanta do chur le próifíl agus le cáil na ndéantóirí. Tá comhpháirtíochtaí forbartha ag CCoI le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha chun cómhaoiniú a dhéanamh ar cheannachán ábhair cheardaíochta na hÉireann. In 2012, cheannaigh na comhpháirtithe bailiúcháin d’Ard-Mhúsaem na hÉireann saothair ó: Deirdre McLoughlin, ceirmeacht; Peter Young, gloine; Kevin O’Dwyer, airgead; Debbie Paul, seodra agus Earl Allgrove, adhmad. Cheannaigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha saothair ó na déantóirí seo a leanas le cur in airde in áiteanna ar leith ar fud an domhain: Michael Calnan & Gunvor Anhøj, miotail; Catherine Keenan, gloine; Roger Bennett, adhmad; Denis Brown, callagrafaíocht; Joe Hogan, adhmad; Liam Flynn, adhmad agus Cóilín Ó Dubhghaill, iotail.

## Turasóireacht Cheardaíochta na hÉireann

Rinne CCoI agus Fáilte Éireann iniúchadh náisiúnta ar stiúideonna le cur san áireamh in Eispéireas Stiúideo Ceardaíochta na hÉireann. I measc na stiúideonna faofa tá siad sin a thairgeann ardchaighdeán eispéiris cheardaíochta do chuairteoirí áitiúla agus neamh-áitiúla araon. Cuimsíonn siad stiúideonna ceardaíochta atá oscailte do chuairteoirí ar bhonn lánaimseartha agus gailearaithe ceardaíochta agus spásanna miondíola ag tabhairt deis do chuairteoirí bualadh nó idirghníomhú leis an déantóir. Roghnaíodh 83 stiúideo. Seolfar an scéim sa bhliain 2013.

## Clár Taispeántas an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta

Bhí gníomhaíochtaí an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta bunaithe ar an taispeántas agus ar na cláir chamchuairte agus is ar chomhléiriú nó comhpháirtithe camchuairte a bhunú a leagadh an bhéim. 17 léiriú ar fad a bhí i gceist a raibh 99 déantóir ar fad páirteach iontu. I



*Girl on Flying Machine* le Yinka Shonibare, Block Party

*Ritual 1/Ritual 2* le Coilín Ó Dubhghaill



ndiaidh bhuaicphointe Bhliain na Ceardaíochta 2011, thug 129,874 cuairteoir ar fad cuairt ar thaispeántais an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta, lena n-áirítear freisin an gailearaí i gCill Chainnigh agus na hionaid chamchuairte. Sheol an Gailearaí a shuíomh gréasáin nua **www.nationalcraftgallery.ie**, suíomh gréasáin a gearrliostaíodh do Ghradaim Idirlín na hÉireann sa chatagóir ar a dtugtar an Suíomh Gréasáin Ealaíne is Fearr mar aon le cur lena cháil mar ionad taispeána ardmholta, d'ainmnigh Cumann Músaem na hÉireann an gailearaí mar shamhail dea-chleachtais mar gheall ar choimeádaíocht nuálach an Ghailearaí d'ábhar léirmhínithe. Bhí an cur chuige nuálach seo le sonrú i roinnt taispeántas agus cuid den chur chuige ba ea úsáid a bhaint as braiteoirí, fuaim agus gnáththeicneolaíocht d'fhonn a chinntiú go raibh taispeántais níos inrochtaine agus níos mealltaí.

### Deirdre McLoughlin: Shaping the Void

20ú Eanáir 2012 – 21ú Márta 2012

Ba é seo chéad mhórthaispeántas aonair Deirdre McLoughlin in Éirinn, taispeántas a raibh an t-ealaíontóir seo de bhunadh Bhaile Átha Cliath ag obair air le trí bliana anuas, ealaíontóir a bhfuil cáil idirnáisiúnta ar a dealbha ceirmeachta uathúla den chéad scoth. Scríobh Aidan Dunne gné-agallamh don Irish Times agus scríobh Cristín Leach Hughes léirmheas an-dearfach don Sunday Times agus scríobh Eleanor Flegg léirmheas dearfach eile don irisleabhar Ceramic Review sa Ríocht Aontaithe. Chuaigh an taispeántas ar chamchuairt go Gailearaí Ché Wandesford, Corcaigh, ón 30ú Márta – 5ú Bealtaine 2012 agus Centre Culturel Irlandais, Páras ón 17ú Eanáir 2013 – 22ú Feabhra 2013.

### Block Party

31ú Márta 2012 – 16ú Bealtaine 2012

Ba í an t-amharcealaíontóir Lucy Orta i gcomhpháirt le Comhairle Cheardaíochta na Ríochta Aontaithe a ghlac leis na cúraimí coimeádaíochta, agus is taispeántas idirnáisiúnta ba ea Block Party a bhí dírithe ar na feidhmeanna agus na féidearthachtaí cruthaitheacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint le gearradh patrún i meáin éagsúla chomhaimseartha a léiriú. Le linn don taispeántas a bheith i gCill Chainnigh reáchtáladh rannóg oideachais maidir le faisean in Éirinn lena n-áirítear seó faisin intí le dearthóirí a bhí páirteach i dTionscadal 51 na hÉireann. Scríobh Gemma Tipton mórghné faoin taispeántas ar leathanach ealaíne an Irish Times Arts agus luaigh Deirdre McQuillan an taispeántas ar leathanaigh faisin an Irish Times Saturday Magazine, ar Threads - colún faisin an Irish Examiner agus ar Miranda's Diary san irisleabhar Image.

### Between Art and Industry

25ú Bealtaine 2012 – 4ú Iúil 2012

Dlúthchuid de Between Art and Industry ba ea iniúchadh a dhéanamh ar an gcaidreamh idir ceardaíocht agus tionscal trí úsáid a bhaint as íomhánna bríomhara a bhí dírithe ar úsáid a bhaint as ábhar, íomhánna, téacs, scannán agus fuaim. Cuid den taispeántas seo ba ea scrúdú a dhéanamh ar éabhlóid cleachtas ceardaíochta sa 21ú hAois mar aon le seimineár dar teideal 'New Models in a Post-Industrial World' a reáchtáil an Gailearaí Náisiúnta Ceardaíochta. Reáchtáladh an taispeántas i gcomhar le hIonad Ealaíon Chúirt na Mílaoise Phort an Dúnáin, agus is ansin a bhí an taispeántas idir an 4ú Lúnasa – 29ú Meán Fómhair 2012 mar chuid de Mhí Cheardaíochta Thuaisceart Éireann, agus ansin is ar Mhúsaem Cathrach na Gaillimhe a thug an taispeántas aghaidh, áit a raibh sé le feiceáil idir an 28ú Samhain 2012 – 8ú Aibreán 2013. Cuireadh an taispeántas san áireamh mar shampla de dhea-chleachtas i gcoimeádaíocht nuálach an ábhair léirmhínithe ag Comhdháil Bhliantúil Chumann Músaem na hÉireann 2012 agus ba í Ann Mulrooney a bhí i mbun coimeádaíochta.



*An tUachtarán Micheál D. Ó hUiginn, Showcase*




*Limistéar Seimineáir, Showcase*

### Through the Mill - Taispeántas na gCéimithe ó Chúrsa Scileanna & Dearaidh Ceirmeachta Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann

18ú Iúil 2012 – 31ú Iúil 2012

Mar chuid de thaispeántas na gcéimithe bhí saothar na mac léinn ag céimniú ó Chúrsa Scileanna & Dearaidh Ceirmeachta Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann. Bhí rogha saothar críochnaithe ag mic léinn ar taispeáint, ag tabhairt deis don phobal bualadh leis an dearthóirí éiritheacha seo.

### UTENSIL Current approaches to tableware

11ú Lúnasa 2012 – 29ú Deireadh Fómhair 2012

Is éard a bhí anseo ná taispeántas d'ealaíontóirí feidhmeacha agus de dhearthóirí táirgí as an Eoraip a thug léargas ar roghanna malartacha chun gréithe a dhearadh. Ba í Angela O'Kelly a bhí i mbun na coimeádaíochta, agus eagraíodh an taispeántas i gcomhar le Féile Ealaíon Chill Chainnigh mar chuid dá seastán bliantúil ceardaíochta.

### Out of the Marvellous

2ú Samhain 2012 – 16ú Eanáir 2013

Taispeántas ba ea Out of the Marvellous a d'úsáid ábhair, dánta, píosaí fuaime agus taifeadtaí braiteoir-truiceartha chun na naisc idir filíocht agus ceardaíocht a rianú go cúramach. Éigse Éireann agus Ionad Ealaíon Solstice, an Uaimh, a reáchtáil an taispeántas seo agus ba san Uaimh a bhí an taispeántas le feiceáil idir an 9ú Feabhra 2013 – 6ú Aibreán 2013. Maureen Kennelly agus Ann Mulrooney a bhí i mbun na coimeádaíochta. Bhí gné-ailt shuntasacha faoin taispeántas san Sunday Independent, Irish Times agus Sunday Business Post, mar aon le gné-chlár faoi Joe Hogan ar Lyric FM, agus léirmheasanna dearfacha san Irish Examiner agus sa Ceramic Review sa Ríocht Aontaithe.

### Clár na dTaispeántas ar Chamchuairt

Chuaigh trí chin de thaispeántais an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta 2012 ar chamchuairt chuig láithreacha eile. Lena chois sin, lean roinnt taispeántas ó 2011 lena



*An tOileán Cruthaitheach, Showcase*




*Showcase 2012, Seó Faisin*

gcamchuairt, lena n-áirítear Íocóin na 21ú hAoise, a bhí ar taispeáint i Músaem Cathrach na Gaillimhe idir an 22ú Aibreán – 25ú Iúil 2012 agus i gCaisleán Bhaile Átha Cliath idir an 19ú Nollaig 2012 – 30ú Meitheamh 2013 agus Nua-Theangacha, a reáchtáil an Gailearaí Náisiúnta Ceardaíochta i gcomhar le Féile Ealaíon na Gaillimhe agus a mhaoinigh Creative Scotland, taispeántas a thug aghaidh ar chúig ionad san Albain in 2012, lena n-áirítear Timespan, Helmsdale ón 17ú Feabhra – 23ú Márta 2012, agus The Barony, West Kirkbride ón 14ú Iúil – 18ú Meán Fómhair 2012.

## Gníomhaíochtaí Eile

### An Gailearaí Náisiúnta Ceardaíochta ag COLLECT Londan 2012

11ú – 14ú Bealtaine 2012

Thaispeáin an Gailearaí Náisiúnta Ceardaíochta saothar ochtar déantóirí ag COLLECT 2012, mór-imeacht na hEorpa do bhailitheoirí na healaíne feidhmí. Mar chuid den taispeántas bhí rogha choiste achomhairc den 31 ghailearaí idirnáisiúnta is breátha ar domhan. B'iad an t-ochtar déantóirí comhaimseartha Éireannach a thaispeáin an Gailearaí Náisiúnta Ceardaíochta ná Alan Ardiff, seodra; Stuart Cairns, miotal; Nuala Jamison, seodra; Deirdre McLoughlin, ceirmeacht; Susan O'Byrne, ceirmeacht; Nuala O'Donovan, ceirmeacht; Cóilín Ó Dubhghaill, miotal; agus Paula Stokes, gloine.

### Ciste na dTaispeántas Seachtrach 2012

In 2012 thacaigh an ciste seo le cúig thaispeántas in Éirinn agus thar lear:

- Elaine Riordan, Bricks in the Rain; Gailearaí Ché Wandesford; Corcaigh, Gailearaí Farmleigh; Baile Átha Cliath
- zelouf + BELL, Retrospect 1992-2012, Le Centre Culturel

*Buaiteoir Foriomlán an Ghradaim don Táirge Nua is Fearr - Lynda Gault*




Irlandais, Páras, Gailearaí Farmleigh; Baile Átha Cliath
- Oliver Sears & Frances McDonald, FIVE into FOUR, Gailearaí Oliver Sears; Baile Átha Cliath
- Rob D'Eath & Kate Howard, A Field of Possibilities, Memory, Performance and Environment in Contemporary Clay, Gailearaí an Niland; Gaillimh
- Róisín de Buitléar, CAUTION Fragile!, Músaem an Ghloine, Tacoma, Washington, SAM.

## 2 - CAINÉIL MHIONDÓILA

### Showcase 2012

Reáchtáladh Showcase, Taispeántas Cruthaitheach na hÉireann, san RDS i mBaile Átha Cliath idir an 22ú – 25ú Eanáir 2012. Ba é seo an 36ú bliain a reáchtáladh an taispeántas, agus ba é an tUachtarán Mícheál D. Ó hUiginn a d'oscail an t-imeacht trádála is mó a reáchtáiltear in Éirinn, imeacht ar a d'fhreastail 440 de na dearthóirí, déantúsóirí agus ceardaithe is mó cáil sa tír. Rinne Fiontraíocht Éireann poiblíocht idirnáisiúnta ar Showcase trína gréasán oifigí ar fud an domhain agus d'fhreastail 4,970 ceannaitheoir as 17 tír ar an taispeántas. Chuir rannpháirtíocht Fhiontraíocht Éireann agus na mBord Fiontar Contae & Cathrach le rath an imeachta.

Is ar cheardaíocht déanta in Éirinn a leagtar an bhéim agus bhí 85 de na ceardaithe is mó aithne in Éirinn le feiceáil i spás an Oileáin Chruthaithigh iad ag taispeáint táirgí gleoite ceardaíochta Samhlaithe, Deartha agus Déanta in Éirinn. Ba ag Showcase 2010, a bunaíodh an tOileán Cruthaitheach spás atá imithe ó neart go neart le trí bliana anuas agus in 2012 bhí 85 taispeántóir ar fad i láthair, iad ar fad roghnaithe ag coiste neamhspleách miondíola bunaithe ar chruthaitheacht, nuálaíocht agus ceardaíocht.

Gné bhreise de Thaispeántas Cruthaitheach na hÉireann ba ea 'Showcase Fashion 2012', taispeántas de scoth d'fhaisean na hÉireann ó 60 dearthóir-déantóir agus déantúsóirí Éireannacha i seó drámata rúidchosáin arb ionann é agus ardán do dhearthóirí nua agus do bhrandaí seanbhunaithe dul i bhfeidhm ar 200 ceannaitheoir eisiach trádála ar bhealach nuálach, trí léargas a thabhairt ar spleodar agus ar chruthaitheacht na hearnála seo a bhfuil poitéinseal suntasach idirnáisiúnta ag baint léi.

Bhí go leor gnéithe spleodracha nua ag Showcase 2012 lena n-áirítear:
- Spás don 50 Táirge Nua is Fearr a thug deis do cheannaitheoirí teacht go héasca ar chuid de na táirgí is fearr atá díreach seolta.
- Spás do Threochtaí Nua ina raibh na táirgí a measadh a mbeadh tóir orthu in 2012 ar fáil.
- Zón Fiontraíochta nua, ina raibh 52 micrifhiontar as 13 contae in Éirinn ag tabhairt léargais ar a gcumas faoi scáth na mBord Fiontar Contae & Cathrach.
- Seimineáir do mhiondíoltóirí ag a raibh cainteoirí ar saineolaithe iad i réimsí cosúil le forbairt ghnó, marsantú agus tuar treochtaí, saineolaithe a raibh James Burke, comhairleoir don chlár dar teideal 'Feargal Quinn's Retail Therapy' a chraoltar ar RTÉ ina measc.
- Clinicí duine le duine ina raibh comhairle á cur ar mhiondíoltóirí maidir le déileáil leis an ngéarchéim

gheilleagrach agus pointí éagsúlachta a chruthú ina gcuid siopaí féin.
- Imeachtaí Líonraithe a thug deis do cheannaitheoirí agus do thaispeántóirí labhairt lena chéile ar bhonn neamhfhoirmiúil.

Fógraíodh na buaiteoirí seo a leanas ag Searmanas Gradam Showcase ar an Satharn, an 21ú Eanáir:
- 'Easpórtálaí na Bliana' - Iascairí Amach as Éirinn *[Fisherman Out of Ireland]*
- 'Táirge Nua na Bliana' -
  - Buaiteoir Foriomlán - Lynda Gault Ceramics
  - Catagóir Faisin, Earraí Cniotáilte agus Oiriúintí - Lisa Ryder Designs
  - Catagóir Barrbhoird & Intí - Cillian Johnston Furniture
  - Catagóir Seodra - JLB Jewellery
  - Catagóir Ceardaíochta & Bronntanas - Lynda Gault Ceramics
- 'Gradam an Oileáin Chruthaithigh' – Déantóir seodra Christina Brosnan
- 'Gradam na Ceardaíochta' – Déantóir troscáin Karl Sweeny ó Bhaile Átha Cliath dá chuid boscaí seodra galánta.

## Gníomhaíocht Mhiondíola 2012

### Márta: DÉANTA i gCill Chainnigh @ GOODS *[MADE in Kilkenny @ GOODS]*

Ba i mí an Mhárta a seoladh an tionscadal nua agus nuálach ar a dtugtar DÉANTA i gCill Chainnigh @ GOODS. Bhí an t-asraon miondíola nua ar oscailt ar feadh sé mhí agus is táirgí lámhdhéanta ó dhéantóirí ceardaíochta DÉANTA i gCill Chainnigh a bhí ar díol ann. D'oibrigh siopa ilrannach GOODS atá ar an bhfód le fada an lá agus grúpa ceardaíochta DÉANTA i gCill Chainnigh i dteannta a chéile chun deis a thabhairt do chustaiméirí áitiúla agus do thurasóirí eispéireas nua a bhlaiseadh, agus bhí saothar cuid den tallann cheardaíochta is fearr atá le fáil i gcathair agus i gcontae Chill Chainnigh ar taispeáint ann. Chabhraigh CCoI leis an tionscnamh seo trí thacaíocht marsantaithe a thabhairt.

### Meitheamh: Cnuasach Ceardaíochta na hÉireann ag Arnotts

I mí an Mheithimh, d'fhógair Arnotts i gcomhar le CCoI, go mbeadh spás 50 méadar cearnach á chur ar fáil acu i rannóg na mbronntanas in Arnotts chun an chuid is fearr de cheardaíocht chomhaimseartha na hÉireann a chur os comhair an phobail agus a dhíol ag an am céanna. 'Cnuasach Ceardaíochta na hÉireann' a thugtar ar an spás seo ina bhfuil saothar breis is 20 ceardaí Éireannach ar taispeáint ann. Is ar Shráid Anraí i mBaile Átha Cliath atá Arnotts lonnaithe agus is ann atá deis á tabhairt do cheardaithe Éireannacha saothar dá gcuid a dhíol i siopa ilrannach. Bhí meantóireacht mhiondíola ar fáil do na déantóirí rannpháirteacha freisin, meantóireacht faoi stiúir Paula McCoy, Ceannaitheoir Earraí Tí in Arnotts.

### Meán Fómhair: Halla Seodra Arnotts

Ag deireadh mhí Mheán Fómhair cuireadh le spás Chnuasach Ceardaíochta na hÉireann in Arnotts chun Halla Seodra a bhunú, áit a bhfuil seodra Éireannach ar díol. Roghnaíodh ceathrar déantóirí seodra Éireannacha: Martina Hamilton, Yvonne Ryan, Juvi agus Button & Co lena saothar a thaispeáint i spás ar leith ar a raibh an branda Samhlaithe, Deartha agus Déanta in Éirinn air sa Halla Seodra.

### Samhain: Feachtas na Nollag - *Give Irish Craft*

I mí na Samhna seoladh suíomh gréasáin nuashonraithe Give Irish Craft **www.giveirishcraft.com**, suíomh gréasáin ar a bhfuil raon bronntanas déanta ag daoine atá i mbun gnó le fada an lá mar aon le gnóthaí nua. Chomh maith leis sin, tá eolaire de stocadóirí ceardaíochta atá lonnaithe ar fud na tíre ar an suíomh gréasáin.

Bhí suíomh gréasáin tiomnaithe CCoI dírithe ar thomhaltóirí Éireannacha a spreagadh chun bronntanais le brí a thabhairt um Nollaig trí cheardaíocht bharántúil déanta in Éirinn a roghnú agus tacú le hearnáil bhríomhar cheardaíochta agus dearaidh na hÉireann.

Tá neart moltaí maidir le bronntanais oiriúnacha le fáil ar *Give Irish Craft* atá roghnaithe as saothar breis is 400 dearthóir agus déantóir ceardaíochta Éireannach a bhfuil tacaíocht á fáil acu ón bhfeachtas *Give Irish Craft*. Tá bronntanais shaora agus dhaora luaite ar an suíomh gréasáin, rudaí a chosnaíonn €10, €50, €100 nó níos mó. Tá gach táirge Samhlaithe, Deartha agus Déanta in Éirinn agus tá eolas le fáil ar an suíomh gréasáin maidir leis na háiteanna a bhfuil na táirgí ar díol iontu.

Rinneadh ionadaíocht ar bhreis is 400 dearthóir agus déantóir ceardaíochta Éireannach trí ábhar díolphointe sa siopa, trí fhógraíocht ar an raidió, sna meáin chlóite agus ar líne. I measc na mbrandaí a bhfuil cáil idirnáisiúnta orthu a bhí luaite ar **www.giveirishcraft.com** tá Jerpoint Glass agus Nicholas Mosse Pottery mar aon le dearthóirí comhaimseartha cosúil le Bunbury Boards, Jennifer Slattery Textiles, Karen Morgan Porcelain agus Ana Faye **www.giveirishcraft.com**. I measc na mbrandaí nua a bhí luaite in 2012 bhí na déantóirí coinnle Brooke & Shoals, an criadóir Karo Art, na seodóirí Ali Nash agus Vivian Walsh agus an printéir Fawn Studios.

Lena chois sin, d'fhoilsigh CCoI Leabhrán Bronntanas chomh maith a bhí dírithe ar mholtaí do bhronntanais Nollag do dhaoine muinteartha agus do chairde a chur ar a súile do thomhaltóirí. Dáileadh an leabhrán seo i nuachtán an Irish Independent. Bhí fógra sa Sunday Independent ar dtús ar an 2ú Nollaig d'fhonn a fhógairt go mbeadh an Leabhrán Bronntanas ar fáil saor in aisce san Irish Independent ar an Máirt, 4ú Nollaig.

San áireamh i Leabhrán Bronntanas na Nollag bhí raon leathan bronntanas gleoite ceardaíochta déanta ag déantóirí cumasacha as ar fud na hÉireann. Deis a bhí sa leabhrán seo do thomhaltóirí ceardaíocht bharántúil Éireannach a aithint go héasca tríd an tsiombail Samhlaithe, Deartha agus Déanta in Éirinn atá le feiceáil i measc ábhar taispeána i siopaí i mbreis agus 130 ionad miondíola ar fud na tíre a ghlac páirt san fheachtas Give Irish Craft.

Fianaise ar an tóir a bhí ar bhronntanais déanta in Éirinn an líon 'topshiopaí' a osclaíodh ar fud na tíre roimh Nollaig, i nDún Laoghaire, Raghnallach, Cearnóg Mhuirfean agus Westbury Mall i mBaile Átha Cliath agus Winterval i gCathair Phort Láirge ina measc freisin. Bealach a bhí anseo chun bronntanais uathúla agus lámhdhéanta a chur ar fáil do thomhaltóirí.

### Asraonta Ceardaíochta Réigiúnacha

Lean Comhairle Cheardaíochta na hÉireann lena dlúthchaidreamh straitéiseach le hasraonta ceardaíochta réigiúnacha na hÉireann lena n-áirítear Dearadh Ceardaithe CORE i mBaile na hAbhann [Ballinahown], Teach Deartha Liatroma i gCora Droma Rúisc, Gráinseach Cheardaíochta na Cathrach agus An Clachán i nDún na nGall.
Is ardáin thábhachtacha mhiondíola do dhéantóirí ina gceantair féin iad na hasraonta seo. In 2012, sholáthair CCoI bainistíocht mharsantaithe agus comhairle mhiondíola do na hasraonta seo mar aon le hábhair dhíolphointe d'fhonn cur leis an teachtaireacht náisiúnta atá mar bhonn le "Samhlaithe, Deartha agus Déanta in Éirinn". Chomh maith leis sin, tugadh tacaíocht airgeadais do na hasraonta ar fad d'fhonn cabhrú leo le tionscnaimh mhargaíochta áitiúla cosúil le feachtais raidió áitiúil, preas áitiúil, comharthaíocht threoch, caidreamh poiblí agus imeachtaí poiblíochta atá dírithe ar chur leis an líon cuairteoirí agus le díolacháin.

## 3 - MARGADH EASPÓRTÁLA

### Ciste Aonaigh Idirnáisiúnta

Tá an 'Ciste Aonaigh Idirnáisiúnta' á reáchtáil don dara bliain i mbliana, ciste a bunaíodh chun tacú le fiontair cheardaíochta ar mian leo saothar dá gcuid a thaispeáint ag aontaí idirnáisiúnta agus dlús a chur faoina ndíolacháin easpórtála. Fuarthas go leor iarratas don chiste in 2012 agus tá feabhas suntasach tagtha ar chaighdeán na n-iarratas. I ndeireadh na dála, chuir an tionscnamh seo ar chumas 16 déantóir a roghnaíodh trí phróiseas iarratais freastal ar 18 aonach i gceithre thír. Bhí an t-aiseolas a fuarthas faoin gciste an-dearfach agus bunaithe ar an rath a bhí ar an tionscnamh seo tá sé beartaithe ag CCoI cur leis an gclár seo in 2013.

- Alan Ardiff, Alan Ardiff Ltd, International Jewellery London, Meán Fómhair 2012
- Alice Moyon, Aliquo, Eclat de Mode, Páras, Eanáir 2012, Eclat de Mode, Páras Meitheamh – Iúil 2012
- Ann Nolan, Premiere Classe, Páras, Deireadh Fómhair 2012
- Annabel Langrish, Aonach an Earraigh, Birmingham, Feabhra 2012
- Anne Behan, Áine Knitwear, Scotland Autumn Gift Fair, Glaschú, Meán Fómhair 2012
- Carmel Weir, Hanna Hats of Donegal, Celtic Marketplace, Chicago, Meán Fómhair 2012
- Clare Jordan, Clare Jordan Ltd, Top Drawer, Londan, Meán Fómhair 2012
- Kate Cronin, Klickity, 100% Design, Londan, Meán Fómhair 2012
- Mandy Parslow, Mandy Parslow Pottery, Ceramic Art London, Londan, Feabhra 2012

*Láthair Chruinnithe [A Place to Gather], London Design Festival*



- Martina Hamilton, The Cat & The Moon Ltd, International Jewellery London, Meán Fómhair 2012, Celtic Marketplace, Chicago, Meán Fómhair 2012
- Natalie Coleman, NatalieBColeman, Paris Sur Mode, Páras, Meán Fómhair - Deireadh Fómhair 2012
- Roger Bennett, Roger Bennett Woodturner, Craftboston, Boston, Márta 2012
- Shane Holland, Shane Holland Design Workshops, Tent, Londan, Meán Fómhair 2012
- Sheenagh Green, One Year On @ New Designers, Londan, Meitheamh 2012
- Donagh Quigley, The Handmade Soap Company, Spring Fair, Birmingham, Feabhra 2012
- Greg Whelan, Irish Linen House, New York International Gift Fair, Nua-Eabhrac, Lúnasa 2012

### Inhorgenta, München, 11ú – 14ú Feabhra 2012

Mar chuid de straitéis trí bliana CCoI cur leis na deiseanna easpórtála atá ar fáil do dhéantóirí sna príomhchatagóirí ceardaíochta, ghlac deichniúr déantóirí páirt in Inhorgenta München, aonach ceardaíochta tábhachtach idirnáisiúnta don earnáil seodra. Taispeánadh saothar na ndéantóirí ar fad ag seastán Éireannach. Ainneoin cháil an iomaíochais a bheith ar an seó, d'éirigh le go leor de na déantóirí orduithe suntasacha a fháil dá dtáirgí mar aon le faisnéis úsáideach a bhailiú faoin margadh easpórtála.

### Féile Dearaidh Londan 2012

Reáchtáladh 'A Place to Gather', taispeántas de cheardaíocht agus de dhearadh Éireannach a choimisiúnaigh agus a bhainistigh Comhairle Cheardaíochta na hÉireann agus ndearna Jonathan Legge coimeádaíocht air, mar chuid d'Fhéile Dearaidh Londan 2012.

Roghnaíodh ceardaíocht ó 32 déantóir don taispeántas spéisiúil seo, a reáchtáladh ón 18ú go dtí an 23ú Meán Fómhair 2012 mar chuid de thionscnamh Thriantán Dearaidh Shoreditch. D'fhreastail 310 duine ar sheoladh an taispeántais agus thug 1,100 duine eile cuairt ar an seó agus thug 2,600 duine cuairt ar an suíomh gréasáin áit a bhfuil scannán a coimisiúnaíodh go speisialta le feiceáil. Foilsíodh gné-ailt i mórfhoilseacháin sa Ríocht Aontaithe agus ar fud an domhain, 'Wallpaper' san áireamh agus bunaíodh caidreamh tráchtála a chuaigh chun tairbhe na ndéantóirí i gceist.

Is ar an mBruiséil a tugadh an taispeántas ansin chun croí na suiteála de cheardaíocht agus de dhearadh Éireannach i bhFoirgneamh Justus Lipsius, sa Bhruiséil a bhunú. Suiteáladh na taispeáintí feidhmeacha de throscán, teicstílí agus dearadh ceardaíochta Éireannach i mí na Nollag nuair a bronnadh Uachtaránacht an AE ar Éirinn (Eanáir go Meitheamh 2013). Ba é Culture Ireland a mhaoinigh an taispeántas tábhachtach seo mar chuid den chlár Culture Connects, clár atá faoi stiúir na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

## 4 - DÍOL DÍREACH

### Bloom 2012 – Féile Ghairdín Is Mó na hÉireann, 31ú Bealtaine – 4ú Meitheamh, Páirc an Fhionnuisce, Baile Átha Cliath

Ag Féile Bloom 2012, bhí CCoI freagrach as Sráidbhaile Cheardaíochta Éireannaí a reáchtáil don dara bliain, spás dinimiciúil agus spéisiúil a raibh 24 seastán miondíola ann, dhá phuball taispeána ceardaíochta do dheileadh adhmaid agus ceird an ghabha dhuibh, dhá shuiteáil idirghníomhacha cheardaíochta d'fhíodóireacht agus do dhéanamh feilte agus puball ina raibh ceardlanna do pháistí á reáchtáil agus deis a bhí ann dóibh rud éigin a dhéanamh lena lámha féin.

Thug na cuairteoirí le fios gur bhain siad an-taitneamh as a raibh le feiceáil sa spás seo agus d'éirigh leis na déantóirí a bhí ann díolachán suntasach miondíola a dhéanamh. Lena chois sin, d'fhreastail thart ar 10,000 duine ar na taispeántais, agus ghlac breis is 2,000 duine páirt sna suiteálacha agus ghlac breis is 350 leanbh páirt sna ceardlanna oideachais.

### Aonach Náisiúnta Ceardaíochta & Dearaidh, 5ú – 9ú Nollaig, RDS, Baile Átha Cliath

Mar cheann de na príomhimeachtaí ceardaíochta a reáchtáiltear do thomhaltóirí roimh na Nollag, tá ról tábhachtach ag an Aonach Náisiúnta Ceardaíochta & Dearaidh do thomhaltóirí agus do cheardaithe araon. In 2012, chonacthas an dara bliain den limistéar taispeántais/taispeána um cheardaíocht na hÉireann i gcroílár an tseó, ag aibhsiú raon saothar ó bhreis is 62 ceardaí cláraithe.

Chomh maith leis sin, reáchtáladh sraith taispeántas gach lá – a thug deis léargas a thabhairt do chuairteoirí ar na scileanna agus na teicnící a theastaíonn na táirgí a bhí ar díol ag an seó a dhéanamh.

Ba í an aidhm a bhí leis an réimse taispeána ná aird na gcuairteoirí a tharraingt ar chaighdeán, éagsúlacht agus



Seastán de chuid Moth to a Flame sa Sráidbhaile Ceardaíochta Éireannaí ag Bloom 2012

raon na mbronntanas ceardaíochta Éireannacha a bhí ar fáil ag an seó agus iad a spreagadh dul sa tóir ar agus earraí a cheannach ó thaispeántóirí atá cláraithe le CCoI. Chomh maith leis sin, tugadh deis do 204 ceardaí a bhí cláraithe le CCoI tairbhe a bhaint as an díolphointe Samhlaithe, Deartha agus Déanta in Éirinn ionas nach mbeadh aon deacracht ag tomhaltóirí iad a aithint.

## OIDEACHAS, OILIÚINT AGUS FORBAIRT

Creidimid ag CCoI le forbairt ar an eolas agus ar na scileanna cuí atá ag déantóirí ceardaíochta na hÉireann, trí réimse leathan de thionscnaimh oideachais spriocdhírithe, go gcuirfear feabhas leanúnach ar ardchaighdeán deartha agus ceardaíochta trí chéile. Trí chláir oideachais agus oiliúna do pháistí, do mhic léinn, do mhúinteoirí agus do dhéantóirí ceardaíochta a chuimsíonn rannpháirtíocht chruthaitheach, fhíréanta, féachaimid freisin le feasacht a mhéadú ar cheardaíocht agus ar dhearadh mar rogha gairme. I rith 2012 rinneadh roinnt clár oideachais agus oiliúna a chomhdhlúthú, le tionchar aige sin ar fhoghlaim dhearfach na ndaltaí, na mac léinn agus na ndaoine fásta a bhí páirteach in oiliúint cheardaíochta ó cheann ceann na hÉireann.

### 1 - AN CHÉAD LEIBHÉAL

Chríochnaigh CRAFTed: Clár um Fhoghlaim Scileanna Saoil do Bhunscoileanna 2011 – 2012, i gcomhpháirt leis an 21 Ionad Oideachais lánaimseartha in Éirinn, gach tionscadal ceardaíochta a bhí ar bun sna scoileanna ábhartha faoi mhí an Mheithimh 2012. Tugadh clár CRAFTed 2012 chun críche le formhór den 21 Ionad Oideachais lánaimseartha ag reáchtáil taispeántais a léirigh an próiseas cruthaitheach arna éascú ag ag gclár agus ardchaighdeán na saothar deiridh cruthaithe ag na leanaí.

Reáchtáladh CRAFTed 2012 i 128 scoil agus ghlac 135 múinteoir, 98 ceardaí oilte ó Phainéal Oideachais na Ceardaíochta CCoI, agus thart ar 2,900 páiste páirt ann. Tá an Clár CRAFTed bunaithe ar fhorbairt dhea-chleachtais chomhoibritheach idir ceardaithe agus múinteoirí. Díríonn sé ar an mbealach a thacaíonn scileanna ceardaíochta agus dearaidh le modheolaíochtaí comhtháite foghlama, agus leagtar béim ar thacú le scileanna uimhearthachta agus litearthachta. Chuir líon mór scoileanna iarratas isteach ar pháirt a ghlacadh i CRAFTed sa bhliain 2012 agus d'éirigh le formhór na scoileanna a chur iarratas faoi bhráid maoiniú a ghnóthú.

In 2012 d'fhoilsigh CCoI Cód Cleachtais CCoI um Rannpháirtíocht Phoiblí i gComhthéacsanna Oideachais [Code of Practice for Public Engagement in Educational Contexts], chun cur síos a dhéanamh ar na luachanna agus ar na freagrachtaí atá mar bhunchlocha faoin dea-chleachtas i dtionscadail chomhoibritheacha. Tá an cód seo dírithe ar cheardaithe atá mar bhaill den Phainéal Oideachais na Ceardaíochta agus a thugann faoi thionscadail CRAFTed chomh maith le hobair rannpháirtíochta poiblí eile i gcomhthéacsanna an oideachas.

Cuireadh taispeántas grianghrafadóireachta CRAFTed de shaothair a rinneadh le linn 2012 ar taispeáint i nDaondánlann Taispeántais Leabharlann Chathair Phort Láirge, i gCathair Phort Láirge. Leanfaidh an taispeántas ildaite seo de ghrianghraif aoibhne CRAFTed ar aghaidh lena chamchuairt go Leabharlanna Contae i gcaitheamh 2013.

FGL: Forbairt Ghairmiúil Leanúnach – Cúrsaí Samhraidh do Mhúinteoirí Bunscoile 2012. Reáchtáladh cúrsaí oiliúna um Scileanna Ceardaíochta Cruthaitheacha i mí Iúil 2012 i gcomhpháirtíocht le sé hIonad Oideachais lánaimseartha in Éirinn. Bhí na cúrsaí scileanna ceardaíochta seo dírithe ar mhúinteoirí bunscoile chun tacaíocht a thabhairt dóibh le curaclam na hamharcealaíona a chur i bhfeidhm. Bhí na cúrsaí ar bun i gCill Chainnigh, i mBaile Átha Luain, in Iarthar Chorcaí, i Sligeach, i Muineachán agus in Iarthar Bhaile Átha Cliath. Chuir na cúrsaí béim ar an litearthacht agus ar an uimhearthacht, ag taispeáint conas gur féidir leis na hamharcealaíona a bheith mar uirlis chun feabhas agus forbairt a chur ar na scileanna scríbhneoireachta agus anailíseacha a bhíonn ag leanaí. D'oibrigh múinteoirí bunscoile agus ceardaithe as lámh a chéile, ag iniúchadh conas mar a léiríonn cruthanna 2D agus 3D tuiscint dhomhain ar choincheapa na matamaitice ar nós crutha, línte agus uillinneacha, patrún foirme, tomhais agus réiteach fadhbanna.

## 2 - AN DARA LEIBHÉAL

Reáchtáladh Oiliúint FGL na Scileanna Ceardaíochta Cruthaitheacha don dara leibhéal i gcomhpháirt leis an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) i scoileanna dara leibhéal i sé réigiún ar fud na hÉireann. In 2012 chuir na tionscadail oiliúint i réimsí ceardaíochta faoi leith ar fáil do mhúinteoirí agus do dhaltaí. Ba iad ranganna idir an 2ú bliain agus rang na hArdteistiméireachta a ghlac páirt i dtionscadail 2012. Bhí réimse cumais ag na daltaí agus san áireamh iontu bhí scoileanna uirbeacha, tuaithe agus DEIS (Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh). Tar éis na dtionscadal a bhí ar siúl in 2012, reáchtáladh trí cheardlann i dtéarma an earraigh. Bhí na ceardlanna comhéascaithe ag ceardaí agus ag an éascaitheoir áitiúil SFGM agus reáchtáladh iad i ngach ceann de na scoileanna rannpháirteacha.

## 3 - AN TRÍÚ LEIBHÉAL

I rith 2012, lean CCoI leis ag maoiniú na sraithe rathúla Léachtaí um Chriadóireacht na hÉireann san Oideachas (ICE). Is tionscnamh comhoibritheach é ICE idir Comhairle Cheardaíochta na hÉireann agus na Scoileanna Ealaíne agus Deartha i mBéal Feirste, Gaillimh, Luimneach, Baile Átha Cliath, Cill Chainnigh agus Corcaigh, agus a bhfuil sé mar aidhm aige rochtain ar shaineolas idirnáisiúnta i raon disciplíní ceardaíochta a éascú trí shraith léachtaí poiblí, trí thaispeántais agus trí ardranganna. Ní mór gur ealaíontóirí comhaimseartha ag cleachtadh faoi láthair iad na healaíontóirí roghnaithe, le cáil idirnáisiúnta bainte amach acu, mar aon le próifíl chruthaithe acu i mbun taispeántais, iad a bheith thar barr ina ghort oibre féin, agus éileamh ann ar a gcuid saothair. In 2012 bhí príomhléachtaí rathúla, ar mhór an freastal a bhí orthu, tugtha ag Garth Clark, Béal Feirste; Anton Reijnders, Gallimh; Ken Eastman, Luimneach; David Frith, Cill Channaigh; agus Steve Dixon; Baile Átha Cliath.

## Déantóirí na Todhchaí

Leanann clár Dhéantóirí na Todhchaí, a bhfuil an-tionchar aige, a léiriú infheistíocht shuntasach de chuid Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann i bhforbairt na chéad ghlúine eile de dhéantóirí in Éirinn. Measúnaítear go neamhspleách go raibh luach €30,000 ar an duais iomlán in 2012, í ar cheann de na duaiseanna is mó tacaithe don cheardaíocht san Eoraip. Baintear úsáid as ciste Dhéantóirí na Todhchaí le haghaidh taighde, oiliúna, tréimhsí cónaitheacha, ábhar, taispeántas agus go leor eile nach iad. Tugann an comórtas bliantúil seo ardán do mhic léinn agus do chéimithe nua ionas gur féidir leo dul san iomaíocht chun tacaíocht agus duaiseanna mór le rá a bhaint amach. Bronntar na gradaim bunaithe ar dhearadh, ar chruthaitheacht, ar nuálaíocht, ar scil agus ar cheardaíocht, agus é mar sprioc acu barr feabhais a aithint agus é a thagarmharcáil.

Rinneadh measúnú ar na hiarratasóirí go léir maidir le Gradaim agus Tacaíocht um Dhéantóirí na Todhchaí do Mhic Léinn 2012 ag painéal roghnúcháin idirnáisiúnta, ina measc siúd bhí John Jenkins, Bainisteoir Deartha ag Heals UK; Jonathan Legge le Makers & Brothers agus Louise Allen, Ceannasaí um Chláir Nuálaíochta agus Forbartha ag CCoI. Bhí na hiarratasóirí le haghaidh Gradaim agus Tacaíocht Chleachtóra um Dhéantóirí na Todhchaí 2012, á measúnú ag John Jenkins, Bainisteoir Deartha ag Heals UK; Angela O'Kelly, Dearthóir Seodra; agus Muireann Charleton, Bainisteoir Oideachais agus Nuálaíochta le CCoI.

In 2012 bá í Jackie Maurer, mac léinn le ceirmeacht i gColáiste Ealaíne & Deartha Luimnigh, buaiteoir Gradam Dhéantóirí na Todhchaí do Mhic Léinn a fuair duais €2,500, agus ba í Enya Moore, mac léinn le miotail sa Choláiste Náisiúnta Ealaíne & Deartha, buaiteoir Gradam Speisialta na Moltóirí um Dhéantóirí na Todhchaí a fuair duais €1,000.

In 2012, chuir Scarva Pottery tacaíocht ábhair ar fáil, ar luach €500, agus ba í mac léinn Luimnigh Jackie Maurer buaiteoir na duaise.

**Tacaíochtaí Dhéantóirí na Todhchaí do Mhic Léinn**

Thug Theresa Burger, mac léinn seodra, an **Gradam Nuálaíochta Mhic Léinn** léi, as na bráisléid mhóra gheoiméadracha a rinne sé le fréamhshamhail mhear agus a bhí spreagtha ag muintir Zulu na hAfraice Theas.

Bronnadh **Tacaíochtaí Ábhair** ar Joy McGovern (Meáin Mheasctha), Katherine Moffatt (Teicstíl), Sinéad Brennan (Gloine), Arturo Borrego (Seodra), Noeleen Logue (Miotail).

Bronnadh **Tacaíochtaí Líonraithe** ar Angela O'Keefe

*Saothar Muince le Jackie Maurer, Scáthlán Lampa* le Klickity, *Déantóirí na Todhchaí*



(Seodra), Enya Moore (Miotail), Helen O'Malley (Ceirmeacht).

Bronnadh **Deontais Chónaitheacha agus Oiliúna** ar Kate O'Kelly (Ceirmeacht), Suzanne Rogers (Seodra), Ewelina Maria Wojtowicz (Ceirmeacht), Daragh Casey (Troscán) agus Agnieska Robak (Ceirmeacht).

Bronnadh **Tacaíochtaí Cleachtóra um Dhéantóirí na Todhchaí** ar iarratasóirí rathúla chun cabhrú leo a gcuid oibre a thaispeáint ag aontaí idirnáisiúnta, chun tabhairt faoi shainoiliúint agus chun trealamh a cheannach a chabhródh leo spás stiúideo agus taispeántais a fhorbairt. Ba í Natalie Coleman (Faisean) buaiteoir Gradam Cleachtóra um Dhéantóirí na Todhchaí, a fuair duais €5,000.

Ba í Kate Murtagh Sheridan (Ceirmeacht) buaiteoir Gradam Speisialta na Moltóirí um Dhéantóirí na Todhchaí, a fuair duais €2,500.

Bronnadh Gradam Feabhais Speisialta na Moltóirí ar Jennifer Slattery (Teicstílí).

Ba í Kate Cronin ó Klickity (Dearadh Táirge) a bhuaigh **Gradam Deartha nua um Dhéantóirí na Todhchaí**, duais €1,600.

Bronnadh **Cónaitheacht Chleachtóra agus Tacaíochtaí Oiliúna** ar Adele Stanley (Ceirmeacht) agus Karen Donnellan (Gloine).

Bronnadh **Tacaíochtaí Líonraithe Cleachtóra** ar Cillian Ó Suilleabháin (Troscán) agus Kathryn Payne (Dearadh).

Bronnadh **Tacaíochtaí Stiúideo Cleachtóra** ar Jennifer Slattery (Teicstílí) agus Print Block (Priontáil/Teicstílí).

Bronnadh **Tacaíocht Taispeántas Chleachtóra** ar Lisa Ryder. (Teicstíl/Priontáil)
Tacaítear le Déantóirí na Todhchaí trí mheán suíomh gréasáin tiomnaithe **www.futuremakers.ie**, atá á fhorbairt agus á fheabhsú d'fhonn acmhainn luachmhar a chur ar fáil do mhic léinn agus do chéimithe nua. In 2012 forbraíodh rannóg nua, 'Design Conversations', chun tacaíocht a thabhairt do dhéantóirí faisnéis a roinnt i measc a gcuid comhpháirtithe.

## 4 - TIONSCNAIMH EILE

**Comórtas Ceardaíochta Náisiúnta an RDS arna thacú ag Comhairle Cheardaíochta na hÉireann.** In 2012, bhronn Comórtas Ceardaíochta Náisiúnta an RDS, arna thacú ag Comhairle Cheardaíochta na hÉireann, €28,000 de dhuaischiste ar roinnt de na ceardaithe is mó tallainne agus is dea-chosúlachta in Éirinn. Painéal idirnáisiúnta de mholtóirí neamhspleácha roghnaithe ag an RDS a rinne moltóireacht ar 20 catagóir an chomórtais. Roinneadh

Dámhachtain Cheannaigh 2012 um Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann idir Seamus Gill, Roger Bennett, Pádraig Larkin agus Michael Calnan.

**Craftfest an Iarthuaiscirt**

Thacaigh Comhairle Cheardaíochta na hÉireann leis an dara bliain den fhéile cheardaíochta, CraftFest an Iarthuaiscirt, i Sligeach i mí na Samhna 2012. Cuireadh Seascapes, taispeántas teicstíle CCoI, ar siúl i dTeach Nazareth, Sligeach, agus ag teacht le seoladh an taispeántais thug Muireann Charleton, Bainisteoir Oideachais agus Nuálaíochta CCoI, léacht ardranga ar 'Cad is Ceardaíocht ann? Miotas na Déantóireachta'.

## 5 - OIDEACHAS AGUS FOR-ROCHTAIN

I rith 2012 rinne an fhoireann Oideachais agus For-rochtana cumadh, comhordanáidiú agus seachadadh ar chlár imeachtaí a bhí bríomhar agus tarraingteach, mar aon le háiseanna a fhorbairt agus caidrimh a bhunú. Ceapadh imeachtaí agus gníomhaíochtaí oideachasúla agus for-rochtana chun iniúchadh a dhéanamh ar, agus tacaíocht a thabhairt don, chlár bliantúil taispeántais a bhí ag an nGailearaí Náisiúnta Ceardaíochta, le linn don fhoireann a bheith gníomhach ag seachadadh tionscnamh lasmuigh den láthair chomh maith.

### Cláir Oideachais an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta

Sa chlár ilghnéitheach seo de ghníomhaíochtaí oideachasúla cuimsíodh turais den ghailearaí, cainteanna le healaíontóirí agus le coimeádaithe, seimineáir, ceardlanna páistí, imeachtaí rannpháirtíochta don phobal, forbairt phroifisiúnta leanúnach agus soláthar áiseanna oideachais.

Seimineár aon lae ba ea *Samhlacha Nua i Saol Iarthionsclaíoch* a reáchtáladh i mí an Mheithimh 2012, ag dul i ngleic dó leis an téamaic a d'eascair as an taispeántas *Between Art and Industry*. Thug na seisiúin scoláirí agus réimse leathan déantóirí le chéile, iad ag fiosrú startha cultúrtha úrnua, na miondifríochtaí atá ag an déantóireacht laistigh de mheáin thraidisiúnta sa timpeallacht reatha, chomh maith le samhalta nuálacha déantóireachta. I measc phainéal na gcainteoirí bhí an triúr taispeántóirí Neil Brownsword, Róisín de Buitléar agus Molloy & Sons, chomh maith leis an Dr Sorcha O'Brien, Sasha Sykes, Theresa Burger, Tara Carrigy agus Louise Allen, Ceannasaí um Chláir Nuálaíochta agus Forbartha CCoI.

I mí Mheán Fómhair 2012 leathnaigh an gailearaí a chlár for-rochtana ionas go ngríosófaí teaghlaigh le cuairt a thabhairt ar an nGailearaí Náisiúnta Ceardaíochta agus ionas go rachaidís i ngleic leis na taispeántais mar áis fhoghlama. Reáchtáiltear *'Crafty Family Days'* Satharn amháin sa mhí, le meánlíon 25 páiste ag glacadh páirte ann gach mí. Freagraíonn na ceardlanna do na taispeántais reatha agus téann siad i ngleic go fonnmhar le hábhair nó le teicnící nua le páistí ó 4 - 12 bliana d'aois.

Tá 'spás oideachasúil' nua curtha ar leataobh, é sainmhínithe mar spás gníomhach agus bíonn léitheoireacht, freagairt, machnamh agus breis foghlamtha á éascú aige faoin saothar agus faoi na déantóirí a bhíonn i ngach taispeántas. Ceadaíonn an áis seo do chuairteoirí caidreamh níos doimhne is níos leanúnaí a bheith acu leis an ngailearaí.

Mar chuid de Chlár na Scoileanna 2012/13, ghlac breis is 400 dalta páirt i gcomhráite treoraithe ag an ngailearaí le linn théarma an fhómhair. Bhí an clár úd sa réimse ón mbunscoil suas go dtí an tríú leibhéal. Tugadh turais oiriúnaithe do dhaltaí dara leibhéal agus do mhic léinn tríú leibhéal, mar chomhlánú ar fhoghlaim sa rang.

Tar éis na freagartha dearfaí ar an oscailt déanach san oíche mhíosúil a bhí ag an nGailearaí Náisiúnta Ceardaíochta, leanadh le himeachtaí neamhfhoirmeálta 'Dáta Déanach' *[Late Date]* ar feadh 2012. Cláraíodh chomh maith roinnt turas le coimeádaithe agus cainteanna le déantóirí ar aon dul leis na taispeántais a bhí sa Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta i rith na bliana.

Ionas go bhforbrófaí an tinreamh ar imeachtaí oideachais agus fo-rochtana an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta i rith na bliana, cuireadh tús le ríomh-fheasachán míosúil i mí an Mheithimh 2012. Déanann an ríomh-fheasachán seo teagmháil díreach le gnáthóirí an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta, le heagraíochtaí ábhartha cultúrtha agus le comhaltaí CCoI chun scéala taispeántas agus imeachtaí a thabhairt dóibh agus chun iad a mhealladh chuig an ngailearaí.

*Ceardlann do Leanaí sa Sráidbhaile Ceardaíochta Éireannaí ag Bloom 2012*



## Ceardlanna Ceardaíochta ag Imeachtaí Poiblí

Chomhordaigh an fhoireann Oideachais & For-rochtana sraith ceardlanna éagsúla mealltacha, dírithe ar pháistí agus ar dhaoine fásta, ag imeachtaí móra poiblí. I measc na mór-imeachtaí a reáchtáladh bhí:

**Bloom, mí an Mheithimh:**
Cuir CCoI spás oideachais i bhfeidhm i gcroílár Sárthaispeántas um Cheardaíocht na hÉireann, agus reáchtáladh ceardlanna saor in aisce ar gach ceann den chúig lá, le téama garraíodóireachta difriúil acu go léir, lena n-áirítear; *Funky Twists: Déantóireacht Suaitheantais agus Muince do bhuachaillí agus do chailíní* le Vivienne Martin; GROW Priontáil Teicstíle le Lorraine Bowen; *An Garraí Cré Rúnda* le Shona Flood; *Patrúin an Nádúir: Ceirmeacht* le Frances Kilcommins agus *Suaitheantais Fheithide Theicstíle* le Aideen Lynch. Chomh maith leis sin, bhí deis ag cuairteoirí comhrá a dhéanamh le comhaltaí na gcuallachtaí ceardaíochta agus iad ag tabhairt taispeáintí beo, agus deis a bhí ann freisin níos mó a fhoghlaim faoi scileanna agus faoin gceardaíocht.

**Féile Ealaíon Chill Chainnigh, Mí Lúnasa:**
Mar gheall ar an mbéim ar fad a leagadh ar rannpháirtíocht phoiblí, bhí Clós an Chaisleáin dubh le daoine i mí Lúnasa i rith *Fhéile Ealaíon Chill Chainnigh*. Bhí Enya Moore, duine de na healaíontóirí le taispeántas aici i UTENSIL, i láthair ar feadh dhá lá den fhéile, í ag dul i mbun ceardlanna teaghlaigh a bhí bunaithe ar dhearadh gléasanna le sreang agus le meáin mheasctha. Lean sé ar feadh na seachtaine mar cheardlann bhuail isteach. Cuireadh ceardlanna éagsúla ar bun do leanaí i rith na dtrí lá i gClos an Chaisleáin le ceathrar ceardaithe - Victoria Cody, Caroline Ryan, Aideen Lynch agus Ciara O'Sullivan agus ceardlanna cré, teicstílí, priontála agus tógála acu. Leis sin d'éascaigh Caroline Ryan ceardlann sa Dealbhóireacht Bhog do dhaoine fásta a chomhlánaigh an taispeántas UTENSIL. Ghlac breis is 650 duine páirt i gceardlanna ceardaíochta i gcaitheamh seachtain na féile.

**Savour Kilkenny, Deireadh Fómhair:**
I rith na seachtaine deireanaí de Dheireadh Fómhair tháinig slua mór chuig an gcathair don fhéile bhliantúil *Savour Kilkenny*. Reáchtáil an fhoireann Oideachais agus For-rochtana imeacht ilchéadfach 'Dáta Déanach' *[Late Date]* in éineacht le Designgoat, chomh maith le lá de cheardlanna teaghlaigh sa Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta agus ceardlann teicstíle um maisiú cáca ollmhóir le Carrie Lynam.

## Comhpháirtíochtaí Cláreagraithe

Lena chois sin, d'eagraigh an fhoireann Oideachais agus For-rochtana roinnt comhpháirtíochtaí cláreagraithe le heagraíochtaí náisiúnta cultúrtha eile mar chuid de straitéis leanúnach fho-rochtana an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta chun féachaint le forbairt a dhéanamh ar an lucht féachana.

**TradFest, Eanáir:**
Thacaigh CCoI le ceardlanna ceardaíochta traidisiúnta éagsúla mar chuid de TradFest ag an Ark, Lárionad Cultúrtha do Leanaí i mBarra an Teampaill, Baile Átha Cliath. Chuir déantóirí ceardaíochta Sarah Malin, Aideen Lynch, Caroline Ryan agus Cathy Hayden ceardlanna feidhmiúla ar siúl ar fhíodóireacht sailí, ar theicstílí agus ar cheardaíocht pháipéir ar feadh an deireadh seachtaine, dá spreagadh ag oidhreacht cheoil agus scéalaíochta na hÉireann.

**Oíche Chultúrtha, Meán Fómhair:**
Don tríú bliain, ghlac an Gailearaí Náisiúnta Ceardaíochta páirt i dtionscnamh náisiúnta Oíche Chultúrtha, i gcomhpháirt le hOifig Ealaíon Chill Chainnigh agus Taisce Chultúrtha Bharra an Teampaill. Ag an imeacht seo

d'iompaigh an Gailearaí Náisiúnta Ceardaíochta ina mhol cultúrtha agus ceardlanna buail isteach le dealbha bia, le cnagadh cistine agus le priontáil gléis ar siúl, iad dírithe ar pháistí is ar dhaoine fásta araon, agus meascán eicléicteach de cheol, de léiriú agus de dhéantóireacht á chruthú ann dá bharr. D'fháiltigh an gailearaí roimh bhreis is 200 cuairteoir a bhain taitneamh as an taispeántas agus as na ceardlanna UTENSIL, mar aon leis na ceardlanna ceoil agus láithreoireachtaí le Rhythm & Riot ar feadh an tráthnóna.

**Seachtain Náisiúnta Deartha, mí na Samhna:**
Mar chuid den Seachtain Náisiúnta Deartha, chuir CCoI sraith imeachtaí déantóirí-lárnach ar bun i mBaile Átha Cliath, faoin teideal FIÚS *[FUSE]*. Bhí fóram líonraithe agus díospóireachta *Todhchaí na Déantóireachta* lonnaithe sa Ghailearaí Eolaíochta i mBaile Átha Cliath, le cainteoirí ar nós MAKESHOP, TOG Dublin Hackerspace, Fab Lab Dublin, 3D Dave, Maker Faire Dublin agus foireann CCoI. Lena chois sin thacaigh an fhoireann Oideachais agus For-rochtana leis an Seimineár Dirk Vander Kooij agus le Clár FIÚS de chomhoibrithe dearthóirí agus déantóirí ag an gColáiste Náisiúnta Ealaíne & Deartha, Baile Átha Cliath.



*Caint an Choimeádaí le Angela O'Kelly ag UTENSIL, Féile Ealaíon Chill Chainnigh*

**Féile Winterval, mí na Nollag:**
Le haghaidh Fhéile Winterval i gCathair Phort Láirge, d'oibrigh CCoI agus Workhouse Studios ó Choill Mhic Thomáisín as lámh a chéile, iad ag tacú le seachadadh 16 cheardlann a bhí dírithe ar pháistí agus ar dhaoine fásta ag 35 An Meal i gCathair Phort Láirge. Ghlac breis is 200 duine páirt sna ceardlanna seo, a reáchtáladh ar feadh gach ceann de na ceithre dheireadh seachtaine roimh Nollaig 2012.

## Clár Intéirneach agus Oibrithe Deonacha

Ní bheadh sé indéanta clár fairsing gníomhaíochta 2012 a chur i gcrích gan díograis agus gan rannpháirtíocht na n-intéirneach agus na n-oibrithe deonacha a thacaigh leis an bhfoireann Oideachais agus For-rochtana.

Baineadh amach socrúchán intéirneachta naoi mí tríd an Scéim Náisiúnta Intéirneachta JobBridge, agus ba an-mhór an tacaíocht é i bhforbairt agus i méadú chláir oideachais an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta, agus cheadaigh sé chomh maith don intéirneach féin cur go mór lena chuid eolais agus lena chuid taithí sa réimse um oideachas gailearaí.

## Ábhair Acmhainne

D'fhorbair an fhoireann Oideachais agus For-rochtana roinnt acmhainní dála taifeadtaí láithreoireachtaí seimineáir Between Art and Industry: New Models in a Post-Industrial World, a bhí socruithe chun teacht leis an taispeántas. Cuireadh i láthair iad chomh maith mar áis foghlama ar ardáin ghréasáin CCoI mar Blip TV agus mar fhóraim mheáin shóisialta an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta. Bhí an fhoireann Oideachais agus For-rochtana chun tosaigh i bhforbairt áiseanna acmhainne don suíomh gréasáin nua Learn Craft Design, go háirithe 'Primary School Craft Lesson Plans', a bhí deartha ag comhaltaí Phainéal Oideachais na Ceardaíochta chun cabhrú le múinteoirí iniúchadh ar ábhair agus ar theicnící na ceardaíochta sa seomra ranga.

## 6 - CÚRSA SCILEANNA & DEARAIDH CEIRMEACHTA 2012

I mí Iúil 2012 bhain 12 mac léinn céim amach sa Chúrsa Scileanna & Dearaidh Ceirmeachta le Comhairle Cheardaíochta na hÉireann, a bhí lonnaithe i mBaile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh, iad ag cur críche le clár dhá bhliain a thosaigh i mí Mheán Fómhair 2010. Reáchtáladh taispeántas dá gcuid saothar sa dá ghailearaí den Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta i gCill Chainnigh agus léiríodh réimse leathan saothar ardchaighdeáin ann. D'oscail Mary Gallagher, úinéir an Blue Egg Gallery i Loch Garman, an taispeántas. Bhain triúr mac léinn amach gradaim agus ba mhór an díolacháin ón taispeántas.

I mí Feabhra dhear agus rinne na mic léinn píosaí feidhmiúla éagsúla d'earraí boird mar chuid de thaispeántas ceardaíochta mheasctha sa Blue Egg Gallery, Loch Garman. Thug sé seo taithí luachmhar do na mic léinn maidir le praghsáil, le cruthú ráitis is beathaisnéisí ealaíontóra, agus le críochnú oibre laistigh d'amscála an-teoranta. Cuireadh disciplín an taispeántais i bhfeidhm an athuair i mí an Mhárta nuair a reáchtáil na mic léinn taispeántas dá gcuid saothar indibhidiúil féin sa Framewell Gallery i mBaile Mhic Andáin, Co. Chill Chainnigh.



*Taephota Poircealláin* le Vivien O'Malley, Céimí 2012

I mí Mheán Fómhair bhí an cúrsa ina óstach do Chomhdháil Ceirmeachta Idirnáisiúnta a d'eagraigh Ceirmeacht na hÉireann. D'fhreastail thart ar 100 duine ar an gcomhdháil, agus ghlac siad páirt i gclár taispeáintí agus léachtaí a bhí curtha i láthair ag seisear ealaíontóirí idirnáisiúnta mór le rá. D'fheidhmigh na mic léinn ón gcúrsa mar chúntóirí teicniúla do na léachtóirí cuairte.

Cuireadh agallamh ar iarratasóirí do chúrsa 2012 / 2014 i mí an Mheithimh agus an 12 mac léinn ar éirigh leo, thosaigh siad leis an gclár dhá bhliain ar an 24ú Meán Fómhair. Tá an iontógáil nua cláraithe ag Ollscoil na hÉireann Má Nuad, a chreidiúnóidh an cúrsa.

## 7 – CÚRSA SCILEANNA & DEARAIDH ÓRCHEARDAÍOCHTA & SEODRA

Tá an Cúrsa Scileanna & Dearaidh Órcheardaíochta & Seodra, le Comhairle Cheardaíochta na hÉireann, ag leanúint leis ag teagasc cleachtaí traidisiúnta san órcheardaíocht agus sa tseodra agus is é an t-aon chúrsa in Éirinn atá saindírithe ar úsáid a bhaint as miotail lómhara agus as geamchloch ach go háirithe. Déantar nuashonrú de shíor ar churaclam an chúrsa seo d'fhonn is go gcinnteofaí go bhfuil ábhar an chúrsa ag teacht le treochtaí, cleachtais agus caighdeáin reatha an tionscail.

Déanann Comhairle Cheardaíochta na hÉireann infheistíocht i dteicneolaíocht nua agus in uasghrádú trealaimh atá ann cheana féin ionas go mbeadh scileanna na mac léinn oiriúnach do riachtanais reatha earnáil an tseodra, ag cinntiú idirthréimhse rathúil dóibh idir oideachas agus fostaíocht. Tá clú is cáil idirnáisiúnta an Chúrsa Scileanna & Dearaidh Órcheardaíochta & Seodra á choimeád beo aige. Tá céimnithe 2011 fostaithe faoi láthair in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc agus san Astráil.

I mí Iúil 2012, reáchtáil CCoI an chéad chruinniú dá cuid de bhord scrúdaithe an chláir sheodra, a bhí nua-chreidiúnaithe ag Ollscoil na hÉireann Má Nuad. Tugann an chríoch rathúil den chéad bhliain údarás do Chúrsa Scileanna & Dearaidh Órcheardaíochta & Seodra CCoI ar

bonn náisiúnta, ina ról mar áis oiliúna uathúil atá ag freastal ar riachtanais dhíreacha earnáil na seodóireachta.

I mí na Nollag 2012 iarradh ar na hábhair sheodóra trí cinn de raonta seodra a dhearadh don Aonach Náisiúnta Ceardaíochta & Deartha san RDS. Níor mhór dóibh a gcuid saothar a phraghsáil agus a dhíol ar an seastán a bhí acu, darbh ainm Benchmark. Taithí luachmhar ba ea é, ag tabhairt léargais phearsanta do na mic léinn ar na gnéithe tráchtála a bhaineann le gnó na ceardaíochta. Tá na trí raon seodra ar díol faoi láthair ag DesignYard i mBaile Átha Cliath agus i Stiúideo Designworks i gCorcaigh.

Bronnadh Gradam na hOifige Measúnachta ar chéimí 2011 Yvonne Ross ag an Aonach Náisiúnta Ceardaíochta agus Deartha as an mionsamhail taephota a chruthaigh sí. Bhain Angela O'Keefe amach Gradam Dhéantóirí na Todhchaí in 2012 chun a cuid saothar a thaispeáint ag an aonach mór le rá LOOT: MAD About Jewelry ag Músaem na hEalaíona agus Deartha i Nua-Eabhrac.

In 2012, chríochnaigh cúigear mac léinn an ghné phraiticiúil den Dioplóma sa Ghrádú Diamant le Cumann Geameolaíoch na Breataine Móire. Is cáilíocht í seo atá aitheanta ar fud an domhain.

Ag cloí le deachleachtas idirnáisiúnta múinteoireachta san ardoideachas ceardaíochta agus ealaíon, leanann bainisteoir an chúrsa, Eimear Conyard, in éineacht lena cuid freagrachtaí múinteoireachta, ag forbairt léi agus ag cur lena cuid scileanna trí dhéantóireacht saothair ag caighdeán idirnáisiúnta, agus mar thoradh air sin ghlac sí páirt i roinnt taispeántas le linn 2012. Tugadh cuireadh do Eimear a cuid saothair a thaispeáint ag an aonach LOOT: MAD About Jewelry ag Músaem na hEalaíona agus Deartha i Nua-Eabhrac i mí Mheán Fómhair 2012. Roghnaigh an Gailearaí Flow i Londain í, i measc 26 déantóirí deartha ó Éirinn agus ó Shasana, chun a cuid saothar a thaispeáint ag an Taispeántas Ceardaíochta Mhúsaem Ealaíne Philadelphia, áit ar bronnadh uirthi duais don Ealaíontóir Idirnáisúnta Is Fearr. Tá a cuid saothar le feiceáil faoi láthair ag an Snyderman Works Gallery i Philadelphia agus taispeánfar a raon seodra dealbhóireachta ag SOFA Chicago 2013. I mí Dheireadh Fómhair 2012 roghnaíodh a cuid saothair le haghaidh Punann Cheardaíochta na hÉireann: Rogha Chriticiúil 2012 - 2014. Mar theagascóir lánaimseartha tá sé tábhachtach d'fhorbairt Eimear féin mar ealaíontóir agus mar dhéantóir go mbíonn forbairt agus fairsingiú an t-am ar fad ar a cleachtadh féin, rud a spreagann cruthaitheacht agus taiscéalaíocht i measc a cuid daltaí.

## GNÓTHAÍ POIBLÍ & CUMARSÁID

I dteannta le feasacht agus meas ar an earnáil cheardaíochta agus dearaidh in Éirinn a mhéadú, tacaíonn an fhoireann Gnóthaí Poiblí & Cumarsáide le seachadadh clár agus gníomhaíochtaí CCoI ar fud na heagraíochta. I bhfianaise ardú suntasach a bheith tagtha ar spéis agus ar fheasacht tomhaltóirí ar cheardaíocht na hÉireann i rith Bhliain na Ceardaíochta 2011, d'oibrigh an fhoireann i dteannta le cliant-fhiontair CCoI, balleagraíochtaí, comhpháirtithe straitéiseacha agus leis na meáin chun aird a tharraingt agus poiblíocht leanúnach a dhéanamh ar cheardaíocht na hÉireann i rith 2012.

Tá cur síos déanta ar a lán de ghnéithe cumarsáide na dtionscnamh a cuireadh i gcrích mar chuid de na Cláir um Fhorbairt Margaidh, Nuálaíocht & Forbairt; agus na foirne Oideachais, Oiliúna & Forbartha i gcodanna níos luaithe na tuarascála seo. Tá a thuilleadh eolais agus cláir bhreise leagtha amach anseo thíos.

### Comhpháirtíochtaí na Meán & Cothú Caidreamh

Cothaíodh go leor caidreamh a bunaíodh agus a forbraíodh i rith Bhliain na Ceardaíochta 2011 i rith 2012, caidrimh arb é a bhí mar thoradh leo clúdach leanúnach ar cheardaíocht agus ar dhearadh Éireannach i gcaitheamh na bliana. San áireamh sa chlúdach leanúnach seo bhí ailt in irisleabhair thomhaltóirí, nuachtáin náisiúnta agus réigiúnacha, agus raidió agus teilifís, rud a chiallaigh go raibh aird á tarraingt ar cheardaíocht Éireannach i measc an phobail i gcoitinne. D'eascair go leor deiseanna chun clúdach idirnáisiúnta a dhéanamh ar cheardaíocht Éireannach mar thoradh ar chaidreamh a bhunú leis an meáin thar lear.

In 2011 d'oibrigh CCoI i gcomhar le Big Mountain Productions ar an sraith teilifíse sé choda dar teideal Craft Master. Bhí an tsraith úd coimisiúnaithe ag an rannóg cláir stíl bheatha in RTÉ chun ceiliúradh a dhéanamh ar Bhliain na Ceardaíochta 2011 agus fuarthas maoiniú ina leith ó

Údarás Craoltóireachta na hÉireann (BAI). Bhí an oiread sin tóra ar an tsraith gur cinneadh na cláir a chraoladh roinnt uaireanta i rith 2012. Ó tharla go raibh an oireadh sin tóra ag an bpobal ar an seó, go luath in 2012 d'ullmhaigh Big Mountain Productions togra don dara sraith de Craft Master i gcomhar le CCoI agus le tacaíocht ó RTÉ. Mar thoradh ar an togra sin, choimisiúnaigh rannóg Ghnéchláir RTÉ an dara sraith de Craft Master i mBealtaine 2012 agus fuarthas maoiniú ó BAI.

Cuireadh tús le léiriú shraith 2 láithreach baill, sraith a bheidh á cur i láthair ag Sonya Lennon an athuair, ina dtabharfar léargas ar shaothar na ndéantóirí ceardaíochta Éireannacha is fearr a bhfuil gealladh fúthu. Eisíodh gairm ar léiriú spéise ag lorg iarratas ó dhaoine a mbeadh spéis acu a bheith páirteach sa seó mar phrintísigh a raibh bunscileanna acu sna disciplíní ceardaíochta seo a leanas - caoladóireacht, haitéireacht, cniotáil, troscán nó seodra, agus daoine ar mian leo cur lena gcumas trí fhreastal ar ardrang cónaitheach le déantóir den scoth sa disciplín ábhartha. Téann na printísigh amaitéaracha roghnaithe in iomaíocht lena chéile ar an seó chun seastán saor in aisce ag Showcase 2014 a bhuachan. Cuireadh críoch le léiriú shraith 2 in 2012 agus táimid ag súil leis an tsraith a fheiceáil ar RTÉ i bhfómhar 2013.

Ar cheann de na torthaí a bhí le CCoI ag gnóthú an Irish Times mar chomhpháirtí na meán le haghaidh Bhliain na Ceardaíochta 2011 bhí colún seachtainiúil leis an údar agus iriseoir buaite gradam Sylvia Thompson le linn 2011, dar teideal 'Hands On: Traditional Skills and Where to Learn Them'. Mar thoradh ar an bhfreagra a fuarthas ar an gcolún, scríobh Sylvia 'Hands On – The Art of Crafting in Ireland' le tacaíocht ó Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann agus ón gComhairle Oidhreachta. Ceiliúradh atá sa leabhar seo atá breac le léaráidí ar shaibhreas na gceirdeanna atá á gcleachtadh agus á múineadh ar fud na hÉireann. Tá eolas ann maidir le stair 40 ceird eicléictiúil, idir chaoladóireacht agus dheileadh adhmaid, mar aon le faisnéis bheacht faoi na háiteanna a bhfuil na ceirdeanna le feiceáil, a bhfuil le foghlaim uathu agus a bhfuil i gceist leo, acmhainn a rachaidh chun tairbhe tosaitheoirí agus saineolaithe araon. Reáchtáladh seoltaí de chuid 'Hands On - The Art of Crafting in Ireland' i mBaile Átha Cliath agus i gCill Chainnigh in 2012.

I rith 2012 d'fhorbair CCoI caidreamh leis an irisleabhar The Spirit of Ireland agus é mar aidhm ceardaíocht Éireannach a chur faoi bhráid léitheoirí an irisleabhair i Meiriceá Thuaidh agus i gCeanada. Tá an t-irisleabhar The Spirit of Ireland, arb ionann é agus comhoibriú idir Cumann Trádála Ceilteach Mheiriceá Thuaidh (NACTA) agus Devlin Media, irisleabhar atá á dháileadh ar fud SAM agus Cheanada trí líonra siopaí Éireannacha agus asraonta miondíola cáiliúla dála Barnes and Noble. Foilsíodh eagarfhocal inar moladh eispéireas ceardaíochta a chur san áireamh le linn cuairt a thabhairt ar Éirinn, íomhánna de cheardaíocht agus de dhéantóirí ceardaíochta agus fógra **www.giveirishcraft.com** san eagrán den irisleabhar a foilsíodh ag deireadh Aibreán 2012 nuair a bhí The Ireland Show á reáchtáil áit ar scaip Spirit of Ireland an t-irisleabhar i measc na mílte ceannaitheoirí agus úinéirí siopaí ar fud SAM. Rinneadh an rud céanna do cheardaíocht na hÉireann in eagrán Mheán Fómhair 2012 an irisleabhair, ag Seó Trádála an Celtic Marketplace, díreach in am le glacadh le horduithe don Nollaig agus do Lá Fhéile Pádraig.

### Clúdach na Meán Cumarsáide

Lean CCoI le faisnéis agus le híomhánna a scaipeadh ar na meáin i rith 2012 rud a bhí mar bhonn le clúdach leanúnach ar cheardaíocht agus ar dhearadh na hÉireann i rith na bliana. Measadh gur chruthaigh clúdach na meán cumarsáide don bhliain féilire 2012 Luach Comhionann Fógraíochta (AVE) de bheagnach €3.5 milliún do Showcase 2012 agus do chláir, imeachtaí agus gníomhaíochtaí eile CCoI i rith na bliana. Seo thíos cur síos ar chuid de na buaicphointí cumhdaigh i rith 2012:

- Clúdach ar Showcase 2012 lena n-áirítear gné-alt trí leathanach le grianghraif agus le heolas faoi dhéantóirí san Irish Times Magazine ar an Satharn, 14ú Eanáir ina raibh eolas faoi Showcase agus fianaise go raibh Ceardaíocht na hÉireann san fhaisean. Clúdach fairsing ar an teilifís – eagrán de Nationwide ar RTÉ dírithe ar an imeacht agus craoladh gné-mhír maidir le Showcase Fashion 2012 ar Xposé ar TV3. Craoladh mír ar Morning Ireland ar RTÉ Radio 1 'Turning Talents into Business' ar an Luan, 23ú Eanáir.
- Clúdach faoi ghnéithe faisin in irisleabhar Life de chuid an Sunday Independent faoi dhearthóirí faisin

Éireannacha, lena n-áirítear 'Homegrown' ar an 22ú Eanáir agus 'Go Tribal' ar an 19ú Feabhra.
- Gné-alt dhá leathanach i bhForlíonadh Speisialta an Irish Times 'Make, do and sell – in the UK' ar an Déardaoin, 15ú Márta inar tugadh léargas ar an tslí a gcuireann tacaíocht do dhéantóirí freastal ar sheónna trádála sa Bhreatain, TENT ag Féile Dearaidh Londan agus COLLECT i nGailearaí Saatchi mar shampla, le tuiscint agus le meas ar cheardaíocht Éireannach a chothú sa Ríocht Aontaithe.
- Gné-alt san Irish Times Weekend Review faoi phrionta i bhfaisean, gné a léiríodh i dtaispeántas Block Party an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta ar an Satharn, 24ú Márta.
- Clúdach éagsúil ar cheardaíocht Éireannach in asraonta miondíola go háirithe an gné-alt i bhForlíonadh Speisialta an Sunday Independent dar teideal 'Retail Store of the Year' ar an Domhnach, 4ú Samhain.
- Leanadh leis an tsraith Craft Master a chraoladh i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair, sraith a thug léargas ar dhisciplíní éagsúla ceardaíochta.
- Clúdach suntasach ar an bhfeachtas *Give Irish Craft* go háirithe an gné-alt 'Sixty of the best Irish Gifts' in irisleabhar VIP ar an Máirt, 27ú Samhain agus an t-iatán Samhlaithe Deartha agus Déanta a bhí le fáil san Irish Independent ar an Déardaoin, 29ú Samhain.
- Mír ar Xposé ar TV3 faoi dhearadh seodra Éireannach leis an ngeameolaí Natasha Sherling.
- Craoladh gné-mhír a rinneadh chun poiblíocht a dhéanamh ar shaothair cheardaíochta mar Bhronntanais Nollag, mír a ndearnadh scannánú uirthi in Ardmore Pottery & Gallery i gCo. Phort Láirge agus a craoladh ar The Today Show i mí na Nollag.

## Uirlisí Cumarsáide

### Suíomh Gréasáin

Mar chuid den fhorbairt leanúnach atá á déanamh ag CCoI ar a láithreacht ar líne, i mí Lúnasa 2012 foilsíodh eolaire poiblí nuashonraithe de cheardaithe ar **www.ccoi.ie**. Le cois an eolaire a thabhairt cothrom le dáta chun cuma níos comhaimseartha a chur air, bhí comhtháthú an eolaire phoiblí de cheardaithe le Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí (CRM) CCoI i gceist, rud a d'éascaigh nuashonrú agus roinnt gnéithe nua a chur san áireamh, naisc líonraithe shóisialta mar shampla. Glacadh

*Hands On - The Art of Crafting in Ireland* le Sylvia Thompson




go fonnmhar leis an eolaire nua agus tá sé beartaithe cur le feidhmiúlacht an eolaire d'fhonn cur ar chumas cliant cláraithe eagarthóireacht a dhéanamh ar ábhar agus ábhar nuashonraithe a sholáthar trí rogha féinseirbhíse atá le rolladh amach i rith 2013. Cothaíodh suíomh gréasáin **www.craftinireland.com** i rith na bliana mar eolaire iontach d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí ceardaíochta a bhí ar siúl ar fud na tíre don phobal i gcoitinne.

### Líonrú Sóisialta

I rith 2012, lean CCoI le gníomhaíochtaí líonraithe sóisialta leanúnacha na heagraíochta ar Facebook agus Twitter, agus cuireadh le lucht leanúna agus le leantóirí na ceardaíochta Éireannaí. I mí an Mhárta 2012 chláraigh CCoI leis an uirlis clár pionnaí ar líne Pinterest. Uirlis iontach luachmhar atá inti chun íomhánna agus ábhar ceardaíochta a roinnt, uirlis a rachaidh chun tairbhe agus a mbeidh spéis ag ár gcliaint ann chomh maith le baill den phobal a bhfuil spéis acu sa cheardaíocht. Faoi dheireadh na bliana, bhí lucht leanúna méadaitheach ag leathanach Pininterest CCoI **www.pinterest.com/craftinireland.**

## R-Chumarsáid

I rith 2012 lean CCoI le ríomhiris na heagraíochta – CRAFTlink a eisiúint, nuachtlitir idirghníomhach ar líne a seoltar chuig ár gcliaint, baill agus síntiúsóirí eile. I mí Dheireadh Fómhair, bhunaíomar ríomhiris dhémhíosúil Craftinireland.com, d'fhonn poiblíocht a dhéanamh ar imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí ceardaíochta a bhí ar siúl ar fud na tíre agus a bhí dírithe ar an bpobal i gcoitinne agus daoine ar spéis leo cúrsaí ceardaíochta in Éirinn. Leanann an nuachtlitir Craftinireland.com ar aghaidh ó ríomhiris Bhliain na Ceardaíochta 2011. Sholáthair na feithiclí cumarsáide seo modh luachmhar dúinn chun nuacht tionscail a dháileadh agus fógraí a fhaightear ón lucht féachana níos leithne a roinnt le síntiúsóirí na nuachtlitreacha.

## Stóráil agus Comhroinnt Comhad

Gineann líon mór na n-imeachtaí agus na ngníomhaíochtaí ceardaíochta líon mór íomhánna ag CCoI. Feidhm thábhachtach Cumarsáide í an tseirbhís éifeachtach íomháú digiteach atá ar fáil d'fhoireann CCoI agus do pháirtithe seachtracha, go háirithe i ndáil le poiblíocht leanúnach a dhéanamh ar cheardaíocht Éireannach trí na meáin. Cuireadh deireadh leis an bhfeidhmchlár comhroinnte comhad a bhí in úsáid ag CCoI le blianta fada i Meitheamh 2012. Sular tharla sé seo, chuir CCoI cleachtadh a bhí dírithe ar íomhánna a ascnamh chuig cartlann lárnach i gcrích. Ba é an feidhmchlár a cuireadh i bhfeidhm le húsáid amach anseo ná Dropbox, seirbhís éifeachtach agus éasca le húsáid chun íomhánna agus cineálacha eile comhad a roinnt agus tá an fhoireann, comhpháirtithe imeachtaí agus na meáin sásta leis an bhfeidhmchlár nua seo.




Bratach Bhliain na Ceardaíochta 2011




Bratach Bhliain na Ceardaíochta 2011 athchúrsáilte ag Mammuko

### Príomhfhoilseacháin Chorparáideacha

Le cois Thuarascáil Bhliantúil 2011 na heagraíochta, ar cuireadh leagan Béarla agus Gaeilge di ar fáil d'fhonn géilliúlacht le hoibleagáidí CCoI faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chinntiú, chuir CCoI Tuarascáil maidir le Bliain na Ceardaíochta 2011 ar fáil. Tá léargas le fáil sa tuarascáil seo ar an ardleibhéal gníomhaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta a cuireadh i gcrích i rith na bliana agus tarraingítear aird ann chomh maith céanna ar imeachtaí agus ar ghnóthachtálacha suntasacha ón gclár trí chéile. Tugadh cuireadh do gach balleagraíocht CCoI tuairiscí achoimre dá ngníomhaíochtaí i rith 2011 a sholáthar agus tá an fhaisnéis a cuireadh ar fáil dúinn curtha san áireamh sa tuarascáil trí chéile, rud a chinntíonn gur cáipéis thábhachtach chartlainne a bheidh sa tuarascáil sna blianta amach romhainn. Cuimsítear roinnt leagáidí athraitheacha ó Bhliain na Ceardaíochta 2011 sa tuarascáil freisin.

Scéal deas éiceabhách amháin is ea i rith 2012 gur éirigh le Mamukko, fiontar ceardaíochta atá lonnaithe i gCionn tSáile, bratacha Bhliain na Ceardaíochta 2011 a úsáideadh ag taispeáint ar na céanna i mBaile Átha Cliath i rith chuairt Chomhairle Cheardaíochta na Cruinne – an Eoraip ar Éirinn i samhradh 2011, a uaschúrsáil agus a athúsáid. Úsáideadh éadach na mbratach mar líneáil ar roinnt dearthaí málaí agus úsáideadh an rópa a rinneadh a uaschúrsáil ó bhratacha Bhliain na Ceardaíochta 2011 freisin chun taobh an mhála a leasú.

I rith 2012 chuir CCoI tús le hobair ar chuspóirí straitéiseacha na heagraíochta don tréimhse 2013 - 2015. San áireamh sa Phlean Straitéiseach nua a fhorbairt bhí próiseas comhairliúcháin le príomhpháirtithe leasmhara, arb ionann é agus fóram chun deis a thabhairt dóibh cur le treo straitéiseach CCoI sna blianta amach romhainn. San áireamh anseo tugadh cuireadh do gach cliant-fhiontar agus balleagraíocht atá cláraithe le CCoI ionchur a bheith acu sa phlean straitéiseach. D'fhorbair an fhoireann cumarsáide suirbhé gairid ar líne a thug deis do fhreagróirí léargas a thabhairt ar na cláir agus na gníomhaíochtaí a bhí á reáchtáil ag CCoI, na cláir agus na gníomhaíochta ba thábhachtaí agus b'ábhartha dar leo. Chomh maith leis sin, tugadh deis do fhreagróirí moltaí a dhéanamh a d'fhéadfaí a chur san áireamh agus cláir á bpleanáil amach anseo. Bhain an-tairbhe leis an bhfaisnéis a bailíodh tríd an suirbhé ar líne i ndáil le pleanáil clár agus gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh cur le luach do chliaint agus do bhalleagraíochtaí CCoI agus a rachaidh chun tairbhe na hearnála ceardaíochta agus dearaidh trí chéile. Cuireadh an Plean Straitéiseach 2013 – 2015 i gcrích agus faomhadh é mar ullmhú chun seolta dó i mí Eanáir 2013.

### Leabhrán Bronntanas na Nollag um Cheardaíocht na hÉireann

Díreach roimh thréimhse ghnóthach na Nollag gach bliain, seolann Comhairle Cheardaíochta na hÉireann a feachtas bliantúil chun aird tomhaltóirí a tharraingt ar cheardaíocht agus ar dhearadh barántúil Éireannach le linn dóibh a bheith ag ceannach bronntanas, agus leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann lena leithéid i ndáil leis an ngeilleagar a fheabhsú agus cultúr na tíre a chothú trí cheardaíocht Éireannach a thabhairt mar bhronntanas Nollag nó mar bhronntanas ag tráth ar bith den bhliain go deimhin. Mar chuid d'fheachtas 2012, chuir CCoI líon beag fógraí i bhfoilseacháin thábhachtacha, chun aird léitheoirí a tharraingt ar an suíomh gréasáin nuashonraithe **www.giveirishcraft.com**. I dteannta leis na fógraí sin, d'oibrigh CCoI leis an Irish Independent freisin i ndáil le leabhrán bronntanas um cheardaíocht na hÉireann a chur le chéile. San áireamh sa leabhrán 20 leathanach seo bhí raon leathan moltaí do bhronntanais ar phraghsanna éagsúla mar aon le heolas faoi phríomhstocadóirí ceardaíocht Éireannaí ar fud na tíre. Deis a bhí sa leabhrán bronntanas aird a tharraingt ar an obair a cuireadh i gcrích faoin mbranda Samhlaithe, Deartha agus Déanta in Éirinn mar bhronntanas den scoth mar aon le tacú leis an bhfeachtas *Give Irish Craft* trí ábhair thaispeána in ionaid mhiondíola ar fud na tíre. Dáileadh breis is 125,000 cóip leis an Irish Independent ar an Déardaoin, 29ú Samhain, ar lucht léite fairsing ar fud na tíre.

### Taighde um Braistintí Tomhaltóirí

Ag deireadh gach bliain déanann Comhairle Cheardaíochta na hÉireann suirbhé a choimisiúnú chun braistint an phobail ar cheardaíocht na hÉireann a fhiosrú agus chun suim agus feasacht mhéadaitheach i gceardaíocht na hÉireann a thomhas. B'iad Millward Brown Lansdowne a chur an suirbhé i gcrích thar ceann Chomhairle

Cheardaíochta na hÉireann i mí na Nollag 2012, le sampla náisiúnta ionadaíoch de dhaonra na hÉireann. Mar an séú sraith taighde, d'fhéadfaí comparáidí a dhéanamh leis na blianta roimhe seo, chun athruithe ar bhraistintí agus ar fheasacht a thaispeáint. Áirítear achoimre ar phríomhthorthaí an tsuirbhé mar chuid den tuarascáil seo. Bhí CCoI thar a bheith sásta an méadú leanúnach a fheiceáil sa suim atá ag daoine i gceannach agus in úinéireacht earraí ceardaíocht na hÉireann, atá ag an líon ab airde riamh faoi láthair.

Is foinse eolais tábhachtach é an suirbhé bliantúil seo i gcur le treo na gclár agus na ngníomhaíochtaí chun ceardaíocht a chur chun cinn in Éirinn agus i bhforbairt caidreamh le comhpháirtithe, d'fhonn a chinntiú go bhfuil ceardaíocht na hÉireann ar fáil go héasca do thomhaltóirí. Léiríonn na torthaí ó suirbhé 2012 an rathúlacht ag cláir CCoI i gcaitheamh tréimhse an Phlean Straitéisigh 2010 – 2012 i ndáil le fheasacht agus meas ar cheardaíocht na hÉireann a mhéadú agus i ndáil leis an gceardaíocht a chur ar fáil ar bhonn níos éasca do thomhaltóirí trí mhiondíoltóirí na ceardaíochta Éireannaí.

## CLÁIR FORBARTHA AGUS NUÁLAÍOCHTA

Do mhórán de na cliaint atá ag CCoI tá an nuálaíocht agus an dearadh fite fuaite lena gcuid oibre. Baineann daoine eile úsáid as an nuálaíocht ar bhonn níos straitéisí - chun táirgí nua a fhorbairt agus le haghaidh próiseas gnó níos éifeachtúla. Dá bharr sin bhunaigh CCoI foireann agus fócas faoi leith acu ar an gceist seo. Bunaíodh an fhoireann um Chláir Forbartha agus Nuálaíochta in 2012 d'fhonn cur leis an gcumas nuálaíochta agus dearaidh atá ag earnáil na ceardaíochta. Díríonn gníomhartha straitéiseacha ar chothú comhpháirtíochtaí láidre, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, rud a éascaíonn forbairt ar ghrúpaí barr feabhais agus iad ag tabhairt tús-áite do mhalartú, d'fhoghlaim, agus do rochtain ar áiseanna agus ar shaineolas.

Tá Cláir Forbartha agus Nuálaíochta freagrach as forbairt leanúnach na bhfhiontar ceardaíochta trí sholáthar na hoiliúna agus na tacaíochta atá riachtanach d'fhás gnó, do dhearadh táirgí, d'acmhainneacht mhéadaithe ó thaobh easpórtálacha de agus chun smacht a choimeád ar chostais ghnó in Éirinn, le cruthú fostaíochta agus fás tionscail mar thoradh air.

### Cláir Nuálaíochta

Is é FIÚS *[FUSE]* –sraith de thionscadail turgnamhacha d'fonn forbairt a dhéanamh ar an gcumas deartha agus nuálaíochta atá ag earnáil na ceardaíochta. Sa tionscadal tá gnéithe éagsúla a thugann aghaidh ar nuálaíocht táirgí agus ar nuálaíocht próisis agus déanann sé iniúchadh ar an acmhainneacht atá ann teacht ar mhargaí nua.

### FIÚS – Ócáid Nuálaíochta agus Dearaidh, Seachtain an Dearaidh 2012

Cuireadh an ócáid ar bun i gcomhpháirt leis an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha agus le Seachtain an Dearaidh 2012. D'oibrigh sé i gcomhar le 26 ceardaí agus 13 dearthóir. Iarradh ar cheardaithe íomhánna a sholáthar dá gcuid saothar, a bhí le hath-shamhlú, le hath-cheapadh, agus le hath-chumadh ag an bhfoireann dearaidh. Reáchtáladh ceardlann ag an gColáiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha le linn Seachtain an Dearaidh do dhearthóirí agus do cheardaithe chun iad a chur ag obair i bpéirí, d'fhonn plé a dhéanamh ar chur chuige an dearaidh agus ar conas is féidir úsáid a bhaint as próisis tionsclaíocha agus as modhanna traidisiúnta chun ath-shamhlú a dhéanamh ar an saothar deiridh. Reáchtáil dearthóir troscáin idirnáisiúnta Dirk Vander Kooji ceardlann agus seimineár faoi úsáid priontála 3D agus faoi theicneolaíochtaí nua ina chuid oibre, agus faoi na feidhmeanna agus impleachtaí ar féidir a bheith i ndán do phróiseas an dearaidh dá bharr.

Ba é an cuspóir a bhí ag an gcomhoibriú agus ag an gceardlann ná fóram a chur ar fáil d'fhonn malartú smaointe agus líonrú; ionas go dtabharfaí dearcthaí nua; agus chun ullmhú le haghaidh comhoibrithe as seo amach idir réimsí na ceardaíochta, an dearaidh, agus na dteicneolaíochtaí nua. Cuireadh tuilleadh tacaíochta i bhfoirm meantóireachta ar fáil do na foirne a raibh spéis acu forbairt bhreise a dhéanamh ar a gcuid smaointe táirgí.

### FIÚS – Dúshlán an Dearaidh *[FUSE - Design Challenge]*

An cuspóir a bhí ag an gceardlann seo ba ea cur ar chumas grúpaí beaga de dhearthóirí agus de cheardaithe oibriú le chéile chun freagairt a dhéanamh ar choimrí tráchtála. Tugadh cuireadh d'fhoirne ildisciplíneacha tograí deartha agus fréamhshamhlacha a chur isteach ag freagairt ar choimre a bhí leagtha amach ag an mBainisteoir Deartha

Díospóireacht ag Ceardlann FIÚS



agus ceannaí sinsearach troscáin le Heals UK. In imeacht dhá lá chuir na foirne a gcuid táirgí i láthair agus ghlac siad páirt i gceardlann d'fhonn measúnú a dhéanamh ar bhrandáil, ar chostais, ar chórais táirgeachta, agus ar bhealaí miondíolacháin. Tar éis na ceardlainne thug ceithre fhoireann fréamhshamhlacha ar aghaidh tríd an gcóras táirgeachta, le taispeáint ag Showcase 2013.

### Todhchaí na Déantóireachta: Glac Páirt sa Chomhrá

B'ócáid líonraithe chomhoibríoch í seo idir Comhairle Cheardaíochta na hÉireann, Fab Lab Dublin, an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Deartha, MAKESHOP, an Gailearaí Eolaíochta, Dublin Mini Maker Faire agus TOG. Dhírigh an ócáid ar fhorbairt na déantóireachta amach anseo agus chuir sí ardán ar fáil chun naisc nua a dhéanamh.

Chuimsigh Todhchaí na Déantóireachta tráthnóna de chainteanna treoraithe agus de léirithe éagsúla, agus deis díospóireachta a bhí ann idir déantóirí, dearthóirí agus ceardaithe.

### Maoiniú um Thacaíocht Saoráidí

In 2012 cuireadh scéim ar bun chun tacaíocht a thabhairt do shaoráidí ceardaíochta atá ann cheana féin. Tugann an Scéim um Thacaíocht Saoráidí maoiniú do shaoráidí atá lonnaithe i stiúideonna chun seirbhísí, trealamh, comhairle agus spás stiúideo nó gorlann ghnó a chur ar fáil. Anuas ar an maoiniú, cuireann an scéim meantóirí ar fáil ionas go bhforbrófaí pleananna straitéiseacha na n-eagraíochtaí, ionas go gcuirfí ar bhonn neamhspleách iad ó thaobh airgid de, agus ionas go bhfásfaidís as seo amach.

### Dúshláin na Nuálaíochta um Ospidéal an Mater

I mí na Samhna 2012 tháinig Comhairle Cheardaíochta na hÉireann agus MCO Projects thar ceann Fhorbairt Champas Ospidéal an Mater le chéile chun tionscadal a fhorbairt a bhí uathúil, dúshlánach agus nuálaíoch. Is é sprioc an tionscadail ná ath-shamhlú a dhéanamh ar dhearadh na teicstíle i seomraí na n-othar faoi scáth Scéim Chéatadáin don Ealaín ag Ospidéal an Mater *[Mater Hospital Per Cent for Art Scheme]*. Ba é an sprioc a bhí ag dúshlán na nuálaíochta ná foirne idirdhisciplíneacha éagsúla a thabhairt le chéile, cuimsithe as ceardaithe, ealaíontóirí, agus dearthóirí, a rachadh i gcomhairle le proifisiúnaigh shláinte chun iniúchadh a dhéanamh ar eispéireas iomlán an othair san ospidéal, san áireamh bhí éadaí an othair agus conas a théann dearadh na n-eilimintí ábhair i bhfeidhm ar a théarnamh agus ar fholláine trí chéile. Chomh maith leis sin tá sé mar chuspóir ag an tionscadal bealaí ionchasacha nua chun margaidh a oscailt do dhaoine cruthaitheacha atá tiomanta maidir le dul le gairm chruthaitheach i dtáirgeadh agus i ndearadh teicstíle. Níor glacadh le hiarratais don tionscnamh seo tar éis mí Eanáir 2013.

## Painéal Meantóireachta an Dearaidh

### Comhpháirtíochtaí

Tuigeann Comhairle Cheardaíochta na hÉireann an ríthábhacht atá le comhpáirtíochtaí straitéiseacha i gcruthú an líonra agus bonneagar na dtacaíochtaí i ndáil le forbairt thionscal na ceardaíochta in Éirinn. Le linn 2012 rinneadh roinnt comhpháirtíochtaí suntasacha a fhoirmliú agus tá CCoI ag forbairt clár go gníomhach.

### Coimisiún Forbartha an Iarthair

I mí an Mheithimh 2012 shínigh CCoI meabhrán tuisceana le Coimisiún Forbartha an Iarthair *[Western Development Commission]* (WDC). Is é aidhm na comhpháirtíochta obair as lámh a chéile chun na coinníollacha cearta a chruthú chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt na mbraislí fiontraíochta maidir leis an gceardaíocht agus le tionscal na cruthaitheachta atá bainteach léi i Réigiún an Iarthair.*. Tá ionadaíocht ag CCoI ar an bpainéal comhairleach do chlár Creative Edge de chuid WDC, a fuair maoiniú trí Chlár Forimill anTuaiscirt ón AE.

### Cuideachtaí Forbartha Áitiúla

I mí an Mhárta 2012, bhí CCoI, in éineacht le Gréasán Forbartha Áitiúil na hÉireann *[Irish Local Development Network]* (ILDN), ina óstach d'fhóram mar an chéad chéim i bhfiosrúchán ar an deis atá ann do thionscnamh braisle cruthaithí trí shamhail nua chomhpháirtíochta idir ILDN agus Comhairle Cheardaíochta na hÉireann. Cuireadh an coincheap i láthair mar dheis do ILDN agus CCoI, in éineacht le comhpháirtithe eile, éascú a dhéanamh ar fhorbairt fiontair atá 'fréamhaithe' sa phobail trí theagmháil le tionscail na ceardaíochta ar bhonn áitiúil, chomh maith le héascú a dhéanamh ar mhuince de bhraislí cruthaitheacha mórthimpeall na hÉireann – le fócas ar fhorbairt fhiontar na ceardaíochta. Tar éis an fhóraim, bhí cúig chuideachta forbartha áitiúla sásta maoiniú a thabhairt chun taighde a dhéanamh ar fhéidearthacht forbartha na ceardaíochta. Tar éis próisis tairisceana ceapadh Indecon International Economic Consultants agus Willie Miller Urban Design chun tabhairt faoin taighde, le tosú i mí Dheireadh Fómhair 2012. Táthar ag súil le torthaí i lár na bliana 2013.

### Boird Fiontar Contae & Cathrach

I mí na Samhna 2013 tar éis cur i láthair a tugadh do Ghréasán POF um Boird Fiontar Contae agus Cathrach (CCEB) aontaíodh meabhrán tuisceana le CCoI. D'fhonn acmhainní agus tacaíochtaí don earnáil a uasmhéadú tá CCoI agus CCEB ag obair le chéile go gníomhach chun meantóireacht, forbairt ghairmiúil leanúnach agus tacaíochtaí forbartha gnó a chur ar fáil ionas go gcuirfí ar aghaidh fás agus forbairt na ceardaíochta agus ionas go gcuirfí le cruthú fostaíochta, le soláthar bonneagair, le fás eacnamaíoch agus leis an bhfiontraíocht. In 2012 reáchtáladh ceardlanna éagsúla i gcomhpháirtíocht le boird fiontar ar fud na hÉireann.

## Cláir Idirnáisiúnta

### INNOCRAFTS

In 2012 fuair CCoI maoiniú trí mheán Interreg IVC chun páirt a ghlacadh i dtionscadal INNOCRAFTS d'fhonn cur chun cinn a dhéanamh ó thaobh na fiontraíochta agus cruthú gnó de in earnáil na ceardaíochta, idir ealaíonta agus comhaimseartha, trí fheabhas a chur ar éifeachtacht na bpolasaithe forbartha, idir réigiúnach agus áitiúil, trí

** Is é Réigiún an Iarthair (contaetha Dhún na nGall, Liatroma, Shligigh, Ros Comáin, Mhaigh Eo, na Gaillimhe agus an Chláir) limistéar feidhme an WDC.*

chomhroinnt, trí mhalartú taithí agus trí dhea-chleachtais. Tá 15 comhpháirtí ag an tionscadal i 13 tír agus é ag leanúint ar aghaidh go dtí 2014.

### Leonardo Dream II

Mar chuid den chlár Eorpach Leonardo da Vinci, tá an INMA (Institut National des Métiers d'Art – Institiúid Ealaíona agus Ceardaíochta na Fraince) ag eagrú cláir ardranga i gcomhpháirt le Comhairle Cheardaíochta na hÉireann, an tIonad Slóvacach um Tháirgeadh Ealaíne an Phobail *[Slovakian Centre of Folk Art Production]* (ULUV) agus Fundesarte na Spáinne, Fundación Española para la Innovación de la Artesanía – Fondúireacht na Spáinne um Nuálaíocht sa Cheardaíocht [Spanish Foundation for Innovation in Crafts] chomh maith le Gníomhaireacht na Fraince (APCI), um chur chun cinn an chruthúcháin tionsclaíoch.

Tá sé mar sprioc ag an gclár ardranga seo athlonnú a dhéanamh ar na healaíona agus ar cheardaíocht na hEorpa trí iniúchadh ar na naisc atá ann idir oidhreacht agus nuálaíocht i bhforbairt táirgí nua. Is é an uaillmhian atá aige ná treoir a thabhairt don ghlúin nua de chéimithe le ceardaíocht agus le dearadh trí phroifisiúnaigh a thabhairt le chéile ar fud an AE ionas go bhfoghlaimeoidís scileanna nua agus ionas go ndéanfaidís taighde ina bpríomhréimse saineolais ceardaíochta agus dearaidh. Bronnadh tuilleadh maoinithe ar CCoI faoi chlár Leonardo Da Vinci chun páirt a ghlacadh. Beidh an clár, a chuimsíonn ardranganna i gceardaíocht olla, adhmaid agus ceirmeachta, ar siúl in 2013.

### Comhairle Cheardaíochta an Domhain – AE

Tharla Comhthionól Ginearálta de Chomhairle Cheardaíochta an Domhain i Londain i mí an Mheithimh 2012. Chaith an comhthionól ginearálta súil siar ar ghníomhartha a tharla ó 2009 go dtí 2012, roimh bord nua a ainmniú. Toghadh Louise Allen, CCoI (Ceannasaí um Chláir Nuálaíochta agus Forbartha) in éineacht le Rosy Greenlees, Comhairle Cheardaíochta na Ríochta Aontaithe *[Crafts Council UK]* (Stiúrthóir Feidhmiúcháin), Trude Uglestad, Norskekunsthandvereke (Leasuachtarán), Johan Valcke, Dearadh an Fhlóndras *[Design Flanders]* agus Hanne Houlberg, Cumann Ealaíon agus Ceardaíochta na Danmhairge *[Danish Arts and Crafts Association]*. Beidh an Ísiltír ina hóstach don Chomhthionól Ginearálta in 2013.

### JobBridge – An Scéim Náisiúnta Intéirneachta

Rinne CCoI suirbhé intéirneachta ar chliaint incháilithe de chuid CCoI ag an Oileán Cruthaitheach le linn Showcase i mí Eanáir 2012. Thaispeáin an suirbhé go raibh 27 cliant incháilithe don scéim, le 17 díobh a léirigh a gcuid spéise in intéirneach a ghlacadh. Thairg CCoI roinnt cúnaimh dóibh siúd incháilithe tríd an bpróiseas iarratais, d'fhógair sí aon intéirneachtaí a faomhadh sa chás gur éilíodh a leithéid agus rinne sí glao athleanúna chun dul chun cinn an chliaint lena iarratas a sheiceáil. Ansin thairg CCoI tacaíocht leanúnach i gcaitheamh na n-intéirneachtaí.

D'aibhsigh an suirbhé go raibh líon mór de chliaint chláraithe CCoI eisiata ó pháirt a ghlacadh sa scéim JobBridge de bharr méide – ceann de na critéir chaighdeánacha chun cáiliú le haghaidh intéirneachta ná go mbeadh íosmhéid 1 fhostaí lánaimseartha atá fostaithe le haghaidh 30 uair a' chloig sa tseachtain nó níos mó ag eagraíocht. Thug CCoI faoi chainteanna leanúnacha leis an Roinn Coimirce Sóisialaí i ndáil leis an gcritéar úd a chur i leataobh don earnáil cheardaíochta agus rinne sí sraith cur i láthair don rialtas thar ceann na hearnála.

### FORBAIRT FIONTAIR

Oibríonn an fhoireann um Fhorbairt Margaidh agus foireann na gClár Nuálaíochta agus Forbartha i dteannta a chéile ar thionscnaimh forbartha fiontar.

### Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

Oiliúint, Ceardlanna & Comhpháirtíochtaí

Le linn 2012 forbraíodh cláir oiliúna nua agus tionscnaíodh ar bhonn píolótach iad le comhpháirtithe seachadta ar nós Plato, CEBanna, Cuideachtaí Leader, Google agus VAI.

In 2012 sholáthair ceardlanna FGL do cheardaithe príomhscileanna fiontraíochta, gnó agus dearaidh do chliaint chláraithe ceardaíochta agus dearaidh. Tairgeadh ceardlanna i gCorcaigh, i mBaile Átha Cliath, i nDún na

nGall agus i bPort Láirge, le 127 gnó ag glacadh páirte iontu. Tá CCoI tar éis táirgeadh agus dearadh a lua mar chuid lárnach den chlár seo agus tá sí i mbun oibre i gcomhpháirtíocht le CEBanna chun tionscnaimh forbartha gnó a sheachadadh, lena n-áirítear:

- Forbairt táirge d'fhiontair cheardaíochta agus dearaidh
- Costáil agus praghsáil do mhiondíol ceardaíochta agus dearaidh
- Na meáin shóisialta don cheardaíocht agus dearadh
- Fótagrafaíocht éifeachtach do tháirgí ceardaíochta agus dearaidh
- Marsantú agus PR d'fhiontair cheardaíochta
- Ag ullmhú do dheiseanna easpórtála.

### Ciste um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach

Sholáthair Ciste um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) CCoI maoiniú d'os cionn 40 cliant. Ba é €14,455 an méid iomlán a leithdháileadh. Cuirtear an ciste ar fáil trí mheán iarratais do chliaint chláraithe uile CCoI ar mian leo tabhairt faoi oiliúint agus forbairt ghairmiúil leanúnach ina ndisciplín cheardaíochta faoi seach. Glacadh le hiarratas le haghaidh rannpháirtíochta iontu seo a leanas: ceardlanna, gearrchúrsaí oiliúna, ardranganna, comhdhálacha, siompóisiamaí s.rl. nó chun taighde a dhéanamh ar aontaí/imeachtaí trádála.

## An Clár um Fhiontar Ceardaíochta agus Dearaidh a Fhorbairt

### Rathúlacht i mBun Gnó *[Making it in Business]* (2012)

Chomhlíon 13 gnó thar éagsúlacht leathan disciplíní an clár fíor-iomaíoch seo. In 2012 is é cuspóir an chláir uasmhéadú a dhéanamh ar dhíolachán sa mhargadh Miondíola agus Bailitheora trí dhíriú ar Fhorbairt Gnó agus Líonrú Sóisialta mar ardán forbartha agus díolacháin. Díríonn an clár seo ar bhrandáil agus pacáistiú táirgí, na meáin shóisialta, pleanáil margaíochta agus gnó. Tá CCoI ag breathnú ar chreidiúnú agus seachadadh an chláir seo i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile in 2013.



*Teicstíl Scaoil Saor [Set Free]* le Claire Merry, Nature

### An Clár Meantóireachta

Soláthraíonn meantóireacht gnóthaí ceardaíochta le tacaíocht forbartha ghairmiúil shaincheaptha i ndáil le dearadh, táirgeadh, gnó, margaíocht agus brandáil. Soláthraítear é seo trí sheisiúin mheantóireachta duine ar dhuine (bronntar suas le cúig sheisiún) le príomh-mheantóirí dearaidh agus gnó chun cuidiú le hinniúlacht a fhorbairt sa mhargadh Bailitheora agus Miondíola. Le linn 2012 rinne CCoI athbhreithniú ar a cuid próiseas meantóireachta agus chuir sí painéal nua um Meantóireacht Dearaidh ar bun chun díriú ar dhearadh agus ar fhorbairt táirge do chliant-fhiontair. Bhain 35 gnó ceardaíochta leas ar bhonn díreach trí mheán tacaíocht mheantóireachta. I gcaitheamh na bliana 2012 agus níos faide anonn, leagadh príomhbhéim na meantóireachta ar dhearadh, forbairt táirgí, cumas táirgthe, agus barrfheabhsú na meán sóisialta mar uirlis forbartha ceardaíochta.

### Meantóireacht an Oileáin Chruthaithigh de chuid Showcase

Cuimsíonn an tionscnamh nua seo a bunaíodh in 2010, sraith ceardlann agus idirghabhálacha meantóireachta dírithe go sonrach ar chliaint spriocdhírithe comhaontaithe. Bhí an tionscnamh rathúil ag cuidiú le rannpháirtithe an Oileáin Chruthaithigh a gcuid inniúlachta tráchtála trí chéile a chur ar taispeáint ag Showcase 2012. I measc príomhghnéithe an tionscnaimh seo áirítear: Forbairt, Marsantú, Brandáil agus PR táirgí agus Géire Intinne Gnó

### Suíomh Gréasáin nua Fiontraíochta – Ag Cothú Fiontraithe an Lae Amárach *[Nurturing Tomorrow's Entrepreneurs]*

I ráithe deiridh na bliana 2012 chonacthas acmhainn nua ar line á fhorbairt d'fhiontraithe cheardaíochta agus dearaidh – **www.ccoi.ie/enterprise**. Acmhainn ríluachmhar é an suíomh do dhuine ar bith atá ag tosú nó ag méadú fiontair cheardaíochta agus dearaidh. Forbraíodh an suíomh le linn 2012 agus é ceaptha le himeacht beo i mí Eanáir 2013.

## BALLEAGRAÍOCHTAÍ & SEIRBHÍSÍ DO CHLIAINT

Is grúpa tábhachtach iad balleagraíochtaí Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann, idir chomhlachtaí corparáideacha agus GANS (Cuallachtaí, Comhlachais, Gréasáin agus Cumainn), mar is orthu siúd atá seasamh CCoI maidir le gníomhaíochtaí agus le tacaíochtaí ceardaíochta Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann in Éirinn.

### GANS

D'éascaigh CCoI dhá chruinniú GANS i gCill Chainnigh i mí an Mhárta agus i mí Mheán Fómhair 2012. Sholáthair na cruinnithe sin deis do bhalleagraíochtaí dul i dteagmháil lena chéile, dea-chleachtas a roinnt agus dúshláin agus deiseanna i ndáil le cur chun cinn na ceardaíochta Éireannaí a phlé. Chomh maith leis sin is fóram tábhachtach iad na cruinnithe chun eolas, smaointe agus aiseolas a mhalartú.

Tharla an chéad chruinniú GANS ar 23ú Márta ag Butler House, Cill Chainnigh. San áireamh ag an gcruinniú bhí roinnt cur i láthair le: Virginia Teehan, Stiúrthóir Cultúrtha ó UCC ar Chartlannú na Ceardaíochta; Catherine Phibbs, Bainisteoir Cumarsáide CCoI ar Thábhacht na Meán Sóisialta; Angela O'Kelly, Coimeádaí agus Dearthóir Seodra ar Choimeád na Ceardaíochta; agus Ronan Smith ó Padraic Smith & Co Insurance Company. Tugadh na nuashonruithe seo a leanas:

- Tascfhórsa na Ceardaíochta Oidhreachta - Sheila Ahern
- Forbhreathnú ar Fhreagrachtaí na gComhaltaí Boird agus ar an bPróiseas Ainmniúcháin – Tina Byrne
- Féachaint ar DVD arna léiriú ag Crafty Uíbh Fhailí faoina dTionscadal um Bliain na Ceardaíochta 2011 'Continuance'.

Tharla an dara cruinniú GANS ar an 28ú Meán Fómhair 2012 ag Butler House, Cill Chainnigh. San áireamh sa chruinniú bhí roinnt cur i láthair le: Suzanne Maye, Meantóir Ceardaíochta, Comhairleoir Gnó agus Bainisteoir Líonra ag clúdach na Leideanna Is Fearr chun Aontaí Ceardaíochta, Tobshiopaí agus Taispeántais a reáchtáil; cur i láthair le Bainisteoir Oideachais agus Nuálaíochta, Muireann Charleton, agus turas den Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta. Tugadh na nuahsonruithe seo a leanas:

- Aiseolas ar shuirbhé an Phlean Straitéisigh 2013 - 2015
- Cumann um Cheardaíocht Oidhreachta.

**GANS – Glacadh le 4 bhalleagraíocht nua in 2012**

Ionad Deartha Malthouse *[The Malthouse Design Centre]*
Bunfhoinse Chiarraí *[Original Kerry]*
Craftworks Mhaigh Eo *[Craftworks Mayo]*

Déantóirí Lása Traidisiúnta na hÉireann *[Traditional Lace Makers of Ireland]*.

### Taispeántais Cheardaíochta de chuid GANS ag Imeachtaí Poiblí

Bhí ríméad ar CCoI obair lenár gcuid balleagraíochtaí agus taispeáintí ceardaíochta á gcomhordú againn ag roinnt imeachtaí pobail iomráiteacha le linn 2012. Léiríonn taispeáintí flúirse scileanna na gceardaithe atá ag obair agus ina gcónaí in Éirinn. Ba mhór an t-éileamh a bhí orthu i measc an phobail i gcaitheamh na bliana 2012.

### Bloom in the Park, Baile Átha Cliath:

Bhí taispeáintí éascaithe ag Cuallacht Dheileadóirí Adhmaid na hÉireann *[Irish Woodturners Guild]* agus ag Cumann Ghaibhne Dubha Ealaíonta na hÉireann *[Irish Artist Blacksmiths Association]*.

### Aonach Náisiúnta Ceardaíochta & Dearaidh, Baile Átha Cliath:

I measc na dtaispeántóirí a raibh an deis acu a gceird a chur i láthair bhí: Matt Jones (deileadóireacht adhmaid), Adrian Wistrich, Colm de Rís agus Brian McGee (criadóireacht), Beth Moran agus Liz Christy (fíodóireacht).

### Taispeántais GANS

#### Seascapes

Suiteáladh an taispeántas seo, ar seoladh ar dtús é ag Seó Cniotála & Fuála in 2011, ag Gailearaí an Atrium, Teach Nazareth, Sligeach mar thaca ag féile CraftFest an Iarthuaiscirt 2012. Tharraing an taispeántas dea-tuairisc air féin mar cheann de phríomh-thaispeántais na féile.

#### Nature

Ag leanúint ó rath an taispeántais Seascapes in 2011, bhí áthas ar Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann comhordú a dhéanamh ar an tríú taispeántas de theicstílí ag Seó Cniotála & Fuála san RDS, ón 1ú – 4ú Samhain 2012. Ba í Angela O'Kelly a bhí i mbun choimeádaíochta an taispeántais agus é oscailte ag Sylvia Thompson, údar an fhoilseacháin Hands On: The Art of Crafting in Ireland, foilsithe in 2012. Mar chuid de thaispeántas Nature bhí breis is 20 saothar, iad roghnaithe ó 90 iontráil curtha isteach ag balleagraíochtaí CCoI. Thuill an taispeántas dea-cháil dó féin agus taispeánfar é ag ionaid roghnaithe in 2013.

### Clár Cliant

Le linn 2012 mhéadaigh clár CCoI um chliant-fhiontair ó 2,562 go 2,662 agus d'fhás an bhallraíocht chomhlach ó 1,026 go 1,247.

### Scéim Tacaíochta Gréasáin 2012

Lean Scéim Tacaíochta Gréasáin CCoI, a dhéanann maoiniú i bpáirt ar mhargaíocht, taispeántais, agus tionscnaimh oiliúna de chuid na mballeagraíochtaí, le linn 2012 agus leithdháileadh €47,802 san iomlán. Fuartahs 22 iarratas, le maoiniú á fhail acu uile. Tá miondealú ar na balleagraíochtaí a fuair tacaíocht airgeadais in 2012 leagtha amach anseo thíos:

| **Balleagraíocht** | **Leithdháileadh €** |
|---|---|
| Bridge Street Studios *[Bridge Street Studios]* | 1,000 |
| Ceardlann, Spiddal Craft & Design Studios | 1,000 |
| Ceirmeacht na hÉireann *[Ceramics Ireland]* | 2,000 |
| Ceardaíocht an Chláir *[Clare Crafts]* | 2,000 |
| Ealaín & Dearadh Chorcaí *[Cork Art & Design]* (CAD) | 3,500 |
| Grúpa Líonra Theicstílí Chorcaí *[Cork Textiles Network Group]* | 3,000 |
| Gráinseach na Ceardaíochta *[Craft Granary]* | 2,000 |
| Déantóirí Dearthóireachta Dhún na nGall *[Donegal Designer Makers]* | 2,000 |
| Déantóirí Feilte na hÉireann *[Feltmakers Ireland]* | 1,650 |
| Stiúideonna Ealaíontóirí an Stáisiúin Dóiteáin *[Fire Station Artists' Studios]* | 1,800 |
| Cumann Ghaibhne Dubha Ealaíonta na hÉireann *[Irish Artist Blacksmiths Association]* | 2,365 |
| Cuallacht Fhíodóirí, Shníomhaithe agus Ruaimneoirí na hÉireann *[Irish Guild of Weavers, Spinners & Dyers]* | 577 |
| Cumann Obair Phaistí na hÉireann *[Irish Patchwork Society]* | 5,000 |
| Líonra Dearthóirí Craftmark an Lú *[Louth Craftmark Designers Network]* | 1,500 |
| DÉANTA i gCill Chainnigh *[MADE in Kilkenny]* | 1,500 |
| Na Píobairí Uilleann | 4,000 |
| Crafty Uíbh Fhailí *[Offaly Crafty]* | 1,410 |
| Print Block | 2,500 |
| Cumann Chriadóirí Chorcaí *[Society of Cork Potters]* | 1,500 |
| Grúpa Deartha an Túir *[The Design Tower]* | 2,000 |
| Cuallacht Chuilteálaithe na hÉireann | 4,000 |
| Cuallacht Cheardaíochta & Dhearaidh Iarthar Chorcaí *[West Cork Craft & Design Guild]* | 1,500 |
| **IOMLÁN** | **47,802** |

### Tascfhórsa na Ceardaíochta Oidhreachta

D'aontaigh an Chomhairle Oidhreachta agus Comhairle Cheardaíochta na hÉireann go dtabharfaidís €5000 an ceann chun iniúchadh a dhéanamh ar lása na hÉireann, ag féachaint le caomhnú leanúnach na ceardaíochta agus na hoidhreachta traidisiúnta tábhachtach seo. D'eisigh Tascfhórsa na Ceardaíochta Oidhreachta togra in 2012 agus fuarthas 10 n-iarratas ina leith. Bronnadh an togra ar Frances Nevin agus tabharfar faoin obair in 2013.

### Oiliúint don Oiliúnóir

Cuireadh an chéad chúrsa um Oiliúint don Oiliúnóir ar bun i gCill Chainnigh ar an Aoine 16ú Samhain, i gcomhpháirt le Foireann Oideachais CCoI.

Glac 14 rannpháirtí páirt, le comhaltaí ó Bhantracht na Tuaithe, Ceirmeacht na hÉireann, Cuallacht Dheileadóirí Adhmaid na hÉireann agus ó Phainéal Oideachais Cheardaíochta Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann. De bharr éileamh an tionscnaimh seo tá sé i gceist ag CCoI sraith de na cúrsaí seo a reáchtáil in 2013.

### Ciste Thionscnaimh na gContaetha

Cuireadh an ciste seo ar bun chun páirtithe straitéiseacha a chur chun cinn, agus chun cuidiú leo imeachtaí agus gníomhaíochtaí ar fud na tíre a seachadadh, i gcur chun cinn agus i dtacaíocht na fiontraíocht ceardaíochta. Scaipeadh glao ar thograí i measc eagraíochtaí a thug faoi ghníomhaíochtaí comhpháirtíochta rathúla le CCoI le linn Bliain na Ceardaíochta 2011.

Cuireadh 11 iarratas faoi bhráid agus fuair siad go léir maoiniú. €23,000 a bhí sa chiste ina iomláine.

- Bord Fiontar Chorcaí Theas
- Bord Fiontar Cathrach Chorcaí
- Bord Fiontar Iarthar Chorcaí
- Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
- Bord Fiontar Contae Fhine Gall
- Bord Fiontar Contae Chiarraí
- Bord Forbartha Contae Mhaigh Eo
- Comhpháirtíocht LEADER Shligigh
- Bord Fiontar Contae na hIarmhí
- Comhairle Contae Chill Mhantáin
- Visual Carlow – Féile Ealaíon Éigse Cheatharlach



*We All Contain Things, Saothair Phoircealláin le hengeobhanna daite, Méideanna éagsúla* le Derek Wilson



*Faighneoga Ceirmeacha Faoin Spéir* le Scoil Náisiúnta Ransboro, Sligeach, CRAFTed

## CONCLÚID


Mar eagraíocht, tá dul chun cinn suntasach déanta ag CCoI thar téarma an Phlean Straitéisigh 2010-2012 i ndáil lenár ngairmiúlacht agus ár gcumas seachadta, ár bhfócas ar ghnóthachtálacha agus aschuir, agus ár gcuid béime ar a bheith nuálaíoch i gcur chun feidhme ár gclár. Tá go leor deiseanna le tapú go fóill agus roinnt dúshlán eile le haghaidh a thabhairt orthu - ag cur ar chumas CCoI ár bpríomhchuspóirí a chur i gcrích i dtéarmaí rochtain a fháil ar mhargaí idirnáisiúnta agus inniúlacht nuálaíochta a fhorbairt ar fud na hearnála; ag giniúint maoinithe chun an straitéis atá leagtha amach inár gcláir a chur i gcrích agus na pleananna uailmhianacha atá curtha i bhfeidhm a thabhairt chun réadúlachta; agus ag leanúint le níos mó a sholáthar le níos lú acmhainní fad atáthar sa tóir ar shármhaitheas i gcaighdeáin agus luach ar airgead.

Cé bhfuil an timpeallacht eacnamaíoch imithe i bhfeabhas roinnt éigin le míonna beaga anuas tá rudaí deacair go maith go fóill. Is mór an chonstaic é an costas um dhul i mbun gnó le haghaidh go leor dár gcliaint. Mar sin féin, táimid tosaithe ar chuid de na buntáistí a fheiceáil ón bhfócas a bhí againn le trí bliana anuas ar ár gcuid cuspóirí straitéiseacha dírithe ar chion an mhargaigh agus fheasacht faoin earnáil a mhéadú. Ní mór dom féin agus mo chomhghleacaithe leanúint leis an bhfócas seo i gcaitheamh na bliana 2013 agus sinn ag iarraidh fíor-chumas na hearnála beoga seo a chur i gcrích, agus is cinnte go leanfaimid leis.

Fágaimid slán le 2012 le luas faoinár gcosa i dtéarmaí feasachta agus don bhliain 2013 fanfaimid dírithe ar luach inléirithe a chruthú trí leanúint le deiseanna trachtála a fhorbairt chun tabhairt faoi ghnóthaí ceardaíochta a bhunú. Táim ag súil le bheith ag obair lenár gcliaint, lenár mballeagraíochtaí, lenár gcomhaltaí Boird, lenár gcomhpháirtithe agus leis an bhfoireann anseo ag CCoI agus sinn ag tabhairt faoinár straitéis a chur chun feidhme d'fhonn a chinntiú go bhfuil an earnáil cheardaíochta agus dearaidh in Éirinn suite go maith chun leas a bhaint as na deiseanna chun fáis san earnáil de réir mar a thagann siad chun cinn.

Agus sinn ag breathnú chun cinn chuig an iliomad dúshlán atá romhainn amach, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do rannchuidiú thar cuimse na foirne in 2012. Ba mhaith liom fáilte a chur roimh Muireann Charleton, Susan Holland agus Catherine Phibbs atá mar bhreiseanna iontacha don eagraíocht agus ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil le Caroline O'Riordan a d'fhág an fhoireann i rith na bliana 2012.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Bord Stiúrthóirí Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann agus an Cathaoirleach Laura Magahy as a gcuid tacaíochta, tiomantais agus dianoibre le linn 2012. Tá gach duine acu tar éis a gcuid ama a thabhairt go flaithiúil ar leibhéal an bhoird agus trína gcuid rannpháirtíochta ar choistí éagsúla araon. Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas ach go háirithe a ghabháil lenár mballeagraíochtaí agus lenár gcliant-fhiontair as a gcuid tacaíochta dár n-iarrachtaí in 2012 agus táim ag súil lena gcuid rannpháirtíochta leanúnaí inár gcláir uile sna blianta le teacht.



**Karen Hennessy**
*Príomhfheidhmeannach*

*Corium Collection* le Filip Vanas & Yvonne Beale



# ÁR DTIONSCAL

*Emperor Bird* le Forms of Life



# FORBHREATHNÚ AR AN GCEARDAÍOCHT IN ÉIRINN

Tá an Cheardaíocht in Éirinn mar thionscal atá de shíor ag dul chun cinn. I gcaitheamh na gcéadta, bhí ról tábhachtach ag an gceardaíocht i ngeilleagar na hÉireann a leathnú le hábhair cosúil le línéadach, seol éadach, bréidín, lása agus criostal á n-easpórtáil go ceithre hairde na cruinne. Is earnáil dhinimiciúil agus bheoga é tionscal na ceardaíochta comhaimseartha in Éirinn. Tá an tionscal ina phríomhfhostóir agus cuireann sé suntasach le geilleagar na hÉireann.

Léiríonn an tionscal ceardaíochta in Éirinn, mar is fíor i dtíortha eile, raon gnóthaí agus gníomhaíochtaí éagsúla thar speictream leathan rangúcháin tionsclaíocha. Cuimsíonn an cheardaíocht raon leathan disciplíní lena n-áirítear déantúsaíocht teicstíle agus éadach, criadóireacht agus ceirmeacht, gloine, adhmadóireacht agus troscán.

Is iondúil go bhfuil gnóthaí ceardaíochta na hÉireann beag agus iad scaipthe ar bhonn geografach, ach tríd is tríd ar bhonn náisiúnta is suntasach an fostóir é an tionscal. Tá an earnáil comhdhéanta go príomha de mhicrifhiontair (arna sainmhíniú mar fhiontair ina bhfuil níos lú ná 10 fostaithe iontu), atá mar chuid thábhachtach den iliomad geilleagar tuaithe agus áitiúil. I dteanna na micrifhiontar ceardaíochta, tá roinnt fiontar ceardaíochta móra ann freisin agus iad araon ábhartha don mheasúnú ar acmhainn agus ar thionchar eacnamaíoch na hearnála.

De réir na taighde is déanaí de chuid Indecon International Economic Consultants* ar shuntasach an tionscail cheardaíochta in Éirinn, meastar gur ionann an ranníocaíocht don gheilleagar agus €498m. Gineann an earnáil díolachán in-tíre de chuid €373.5m agus easpórtálacha de chuid €124.5m, le hacmhainn suntasach ann chun fáis. Meastar go bhfuil 5,771 duine fostaithe sa tionscal.

Mar phríomhréimse fócais ag Comhairle Cheardaíochta na hÉireann tá an obair le heagraíochtaí comhpháirteacha i ndáil leis an timpeallacht a chruthú d'fhorbiart na dtionscal cruthaitheach, lena n-áirítear an tionscal ceardaíochta. Le comhar tionscail le príomhchomhpháirtithe poiblí agus príobháideacha san oideachas, fiontar, turasóireacht, cultúr agus ar leibhéal an rialtais áitiúil cinnteofar gur féidir leis an earnáil cheardaíochta, lena cumas dúchasach nuáil, i dteannta lena ranníocaíocht do chultúr agus do thurasóireacht na hÉireann, cúnamh a thabhairt le geilleagar na hÉireann a fhás.

| | |
|---|---|
| Fostaíocht san earnáil cheardaíochta | 5,771 |
| Luach aschuir na bhfiontar ceardaíochta | €498M |
| Luach na n-easpórtálacha | €124.5M |
| Luach na ndíolachán in-tíre | €373.5M |

* *Economic Significance and Potential of the Crafts Sector in Ireland, Indecon International economic Consultants, 2010*

*Seodra* le Angela O'Kelly



# SUIRBHÉ UM BRAISTINTÍ TOMHALTÓIRÍ 2012

Mhéadaigh an spéis i gceannach agus in úinéireacht earraí ceardaíochta na hÉireann faoi líon suntasach 14 phointe céatadáin le trí bliana anuas, ag léiriú meas méadaitheach ar cheardaíocht na hÉireann thar téarma Phlean Straitéisigh 2010 - 2012 Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann. Lena chois sin, léiríonn na torthaí ón suirbhé bliantúil um braistintí tomhaltóirí in 2012 an borradh suntasach a thug Bliain na Ceardaíochta 2011 don earnáil cheardaíochta agus dearaidh.

### Cúlra an taighde:

Chuir Millward Brown Lansdowne an taighde i gcrích i bhfoirm suirbhé gutháin i mí na Nollag 2012 thar ceann CCoI. Bhí sé seo ar an séú sraith taighde, agus nuair is ábhartha, léirítear comparáidí le torthaí na suirbhéanna a cuireadh i gcrích idir 2006 agus 2011.

Tá staidéar 2012 agus na staidéir roimhe sin go hiomlán ionadaíoch ar bhonn náisiúnta ar dhaonra na hÉireann (de réir inscne, aoise, grúpa gairme agus réigiúin) agus ceadaítear comparáid chomhghnéithe na dtorthaí. Cuireadh an chúig sraith taighde roimhe seo i gcrích i mí na Nollaf gach bliain freisin, ar aon dul le roinnt gníomhaíochtaí arna n-eagrú ag CCoI roimh Nollaig ar nós an feachtas Give Irish Craft agus cur chun cinn láithreacht na gcliant cláraithe le CCoI ag mór-aontaí ceardaíochta.

Príomhchuspóirí an taighde ba ea tuiscint a fháil ar na nithe seo a leanas:

- Céard iad na táirgí a bhraith an pobal gur táirgí ceardaíochta iad
- Spéis an phobail i ndáil le ceannach agus úinéireacht earraí ceardaíochta na hÉireann
- Braistintí um cheardaíocht na hÉireann
- Iompraíocht cheannaigh
- Bacainní ceannaigh
- Feasacht ar ghníomhaíocht na meán

- Bhí an lamháil earráide ar thorthaí bunaithe ar shampla de 800 ag 95% muiníne i +/-3.5%
- ↑ ↓ Ag léiriú gluaiseachtaí suntasacha ar bhonn staidrimh trí chéile
- Ach amháin sa chás go léirítear a mhalairt léiríonn réiltín figiúir níos lú ná 1%



*An tOileán Cruthaitheach, Showcase*

## PRÍOMHTHORTHAÍ ÓN SUIRBHÉ

### 1 - Céard í ceardaíocht? Braistint ar chatagóirí táirgí

Iarradh ar fhreagróirí smaoineamh faoi earraí ceardaíochta déanta agus deartha in Éirinn – táirgí lámhdhéanta, idir fheidhmiúil agus maisiúil araon – agus na táirgí nó earraí a thagann chun intinne dóibh:

**Catagóirí ar bharr intinne**

Crafts Council of Ireland

(Bonn: Daoine fásta uile 15+, n=800)

| | Tagairtí Spontáineacha % | 2011 (800) % | 2010 (1002) % | 2009 (1000) % | 2008 (1000) % | 2006 (1000) % |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Teicstílí/Earraí Cniotáilte | 41 | **39** | 37 | 27 | 33 | 21 |
| Ceirmeacht/Criadóireacht | 38 | **37** | 38 | 38 | 37 | 49 |
| Adhmadóireacht | 28 | **24** | 13 | 18 | 13 | 14 |
| Gloine | 21 | **18** | 29 | 19 | 29 | 35 |
| Seodra | 17 | **15** | 18 | 14 | 20 | 23 |
| Troscán | 12 | **13** | 8 | 11 | 15 | 8 |
| Coinnle | 11 | **8** | 7 | 9 | 14 | 18 |
| Miotalóireacht | 10 ↑ | **5** | 7 | 5 | 8 | 5 |
| Ciseáin | 7 | **7** | 7 | 9 | 15 | 9 |
| Saothair Ealaíne/ Péinteáil/ Dealbha | 7 | **n/b** | n/b | n/b | n/b | n/b |
| Priontáil | 5 | **4** | 5 | 6 | 5 | 1 |
| Páipéar | 5 | **3** | 3 | 4 | - | 1 |
| Scláta/cloch | 4 | **3** | 4 | 3 | 8 | 6 |
| Bia agus deoch | 4 | **n/b** | - | 2* | n/b | n/b |
| Bréagáin | 3 | **3** | 3 | 4 | 3 | 2 |
| Uirlisí ceoil | 2 | **2** | 3 | 3 | 6 | 2 |
| Gallúnach | 2 | **2** | 2 | 2 | 5 | 2 |
| Leathar | 2 | **1** | 4 | 3 | 4 | 8 |

*Bia amháin

MillwardBrown

- Is iad teicstílí agus ceirmeacht/criadóireacht is mó atá ar bharr intinne i measc tomhaltóirí nuair atáthar ag smaoineamh ar cheardaíocht
- Tá méadú tagtha ar fheasacht ar mhiotalóireacht agus adhmadóireacht
- Tá saothair ealaíne feiceálach freisin in 2012 don chéad uair
- Tá teicstílí/earraí cniotáilte ag a leibhéal is airde tagartha go dtí seo ag 41%
- Níl athrú tagtha ar an gcúig phríomhchatagóir táirgí; mar sin féin, tá méadú suntasach tagtha ar thagairtí i ndáil le miotalóireacht

Ansin léadh amach roinnt earraí agus táirgí d'fhreagróirí. Maidir le gach ceann acu, fiafraíodh den fhreagróir cibé ar mheas siad gur earraí ceardaíochta a bhí ann.

## Tacú noda tháirgí mar tháirgí ceardaíochta

Crafts Council of Ireland

(Bonn: Daoine fásta uile 15+, n=800)


| | Spontáineach % | Iomlán % | 2011 (800) % | 2010 (1002) % | 2009 (1000) % | 2008 (1000) % | 2006 (1000) % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceirmeacht/Criadóireacht | 38 | 95 | **96** | 92 | 93 | 92 | 83 |
| Ciseáin | 7 | 92 | **94** | 87 | 87 | 91 | 55 |
| Teicstílí/Earraí Cniotáilte | 41 | 91 | **94** | 87 | 82 | 83 | 69 |
| Adhmadóireacht | 28 | 90 ↓ | **95** | 83 | 83 | 82 | 59 |
| Seodra | 17 | 89 | **87** | 86 | 83 | 87 | 58 |
| Coinnle | 11 | 85 | **86** | 82 | 81 | 84 | 64 |
| Gloine | 21 | 84 | **83** | 84 | 80 | 85 | 69 |
| Miotalóireacht | 10 | 79 | **82** | 76 | 76 | 75 | 43 |
| Troscán | 12 | 74 | **71** | 69 | 65 | 73 | 32 |
| Scláta/Cloch | 4 | 72 | **75** | 73 | 65 | 70 | 43 |
| Bréagáin | 3 | 68 | **72** | 60 | 53 | 58 | 21 |
| Uirlisí Ceoil | 2 | 65 | **68** | 71 | 62 | 67 | 22 |
| Leathar | 2 | 60 | **63** | 63 | 55 | 64 | 36 |
| Gallúnach | 2 | 58 | **60** | 50 | 48 | 53 | 24 |
| Páipéar | 5 | 43 | **47** | 43 | 39 | 43 | 12 |
| Priontáil | 5 | 42 | **43** | 43 | 42 | 43 | 14 |

MillwardBrown


- Tá tacú noda tháirgí mar tháirgí ceardaíochta fanta ar aon dul a bheag nó a mhór le 2011
- Tá meathlú tagtha ar adhmadóireacht ach tá an rang-ord trí chéile gan athrú

2 - Spéis sa cheardaíocht agus meonta ina leith

Fiafraíodh d'fhreagróirí a fhairsinge spéise a bheadh acu i ndáil le ceannach agus úinéireacht earraí ceardaíochta.




- Tá méadú bliain ar bhliain thar téarma Phlean Straitéisigh 2010 - 2012 CCoI tagtha ar an spéis i gceannach agus in úinéireacht earraí cheardaíochta
- Léiríonn na torthaí rathúlacht thionscnamh Bhliain na Ceardaíochta 2011 i ndáil le feasacht a mhéadú i leith ceardaíocht na hÉireann





- Tá méadú tagtha arís eile ar leibhéil spéise i ndáil le ceannach agus úinéireacht táirgí ceardaíochta ó 2011
- Tá an méadú sin á spreagadh ag mná, iad siúd d'aois 35+ agus sna grúpaí socheacnamaíocha níos airde

Iarradh ar fhreagróirí smaoineamh go ginearálta faoi cheardaíocht agus a léiriú ar scála ó 1 go 5 (5 mar Aontaím go Láidir agus 1 mar Easaontaím go Láidir) a fhairsinge agus a aontaíonn nó a easaontaíonn siad le sraith ráiteas.

## Braistintí um cheardaíocht na hÉireann

Crafts Council of Ireland

(Bonn: Daoine fásta uile 15+, n=800)





**Líon Glan a Aontaíonn**

| 2012 (800) % | 2011 (800) % | 2010 (1002) % | 2009 (1000) % | 2008 (1000) % | 2006 (1000) % |
|---|---|---|---|---|---|
| 82 | 83 | 79 | n/a | n/a | n/a |
| 76 | 77 | 74 | 69 | n/a | n/a |
| 78 | 80 | 76 | 74 | 62 | 54 |
| 71 | 73 | 71 | 66 | 56 | 60 |
| 70 | 71 | 73 | 66 | 56 | 67 |

MillwardBrown

- Leanann earraí ceardaíochta le rátáil ard mar an bronntanas idéalach
- Tá aitheantas i leith barántúlacht a ndéantúis láidir go fóill





| | Líon Glan a Aontaíonn | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2012 (800) % | 2011 (800) % | 2010 (1002) % | 2009 (1000) % | 2008 (1000) % | 2006 (1000) % |
| Tá earraí ceardaíochta tarraingteach dom | 50 | 48 | 47 | 45 | 40 | n/a |
| Sílim go bhfuil luach maith ar Airgead i gceist le hearraí ceardaíochta | 44 | 43 | 42 | 39 | 32 | 40 |
| Is iondúil nach smaoiním faoi earraí ceardaíochta in aon chor | 32 | 33 | 41 | 35 | 40 | 61 |
| Is do dhaoine cosúil liom féin iad earraí ceardaíochta | 31 | 28 | 31 | 34 | 27 | n/a |
| Dar liom níl in earraí ceardaíochta ach cuimhneacháin | 21 | 24 | 33 | 30 | n/a | 30 |

- Tá éileamh agus luach ar airgead seasta
- Ní éilíonn ach aon trian d'fhreagróirí nach smaoiníonn siad faoi cheardaíocht in aon chor
- Tá líon níos lú a éilíonn anois go gceapann siad nach in earraí ceardaíochta "ach cuimhneacháin"
- Is iad mná, an déimeagrafach níos sine agus iad siúd a cheannaigh ceardaíocht na hÉireann is mó a thacaíonn léi
- Is mó go mór na tagairtí dearfacha ná aon tagairtí diúltacha i ndáil le ceardaíocht
- Ag bogadh chun cinn ní mór don earnáil cheardaíochta forbairt ar na nithe dearfacha agus dul i ngleic leis na nithe diúltacha

3 - Ceannach na ceardaíochta – teagmhas, láthair agus constaicí

Fiafraíodh d'fhreagróirí cibé ar cheannaigh nó nár cheannaigh siad earra (nó earraí) ceardaíochta le 12 mhí anuas.





- Tá ceannach na ceardaíochta suas 12% ó 2009, á bhorradh arís ag tionscnamh Bhliain na Ceardaíochta 2011

## Ceannach na ceardaíochta sa 12 mhí roimhe seo

Crafts Council of Ireland

(Bonn: Daoine fásta uile 15+, n=800)




Figiúirí i ( ) = Suirbhé 2011 (n=800)

**D'fhreagair Tá**

| | 2009 (1000) % | 2010 (1002) % | 2011 (800) % | 2012 (800) % |
|---|---|---|---|---|
| **Inscne** | | | | |
| Fireann | 41 | 43 | 53 | 51 |
| Baineann | 57 | 57 | 70 | 70 |
| **Aois** | | | | |
| 15-24 | 40 | 38 | 55 | 48 |
| 25-34 | 47 | 44 | 60 | 57 |
| 35-49 | 53 | 57 | 65 | 66 |
| 50-64 | 55 | 54 | 65 | 66 |
| 65+ | 46 | 55 | 60 | 60 |
| **Aicme Sóisialta** | | | | |
| ABC1 | 56 | 52 | 68 | 60 |
| C2DE | 45 | 49 | 60 | 61 |
| F | 41 | 47 | 42 | 54 |
| **Réigiún** | | | | |
| Baile Átha Cliath | 50 | 51 | 69 | 54 |
| An chuid eile Laighean | 55 | 44 | 62 | 66 |
| An Mhumhain | 40 | 53 | 60 | 62 |
| Conn/Uladh | 52 | 52 | 53 | 59 |

MillwardBrown

- Éilíonn 6 as 10 go bhfuil earra ceardaíochta ceannaithe le 12 mhí anuas, ar aon dul le 2011
- Is níos dóchúla iad mná agus iad siúd d'aois 35 - 64 earra ceardaíochta a cheannach


Iad siúd a cheannaigh earra ceardaíochta le 12 mhí anuas:

Fiafraíodh d'fhreagróirí tuairim a thabhairt ar cé mhéid a chaith siad ar an earra (na hearraí) ceardaíochta ba dheireanaí a cheannaigh siad

## Meánchaiteachas ar cheardaíocht

Crafts Council of Ireland

(Bonn: Daoine uile a cheannaigh earra ceardaíochta le 12 mhí anuas, n=487)




| | 2010 € | 2011 € | 2012 € |
|---|---|---|---|
| **Iomlán** | 95 | 78 | 90 |
| **Cineál táirge** | | | |
| Ceirmeacht/Criadóireacht | 101 | 82 | 97 |
| Coinnle | 45 | 50 | 61 |
| Gloine | 116 | 79 | 149 |
| Seodra | 84 | 108 | 85 |
| Troscán | 122 | 159 | 251 |
| Teicstílí/earraí cniotáilte | 186 | 77 | 76 |
| Saothair ealaíne, péinteáil agus dealbha | 439 | 122 | 124 |
| **Cineál Siopa** | | | |
| Siopa Ilrannach | 92 | 79 | 87 |
| Seastán aonach ceardaíochta | 65 | 54 | 71 |
| Siopa ceardaíochta áitiúil | 97 | 83 | 69 |
| Siopa bronntanas | 92 | 68 | 108 |

(* Tabhair faoi deara: tá caiteachas 1,000 nó os cionn eisiata ó meánchaiteachas na n-asluiteach.)

MillwardBrown

- Tar éis meathlú in 2011, tá téarnamh tagtha ar mheánchaiteachas ar cheardaíocht agus é níos mó ar aon dul anois le leibhéil roimhe seo
- Is iad gloine, troscán agus saothair ealaíne na nithe is mó costais
- Is iondúil d'fhir, dóibh siúd d'aois 35 - 49 agus do lucht ABC1 an méid is mó a chaitheamh

Iad siúd a cheannaigh earra ceardaíochta le 12 mhí anuas:

Fiafraíodh d'fhreagróirí céard iad na hearraí a cheannaigh siad an ócáid sin.

## Na hearraí is coitianta a gceannaítear

Crafts Council of Ireland

(Bonn: Daoine uile a cheannaigh earra ceardaíochta le 12 mhí anuas, n=487)

| | Earraí a ceannaíodh % | 2011 (495) % | 2010 (513) % | 2009 ( 488) % |
|---|---|---|---|---|
| Criadóireacht/potaireacht | 16 | **17** | 21 | 17 |
| Saothair ealaíne, péinteáil, dealbha | 13 | **13** | 10 | 7 |
| Teicstílí/earraí cniotáilte | 13 | **13** | 8 | 6 |
| Seodra | 12 | **14** | 15 | 14 |
| Gloine | 11 | **12** | 11 | 12 |
| Coinnle | 9 | **12** | 10 | 11 |
| Troscán | 6 | **5** | 12 | 9 |
| Adhmadóireacht | 6 | **5** | 6 | 9 |
| Miotalóireacht/cloch | 2 | **6** | 3 | 3 |
| Ciseáin | 2 | **2** | 1 | 3 |
| Bréagáin | 1 | **2** | 2 | 1 |
| Gallúnach | 1 | **1** | 1 | 2 |
| Leathar | 1 | **1** | 1 | n/b |
| Scláta | 1 | **1** | 1 | n/b |
| Cártaí | 1 | **1** | * | n/b |
| Páipéar | 1 | **1** | 1 | n/b |
| Uirlisí Ceoil | 1 | **1** | n/b | n/b |

MillwardBrown

- Tá earraí ceirmeachta/criadóireachta fós ar na hearraí is coitianta a gceannaítear

Iad siúd a cheannaigh earra ceardaíochta le 12 mhí anuas:

Fiafraíodh d'fhreagróirí cén cineál asraon inar cheannaigh siad na hearraí ceardaíochta agus an t-ainm a thabhairt dá bhféadfaí. (Mar shampla, má cheannaigh siad na hearraí i ngailearaí, siopa ilrannach, siopa bronntanas, siopa ceardaíochta áitiúil s.rl. agus ainm ar leith an asraoin a shonrú.)

## Láthair cheannaithe na ceardaíochta

Crafts Council of Ireland

(Bonn: Daoine uile a cheannaigh earra ceardaíochta le 12 mhí anuas, n=487)

| Asraon | % | 2011 (495) % | 2010 (513) % | 2009 (488) % |
|---|---|---|---|---|
| Aonach/seastán ceardaíochta | 18 | 20 | 12 | 18 |
| Siopa ceardaíochta áitiúil | 16 ↓ | 27 | 24 | 22 |
| Siopa bronntanas | 16 | 12 | 22 | 22 |
| Siopa ilrannach | 7 | 6 | 10 | n/b |
| Díreach ón déantúsóir | 5 | 4 | 6 | 4 |
| *Kilkenny Design* | 5 | 5 | 6 | n/b |
| Gailearaí | 3 | 1 | n/b | n/b |
| *Newbridge Silver* | 2 | 2 | 1 | - |
| Idirlíon | 1 | 3 | 1 | - |
| *Carraig Donn* | 1 | 2 | 2 | n/b |
| *Avoca* | * | 3 | 1 | - |
| *Gach siopa eile* | 12 | 12 | 3 | 8 |

MillwardBrown

- Tá meathlú suntasach sa cheannach i siopaí ceardaíochta áitiúla le feiceáil in 2012
- Is beag athrú atá le feiceáil i gcás asraonta ceannacháin eile

Iad siúd a cheannaigh earra ceardaíochta le 12 mhí anuas:


Fiafraíodh d'fhreagróirí ar cheannaigh siad an earra ceardaíochta ba dheireanaí dóibh féin nó mar bhronntanas do dhuine eile.

## Ceannach duit féin nó mar bhronntanas

Crafts Council of Ireland

(Bonn: Daoine uile a cheannaigh earra ceardaíochta le 12 mhí anuas, n=487)

| Níos Airde i Measc | % |
|---|---|
| Ceannach ag aonach ceardaíochta | 47 |
| C2 | 49 |
| Corcaigh | 50 |
| Iad siúd ag ceannach saothar ealaíne | 51 |





| Níos Airde i Measc | % |
|---|---|
| Ceannaithe i siopa bronntanas | 72 |
| Caiteachas idir €51 - €100 | 68 |
| Ag ceannach gloine | 75 |
| Ceannaithe I siopa ilrannach | 66 |

Figiúirí i ( ) = 2011

MillwardBrown

- Is iondúil go gceannaítear earraí ceardaíochta mar bhronntanais, ach tá sciar níos mó á gceannach dóibh féin anois


Iad siúd NÁR cheannaigh earra ceardaíochta le 12 mhí anuas:
Fiafraíodh d'fhreagróirí nár cheannaigh earraí ceardaíochta le 12 mhí anuas aontú nó easaontú, ar scála ó 1 go 5, le sraith ráiteas.




- Tá costas ar an bpríomhbhacainn i ndáil le ceardaíocht a cheannach; mar sin féin bhí meathlú le feiceáil sna bacainní UILE in 2012
- Bacainn níos lú ba ea costas in 2012 i gcomparáid le 2011
- Tá meathlú tagtha freisin ar neamh-bhreithniú ar cheannach ceardaíochta agus é anois ag a phointe is ísle go dtí seo
- Éilíonn níos lú ná duine as ceathrar go bhfuil siad anaithnid i leith cá háit earraí ceardaíochta a cheannach, an figiúir is ísle go dtí seo freisin
- Mar a bhí i gceist le torthaí roimh seo, tá mná níos feasaí i ndáil le costas, ach é níos dóchúla go smaoineodh siad siúd ar earraí ceardaíochta a cheannach ná fir
- Tá níos lú dóchúlachta go mbeadh earraí ceardaíochta ar intinn acu siúd faoi bhun aois 35 bliana

### 4 – Feasacht ar ghníomhaíocht na meán

Fiafraíodh d'fhreagróirí an raibh siad tar éis aon rud a fheiceáil, a chloisteáil nó a léamh faoi cheardaíocht na hÉireann i liosta áiteanna le linn 2012.




- Léiríonn an ardleibhéal feasachta tionchar dearfach na dtionscnamh ar nós "Samhlaithe, Deartha, Déanta in Éirinn" ar ábhair an díolphointe in asraonta miondíola agus ag aontaí ceardaíochta
- Bhí nochtadh suntasach ag an gceardaíocht ar an teilifís trí chláir ar nós an sraith teilifíse sé choda Craft Master a athchraoladh ar RTÉ a hAon le linn 2012 mar aon le cumhdach leanúnach ar Nationwide

## Achoimre angus Conclúidí

- Léiríonn tomhais na feasachta spontáineach den cheardaíochta beagán athruithe sa bharr 5; le hadhmadóireacht agus miotalóireacht ag gnóthú níos mó tagairtí ná mar a bhí i gceist in 2011. Leanann an treocht le feasacht ar bharr intinne i ndáil le ceardaíocht níos airde go ginearálta i measc na mban, le haon difreáil de réir aicmí socheacnamaíocha aoise smachtaithe níos mó in 2012. Nuair a thugtar nod dóibh, tacaíonn an pobal le táirgí uile mar cheardaíocht ar leibhéal éigin agus ba bheag athruithe a tháinig ar bhraistintí le bliain anuas.

- Tá méadú tagtha ar an leibhéal spéise i ndáil le húinéireacht agus ceannach táirgí ceardaíochta blúire éigin in 2012, ag forbairt ar an bhfás láidir a chonacthas in 2011. Tá an spéis seo á spreagadh ag mná agus acu siúd d'aois 35+. I gcodarsnacht le blianta roimhe seo, léiríonn lucht C2DE níos mó spéise anois ná lucht níos flúirsí ABC1. Seans go léiríonn sé seo braistint go bhfuil táirgí ceardaíochta níos inacmhainne.

- Aithníonn ochtar as gach deichniúr an luach a bhaineann le hearra ceardaíochta a thabhairt mar bhronntanas, agus aithníonn os cionn seachtar as gach deichniúr na buntáistí ar nós fiúntas ealaíne, Éireannacht, barántúlacht agus cáilíocht, go háirithe i measc na mban agus iad siúd a cheannaigh earra ceardaíochta le bliain anuas. Léiríonn sé sin tacaíocht láidir d'earraí ceardaíochta na hÉireann agus forbraítear ar bhonn láidir, inchreidte ónar féidir le ceardaíocht na hÉireann leanúint uirthi ag dul i dtreis.

- Tá laghdú tagtha ar an diúltachas i dtreo na ceardaíochta Éireannaí, le fianaise go bhfuil an pobal ag breathnú ar earraí ceardaíochtaí níos mó ná mar a bhíodh roimhe seo, agus ní mar chuimhneacháin amháin.

- Tá líon na gceannachán a n-éilítear seasta go maith i gcomparáid le 2011, le nach mór dhá thrian den phobal ag rá go bhfuil earra ceardaíochta ceannaithe acu le bliain anuas. Is níos dóchúla iad mná, iad siúd d'aois 35-55 agus an lucht ABC1 earra ceardaíochta a cheannach. Tá méadú tagtha ar an meánchaiteachas ar cheardaíocht in 2012, as aisiompú ar ais chuig leibhéil a chonacthas roimhe seo in 2009 agus 2010.

- Tá ceirmeacht/criadóireacht ar an earra is coitianta a cheannaítear, á leanúint ag saothair ealaíne, teicstílí agus seodra. Tá meathlú tagtha ar thóir na siopaí ceardaíochta áitiúla mar phointe ceannaithe, mar sin féin tá siopaí bronntanas beagán níos mó chun cinn anois, cé gur iad aontaí ceardaíochta an pointe ceannaithe is dóchúla trí chéile.

- Meastar, den chuid is mó, gur bronntanais iad earraí ceardaíochta – le dóchúlacht i bhfad níos mó ann go gceannódh an pobal iad do dhaoine eile. Mar sin féin, tá méadú tagtha ar líon na n-earraí ceardaíochta á gceannach ag daoine dóibh féin agus is dearfach an chomhartha í seo a d'fhéadfadh an margadh a mhéadú do cheannach na ceardaíochta.

- I measc neamh-cheannaitheoirí, tá na príomhbhacainní ceannaigh a n-aithníodh roimhe seo (costasacht, neamh-bhreithniú, easpa feasachta i ndáil le pointe ceannaigh) ar fad tar éis meathlú a fheiceáil, rud a thugann le tuiscint go bhfuil an pobal tosaithe ag éirí níos feasaí i ndáil le ceardaíocht.

- Shonraigh 95% díobh siúd a cuireadh faoi agallamh gur chonaic, gur chuala nó gur léigh siad rud éigin faoi cheardaíocht na hÉireann le bliain anuas, le 73% acu ag tabhairt rud éigin faoi deara in asraonta miondíola. Tugadh ceardaíocht na hÉireann faoi deara sna meáin, le nuachtáin/irisleabhair, cláir teilifíse agus fógraíocht teilifíse ar na modhanna ba mhó á gcur chun cinn. Tá cumas níos suntasaí ar go leor foinsí eile fógraíochta (bróisiúir, idirlíon, taispeántais ealaíne s.rl.) in 2012, agus d'fhéadfadh go mbeadh sé seo mar thoradh ar feasacht agus leibhéil gníomhaíochta méadaithe ar eascairt ó thionscnamh Bhliain na Ceardaíochta 2011.

- Tríd is tríd, tá scéal na bliana 2012 dearfach go maith do cheardaíocht na hÉireann, le leibhéil feasachta níos airde agus rannpháirtíocht dearfach ag léiriú oscailteacht do chumarsáid na todhchaí, le hacmhainn le haghaidh breis fáis.

# ÁR nGNÓ

*Scairf Dhuilleach* le Fabulous Felt



# STAIR CHOMHAIRLE CHEARDAÍOCHTA NA hÉIREANN

Is í Comhairle Cheardaíochta na hÉireann an eagraíocht náisiúnta dearaidh agus forbartha geilleagraí do thionscal na ceardaíochta in Éirinn. Tá a cuid gníomhaíochtaí á maoiniú ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta trí mheán Fiontraíocht Éireann. Is eagraíocht bunaithe ar bhallraíocht í a oibríonn le cliaint atá cláraithe mar fhiontair nó comhpháirtithe ceardaíochta.

Bunaíodh Comhairle Cheardaíochta na hÉireann i 1971 tar éis cuairt ón gComhairle Cheardaíochta Domhanda (WCC) an bhliain roimhe sin. B'iad Cumann Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann, an Dr. Muriel Gahan, Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) agus Blanaid Reddin i measc go leor eile a d'eagraigh Comhthionól Ginearálta an WCC chun na hÉireann. Imeacht ba ea é a spreag mórán daoine agus is dá bharr a bunaíodh Comhairle Cheardaíochta na hÉireann mar chomhlacht deonach faoi chathaoirleacht Frank Sutton, le coiste oifigeach oinigh. Sholáthair an RDS áiseanna agus d'íoc sé as costais rúnaíochta uile. B'iad comhaltaí a chruinnigh suibscríbhinní.

I 1976 rinneadh cuideachta theoranta den CCoI. Fuarthas maoiniú ón Aire Tionscail agus Tráchtála, Justin Keating agus ón Údarás Forbartha Tionscail agus d'fhostaigh sí beirt ag Teach Thomas Prior, Droichead na Dothra. Bhí sé mar shainchúram dá cuid obair i dtreo feabhsú na gcaighdeán sa cheardaíocht agus leasa na gceardaithe agus chun gníomhú mar chomhairleoirí don Rialtas i ndáil le hábhair cheardaíochta. I 1977, thosaigh Showcase mar an tAonach Trádála Ceardaíochta Náisiúnta le 34 taispeántóir i láthair ann.

Ó 1973 go 1983, toghadh Coiste Bainistíochta de chúigear déag trí mheán ballóide ag Cruinniú Cinn Bhliana an CCoI d'fhonn beartas a cheapadh agus maoirseacht a dhéanamh ar a chur chun feidhme ag an Rúnaíocht. I 1983, áfach, leasaíodh na hAirteagail Chomhlachais le go gceadófaí don Aire Tionscail agus Tráchtála cúigear comhaltaí de chuid an Choiste Bainistíochta a ainmniú, leis an deichniúr gcomhaltaí eile á dtoghadh go fóill ag balleagraíochtaí an CCoI. Reáchtáladh toghcháin ar bhonn bliantúil, leis an triúr comhaltaí tofa is faide seirbhíse ag dul ar scor de réir uainíochta. Bhí ceapacháin aireachta bailí ar feadh tréimhse trí bliana.

I 1986, d'eascair an CC i Lárionad Thí Cathrach Chúirt an Phaoraigh i lár cathrach Bhaile Átha Cliath ina bhunáit do riarachán lárnach Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann, mar aon le gailearaí taispeántais mór agus siopa miondíola. Is iomaí taispeántas roghnaithe agus téamach a d'óstáil an láthair úd, ag cur saothar na hÉireann agus na coigríche i láthair. Bogadh oiliúint scileanna agus gnó Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann, a tionscnaíodh i gCill Uird, Co. Chorcaí i 1981, chuig iar-láthair de chuid Ceardlanna Dearthóireachta Chill Chainnigh i gClós an Chaisleáin, Cill Chainnigh i 1989.

I 1997 tháinig deireadh le gníomhaíocht mhiondíola agus cuireadh gníomhaíochtaí gailearaí laghdaithe i bhfeidhm ón DesignYard i mBarra an Teampaill ar feadh thart ar bliana. Aistríodh an ghníomhaíocht riaracháin uile go buan chuig Cill Chainnigh.

Nuair a d'oscail an Gailearaí Náisiúnta Ceardaíochta in 2000 ba chomhartha é de ré nua do Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann, ag soláthar spáis taispeántais nua agus buan don cheardaíocht in Éirinn.

In 2010 leasaíodh na hAirteagail Chomhlachais le go laghdófaí méid an Bhoird Bhainistíochta ó chúigear déag go dáréag Stiúrthóir (ceathrar ceapachán aireachta agus ochtar ionadaithe tofa de chuid na mballeagraíochtaí) agus chun teorainn a chur leis an tréimshe ama ar féidir le haon Stiúrthóir Boird fónamh chuig uasmhéid dhá thréimhse trí bliana an ceann.

I gcaitheamh na mblianta, tá aidhmeanna agus cuspóirí Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann tar éis éabhlóidiú agus fás chun freastal ar riachtanais an tionscail agus chun a cuid fáis agus forbartha a chinntiú. Seoladh an ceathrú Plean Straitéiseach 2010 – 2012 de chuid an CCoI in 2010. Príomhthionscnamh sa phlean sin ba ea ainmniú na bliana 2011 mar Bhliain na Ceardaíochta le ceiliúradh a dhéanamh ar thallanna suntasacha na gceardaithe ag cónaí agus ag obair ar fud oileáin na hÉireann d'fhonn an earnáil a chothú agus a fhás. I gcomhar le Ceardaíocht Thuaisceart Éireann agus líonra de chomhpháirtithe straitéiseacha, sheachaid an CCoI clár spreagúil imeachtaí ceardaíochta i gcaitheamh na bliana 2011, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

# PRÍOMHSTAITISTICÍ NA GCLIANT

Miondealú um chlár na bhfiontar ceardaíochta de réir contae amhail ag 31ú Nollaig 2012. Soláthraíonn clárú rochtain ar sheirbhísí, ar chláir agus ar ghníomhaíochtaí uile CCoI.

## CLÁR DE RÉIR CONTAE

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 501 |
| Corcaigh | 311 |
| Gaillimh | 145 |
| Cill Mhantáin | 120 |
| Cill Chainnigh | 116 |
| Ciarraí | 104 |
| Maigh Eo | 92 |
| Port Láirge | 88 |
| Loch Garman | 94 |
| Cill Dara | 90 |
| An Clár | 78 |
| Dún na nGall | 82 |
| Lú | 62 |
| An Mhí | 61 |
| Tiobraid Árann | 63 |
| An Iarmhí | 48 |
| Luimneach | 51 |
| Sligeach | 53 |
| Laois | 44 |
| Uíbh Fhailí | 37 |
| Ceatharlach | 40 |
| Liatroim | 40 |
| Muineachán | 28 |
| An Cabhán | 21 |
| Ros Comáin | 17 |
| An Longfort | 13 |
| **IOMLÁN** | **2,399** |
| **Tuaisceart Éireann** | |
| An Dún | 87 |
| Aontroim | 60 |
| Tír Eoghain | 33 |
| Doire | 18 |
| Fear Manach | 16 |
| Ard Mhacha | 9 |
| **IOMLÁN** | **223** |
| **Idirnáisiúnta** | **40** |
| **FORIOMLÁN** | **2,662** |




*Tá glantachán sonraí i ndáil le clár na gcliant-fhiontar ar bun faoi láthair, lena n-áirítear scriosadh na gcliant nach bhfuil gníomhach níos mó.*

## BALLRAÍOCHT CHOMHLACH

| | |
|---|---|
| Mic Léinn | 651 |
| Lucht Caitheamh Aimsire | 433 |
| Léachtóirí na Ceardaíochta | 86 |
| Scortha/Neamhghníomhach go Sealadach | 40 |
| Fostaithe na gCeardaithe Cláraithe | 25 |
| Comhpháirtithe | 12 |
| **IOMLÁN** | **1,247** |

## CLÁR DE RÉIR DISCIPLÍN

| | |
|---|---|
| Déantúsaíocht Teicstílí | 611 |
| Criadóireacht | 441 |
| Seodra | 429 |
| Adhmadóireacht | 243 |
| Déantúsaíocht Ghloine | 188 |
| Déantúsaíocht Troscáin | 183 |
| Miotalóireacht lena n-áirítear ceird an Ghabha Dhuibh | 102 |
| Obair Chloiche | 60 |
| Tógáil Meán Measctha | 61 |
| Obair Pháipéir | 82 |
| Caoladóireacht | 41 |
| Déantúsaíocht Choinnle | 35 |
| Priontáil | 30 |
| Déantúsaíocht Uirlisí Ceoil | 27 |
| Ceardaíocht Leathair | 28 |
| Déantúsaíocht Bhréagán | 19 |
| Gaibhneacht Gheal/Tollghréithe | 15 |
| Gallúnadóireacht | 18 |
| Déantúsaíocht Leabhar/Leabharcheangal | 8 |
| Déantúsaíocht pháipéir | 8 |
| Litreoireacht | 11 |
| Svíomh | 6 |
| Eile – Obair Shlinne/Mósáic/Tuíodóireacht/Péinteáil Freascó/Uaireolaíocht/Ceangal Cuileoga | 16 |
| **IOMLÁN** | **2,662** |

# SRACFHÉACHAINT AR CHLÁIR & TACAÍOCHTAÍ NA gCLIANT 2012

## Fiontair Cheardaíochta a Fhorbairt

- Showcase – Taispeántas Cruthaitheach na hÉireann
- An tOileán Cruthaitheach ag Showcase
- Feachtas agus suíomh gréasáin Give Irish Craft
- Ábhair díolphointe ar an láthair
- Ciste Aonaigh Idirnáisiúnta
- Aonach Seodra Inhorgenta 2012, München
- Féile Dearaidh Londan
- Taispeántais tomhaltóra: Bloom agus an tAonach Náisiúnta Ceardaíochta & Dearaidh
- Clár Phunann Cheardaíochta na hÉireann
- COLLECT: An tAonach Ealaíne Idirnáisiúnta d'Ábhair Chomhaimseartha, Gailearaí Saatchi, Londain
- Taispeántas Ceardaíochta Mhúsaem Ealaíne Philadelphia, SAM
- Taispeántas i bhFoirgneamh Justus Lipsius, an Bhruiséil
- Tacaíochtaí na nAsraon Ceardaíochta Réigiúnaí
- Ceannacháin an Bhailiúcháin Náisiúnta, i gcomhar le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus an Roinn Gnóthaí Eachtracha
- Forbairt Táirgí agus Gnó – Oiliúint, Ceardlanna, Seimineáir, Meantóireacht & Tacaíocht
- Clár dhá bhliana um Fhorbairt Fiontraíochta Ceardaíochta – Rathúlacht i mBun Gnó
- Cúnamh le tionscadail Oideachais & For-rochtana CCoI

## Faisnéis & Taighde Tionscail

- Staitisticí Tionscail – Taighde Tomhaltóra & Miondíoltóra
- Seimineáir Tionscail & Treochta
- Acmhainn Faisnéise Ar-Líne: suímh ghréasáin CCoI: **www.ccoi.ie, www.craftinireland.com, www.irishcraftportfolio.ie, www.giveirishcraft.com, www.futuremakers.ie, www.learncraftdesign.com, www.showcaseireland.com, www.ccoi.ie/enterprise, www.nationalcraftgallery.ie**
- Foilseacháin 2012: *An tOileán Cruthaitheach 2012 [Creative Island 2012], catalóga taispeántais an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta, Tuarascáil um Bhliain na Ceardaíochta 2011 [Year of Craft 2011 Report], Annual Report 2011 (English and Irish), Cód Cleachtais CCoI um Rannpháirtíocht Phoiblí i gComhthéacsanna Oideachais [CCoI Code of Practice for Public Engagement in Educational Contexts], Tuarascáil Mheasúnaithe CRAFTed 2012 [CRAFTed 2012 Evaluation Report],*
- Ríomhiris CRAFTlink

## Oideachas

- CRAFTed: Clár um Fhoghlaim Scileanna Saoil do Bhunscoileanna
- Clár Dhéantóirí na Todhchaí & 3ú leibhéal
- Clár Cainteanna
- Sraith Léachtaí Ardranga i gcomhpháirtíocht le Criadóireacht Éireann san Oideachas (ICE)
- Clár Oideachais & For-rochtana
- Criadóireacht & Seodra – Oiliúint Dearaidh agus Scileanna, Cill Chainnigh

## Gradaim & Cúnamh

- Sparánacht Cheardaíochta na hÉireann
- Gradaim & Deontais Dhéantóirí na Todhchaí
- Tionscnamh na gContaetha 2012
- Ceardlanna agus Scéim Tacaíochta Gréasáin 2012
- Comórtas Ceardaíochta Náisiúnta an RDS arna thacú ag Comhairle Cheardaíochta na hÉireann
- Gradaim Showcase
- Ciste um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach 2012

## Nuálaíocht

- Dúshlán Dearaidh
- FIÚS – Seachtain Dearaidh 2012
- Maoiniú Saoráidí
- Clár Soghluaisteachta Leonardo an AE

## Gailearaí Náisiúnta Ceardaíochta, Clós an Chaisleáin, Cill Chainnigh

- Clár Taispeántas an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta
- Clár Camchuairt an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta
- Clár & Ciste na dTaispeántas Seachtrach
- Clár For-rochtana an Ghailearaí

# PRÍOMHSTAITISTICÍ CLÁIR 2012

Liostaítear anseo thíos roinnt faisnéise achomair orthu siúd a ghlac páirt i gcláir CCoI le linn 2012. Tá sé seo ann chun críocha táscacha agus níl sé ceaptha mar liosta cuimsitheach.

## RÉIMSE AN CHLÁIR

**Miondíola**

| | |
|---|---|
| Cliaint cheardaíochta ag Showcase | 182 |
| Cliaint an Oileáin Chruthaitheach *[Creative Island]* | 85 |
| Feachtais tomhaltóra seachadta | 1 |
| Déantóirí tacaithe trí mheán na bhfeachtas tomhaltóra | 305 |

**Díol Díreach**

| | |
|---|---|
| Imeachtaí Móra um Dhíol Díreach do Dhéantóirí | 2 |

**Turasóireacht**

| | |
|---|---|
| Líon na stiúideonna iniúchta do thionscnamh nua rian ceardaíochta náisiúnta | 135 |

**Gailearaí agus Taispeántais**

| | |
|---|---|
| Déantóirí páirteach sa Chlár Gailearaí & Taispeántais | 99 |
| Taispeántais Seachtracha tacaithe | 5 |

**Forbairt Fiontraíochta**

| | |
|---|---|
| Cliaint ag fáil meantóireachta ó CCoI | 35 |
| Rannpháirtithe sa Chlár um Fhorbairt Fiontraíochta Ceardaíochta – Rathúlacht i mBun Gnó | 13 |
| Déantóirí ar bronnadh cistí orthu trí mheán an Chiste FGL | 40 |
| Rannpháirtíocht chliaint i gceardlanna | 104 |
| Rannpháirtithe an Oileáin Chruthaitheach *[Creative Island]* a fuair meantóireacht speisialta | 39 |

**Maoiniú Gréasáin**

| | |
|---|---|
| Eagraíochtaí ballraíochta tacaithe le maoiniú gréasáin | 22 |

**Tionscnamh na gContaetha**

| | |
|---|---|
| Rannpháirtíocht chontaetha i dTionscnamh na gContaetha 2012 | 11 |

**Dúshlán Dearaidh**

| | |
|---|---|
| Rannpháirtithe páirteach i bhforbairt fréamhshamhlacha um an Dúshlán Dearaidh | 13 |

**FIÚS**

| | |
|---|---|
| Rannpháirtithe ceardaíochta | 26 |
| Imeachtaí sa Ghailearaí Eolaíochta | 60 |
| Caint Dirk Vander Kooji, NCAD | 110 |

**Maoiniú Saoráidí**

| | |
|---|---|
| Soláthar tacaíochta maoinithe agus meantóireachta do shaoráidí eiseacha stiúideo-bhunaithe | 4 |

# NUASHONRÚ AR AN BPLEAN STRAITÉISEACH 2010 – 2012

I bPlean Straitéiseach 2010 – 2012 Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann leagadh amach clár gníomhaíochta uaillmhianach agus dúshlánach, go háirithe i bhfianaise na timpealachta geilleagraí ag tráth seolta an phlean. Bhí fíorthábhacht le hoibriú i gcomhar le comhpháirtithe eiseacha agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le heagraíochtaí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile ar fud na hÉireann chun na spriocanna atá sonraithe sa phlean a bhaint amach.

Seo a leanas léargas ar phríomhthorthaí i gcaitheamh théarma an Phlean Straitéisigh. Rinneadh na gníomhaíochtaí ar fad ar fud na heagraíochta a phleanáil agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir le cuspóirí an Phlean Straitéisigh. Dá réir sin, rinneadh gach togra agus gach deis a tháinig chun cinn a mheas ar bhonn an cháis aonair agus bogadh chun cinn sa chás gur léiríodh go gcabhródh tionscadal le seachadadh spriocanna straitéiseacha an CCoI agus ar an gcoinníoll go bhféadfaí é a chur i bhfeidhm trí chláir eiseacha.

Is ar fhorbairt agus ar fhás an tionscail cheardaíochta in Éirinn ach go háirithe a bhí an Plean Straitéiseach 2010 – 2012 dírithe. Aithníodh ceithre phríomhchuspóir straitéiseach, le réimsí fócais dá gcuid féin luaite le gach ceann acu. Forbraíodh plean oibríochta i gcomhar leis an bPlean Straitéiseach ar mhaithe le gníomhaíochtaí gach foirne a leagan amach. I gcroílár na ngníomhaíochtaí uile ar fud na heagraíochta bhí clár Bhliain na Ceardaíochta 2011.

Seo a leanas ceithre phríomhchuspóir straitéiseach an Phlean Straitéisigh 2010 - 2012:

- An margadh a Fhorbairt do Cheardaíocht na hÉireann
- Glúin Nua na gCeardaithe a Fhorbairt
- Feasacht a Ardú i leith Ceardaíocht na hÉireann
- Na Balleagraíochtaí a Neartú

## Téama 1:
## AN MARGADH A FHORBAIRT DO CHEARDAÍOCHT NA HÉIREANN

Tá Comhairle Cheardaíochta na hÉireann tiomanta do dheiseanna margaidh a fhorbairt do cheardaíocht na hÉireann, trí dhá chineál gníomhaíochta: Bealaí Margaidh a Fhorbairt agus Fiontair Cheardaíochta a Fhorbairt. Seo a leanaí na príomhaidhmeanna a bhí mar chuid den téama seo don tréimhse 2010 – 2012:

### 1a: Na Bealaí Margaidh a Fhorbairt

- Cur leis na deiseanna margaidh atá ann do cheardaíocht na hÉireann
- Cur leis na deiseanna um dhíol díreach do cheardaíocht na hÉireann
- An margadh turasóireachta a fhorbairt chun tairbhe cheardaíocht na hÉireann
- Áiseanna tráchtála gailearaí agus taispeántais a fhorbairt do cheardaíocht na hÉireann

### 1b: Fiontair Cheardaíochta a Fhorbairt

- Raon tacaíochtaí a sheachadadh d'fhiontair cheardaíochta trí sheirbhís chuimsitheach mheantóireachta CCoI
- Oiliúint scileanna a sheachadadh ag freastal ar sainriachtanais an tionscail
- Faisnéis tacaíochta gnó a chruthú d'fhiontair cheardaíochta agus do bhalleagraíochtaí CCoI
- Caidreamh a fhorbairt le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhonn cur le hoiliúint agus le forbairt ar cheardaíocht na hÉireann
- Deiseanna ceardaithe a oiliúint mar mhúinteoirí a aithint agus a chur i bhfeidhm

### ASCHUIR:

I mí na Samhna 2010 rolladh amach an feachtas tomhaltóra íocónach nua Samhlaithe, Deartha, Déanta in Éirinn [Imagined Designed Made in Ireland]. Leithdháileadh ábhair dhíolphointe ar 56 asraon in Éirinn agus ar 20 asraon go hidirnáisiúnta, agus beartaíodh agus comhaontaíodh taispeántais fuinneoige agus ar an láthair leis na miondíoltóirí seo d'fhonn ardú próifíle agus seasaimh sna hasraonta úd a thabhairt do cheardaíocht déanta in Éirinn. Tá an feachtas leanta ar aghaidh ag fás, le hos cionn 130 araon ag glacadh páirte faoi dheireadh na bliana 2012, agus i dteannta leis an bhfeachtas bhí oiliúint d'fhoirne díolacháin in 2012 chun tuiscint ar na táirgí ceardaíochta á ndíol a mhéadú. I rith Bliain na Ceardaíochta 2011 sheol agus thacaigh CCoI le ceithre fheachtas láidir margaíochta tomhaltóra chun cur le tuiscint ar dhisciplíní, feasacht ar bhrandaí déantóirí aonair agus díolachán ar fud na hearnála trí chéile. Tacaíodh leis na feachtais seo trí leathnú

an suímh ghréasáin **www.giveirishcraft.com**. Le cois ár gcuid nasc le miondíoltóirí mór le rá a threisiú, spreag CCoI tionscnaimh miondíoltóireachta nuálaíocha trí sheoladh an chláir Ceardaíocht Choimeádta [Curated Craft] mar chuid de Bhliain na Ceardaíochta 2011.

Chuir CCoI pleananna i bhfeidhm chun cainéil easpórtála a fhorbairt do cheardaíocht na hÉireann le linn téarma an Phlean Straitéisigh. In 2011 thacaigh CCoI le Togha an Dearaidh Éireannaigh freastal ar TENT 2011 mar chuid de Sheachtain Dearaidh Londan agus in 2012 seoladh an chéad taispeántas de chuid CCoI ag Féile Dearaidh Londan dar teideal *'A Place to Gather'.* Thaispeáin an taispeántas seo saothair ó breis is 30 déantóir i spás coimeádta in Shoreditch, ag tabhairt éachtaint chruthaitheach ar Éire chomhaimseartha. In 2012 d'óstáil CCoI pailliún Éireannach freisin ag taispeáint saothair de chuid 10 ndéantóirí só-sheodra comhaimseartha Éireannaigh ag Inhorgenta, an seó trádála idirnáisiúnta a reáchtáiltear i München i mí Feabhra gach bliain, agus cuireadh pleananna i bhfeidhm chun freastal ann arís in 2013.

Athsheoladh Showcase Ireland in 2010 mar Taispeántas Cruthaitheach na hÉireann *[Ireland's Creative Expo]* le brandáil nua, suíomh gréasáin nua spleodrach agus plean margaíochta straitéisí deartha chun líon na gceannaitheoirí ag freastal ar an seó a mhéadú. Chuir an straitéis nua ceardaíocht na hÉireann i gcroílár an seó trí mheán an Oileáin Chruthaitheach *[Creative Island]*, láthair eisiach nua lonnaithe ag an bpríomhbhealach isteach. Mar chuid den spás nua seo bhí raon mórthaibhseach táirgí ceardaíochta, ar ardchaighdeán, iad uile faoin mbranda Samhlaithe, Deartha, Déanta in Éirinn *[Imagined, Designed, Made in Ireland]*. Mar chuid de phleananna na heagraíochta le haghaidh forbairt leanúnach an seó bliantúil, mhéadaigh CCoI limistéar an Oileáin Chruthaithigh *[Creative Island]* ag Showcase gach bliain agus seoladh Seó Faisin nua ag Showcase 2012, le pleananna i bhfeidhm chun díriú ar Baile don bhliain 2013. Bhain CCoI úsáid as Showcase freisin chun bualadh le miondíoltóirí idirnáisiúnta.

D'fhonn deiseanna a mhéadú le haghaidh díolacháin dhírigh, bhí CCoI i láthair ag mórimeachtaí díolacháin dhírigh idir 2010 agus 2012, lena n-áirítear Bloom in the Park, Rás na Long Ard i bPort Láirge, an tAonach Ealaíne & Deartha Intí agus an tAonach Náisiúnta Ceardaíochta & Dearaidh, le cois tacú le roinnt seónna díolacháin dhírigh níos lú ar nós tobshiopaí.

Chuir CCoI clár cuimsitheach taispeántas i láthair gach bliain idir 2010 agus 2012, le breis is 50 taispeántas á dtaispeáint sa Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta agus ar chamchuairt náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. D'éirigh le gníomhaíochta um ardú próifíle an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta líon na gcuairteoirí chuig an ngailearaí i gCill Chainnigh a mhéadú; mar aon leis an gclár camchuairte shroich an Gailearaí Náisiúnta Ceardaíochta lucht féachana 130,000 duine ar bhonn bliantúil. Chuir an Gailearaí Náisiúnta Ceardaíochta lena chlár taispeántas i gCill Chainnigh agus lena chlár camchuairte in 2011 mar phríomhghné de ghníomhaíochtaí Bhliain na Ceardaíochta 2011. In 2011 sheol CCoI Ciste na dTaispeántas Seachtrach agus thacaigh sí freisin le go leor déantóirí a gcuid saothar a thaispeáint thar lear.

Neartaíodh caidreamh le comhpháirtithe taispeántais agus seoladh seó nua san Acadamh Ibernach Ríoga (RHA) ina raibh saothair ó Phunann Cheardaíochta na hÉireann in 2011. D'oscail an dara taispeántas capsúil san RHA i mí na Samhna 2012 ina riabh rogha nua saothar ó chlár Phunann Ceardaíochta na hÉireann a leathnaíodh le linn 2012 le háit á tabhairt do nach mór 100 déantóir thar disciplíní na criadóireachta, seodra, gloine, miotail, páipéir, teicstílí agus callagrafaíocht, agus troscán, adhmadóireacht agus caoladóireacht.

I gcaitheamh 2010, chuir CCoI lena cuid nasc le Fáilte Éireann agus Turasóireacht Éireann, ag comhoibriú leo ar roinnt tionscadal, mar aon le plean achomair a chruthú i leith forbairt na hacmhainneachta turasóireachta san earnáil cheardaíochta agus dearaidh. Leanadh leis na pleananna seo a chur chun cinn in 2011 le 130 cuairt á tabhairt ar stiúideonna ceardaíochta agus iniúchadh déanta orthu mar ullmhú do rolladh amach eispéireas náisiúnta na turasóireachta ceardaíochta in 2013 a chuirfear i láthair ar líne, in oifigí turasóireachta agus le treochomharthaíocht mórthimpeall na tíre.
D'óstáil an Fhoireann um Fhorbairt Fiontar 38 gceardlann speisialaithe i gcaitheamh na tréimhse 2010 – 2012 mar chuid den chlár um Fhorbairt Fiontraíochta Ceardaíochta –

Rathúlacht i mBun Gnó *[Building Craft Enterprise - Making it in Business]*. Fuair 107 gcliant-fhiontar meantóireacht agus bronnadh cistí ar 151 iarratasóir rathúil trí mheán ciste um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) CCoI. D'fhreastail 642 fiontar ar na ceardlanna um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach agus cuireadh plean seachadta réigiúnaigh i bhfeidhm ar mhaithe leis an tseirbhís a chur ar fáil do níos mó daoine. Cuireadh túis le hullmhúcháin in 2012 d'fhorbairt an chomhábhair ghréasáin dírithe go speisialta ar fhorbairt fiontar, lena n-áirítear treoracha i ndáil le fiontar ceardaíochta a bhunú agus leas a bhaint as tacaíochtaí ábhartha, a seolfar go luath in 2013.

## Cuspóir 2:
## AG COTHÚ GLÚIN NUA NA GCEARDAITHE

Creideann Comhairle Cheardaíochta na hÉireann go mbaineann fíorthábhacht leis an gcéad ghlúin eile de cheardaithe a chothú trí réimse tionscnamh oideachais ar mhaithe le todhchaí an tionscail cheardaíochta in Éirinn. D'fhonn an sprioc seo a bhaint amach b'iad seo a leanas na príomhaidhmeanna le linn 2010 agus 2012:

- Feasacht náisiúnta a mhéadú i ndáil leis an gceardaíocht mar ghairm bheatha
- Tionscnamh Bunscoile Náisiúnta a sheachadadh d'fhonn tacú leis an gcuraclam náisiúnta
- Clár Oideachais & For-rochtana a sheachadadh dírithe ar an dara leibhéal d'fhonn feasacht a mhéadú ar ghairmeacha beatha sa cheardaíocht
- Cláir spriocdhírithe a thionscnamh d'fhorbairt ceardaithe agus múinteoirí
- Todhchaí na scileanna arna soláthar ag na Scoileanna Ceirmeachta agus Seodra a chinntiú
- Caidreamh a neartú le comhlachtaí náisiúnta d'fhonn cur le beartas oideachais i réimse an oideachais cheardaíochta.

### ASCHUIR:

Feabhsaíodh cláir oideachais eiseacha agus fógraíodh tionscnaimh nua idir 2010 agus 2012. Cuireadh athbhreithniú agus measúnú cuimsitheach i gcrích i ndáil leis an tionscnamh Ceardaíocht sa Seomra Ranga *[Craft in the Classroom]* (2005 – 2009), ag tosú in 2009 agus ag leanúint ar aghaidh go 2010. Sholáthair an t-athbhreithniú seo eolas d'fhorbairt straitéiseach Chlár CRAFTed um Fhoghlaim Scileanna Saoil do Bhunscoileanna de chuid CCoI, a seoladh go hoifigiúil i mí Mheán Fómhair 2010 ag an Aire Oideachais agus Scileanna, Mary Coughlan TD. Seachadadh CRAFTed mar chlár ar fud na tíre i gcomhpháirtíocht le Lárionaid Oideachais agus forbraíodh agus seoladh acmhainn foghlama nua saintiomnaithe ar líne do mhúinteoirí **www.learncraftdesign.com** mar leagáid de chuid Bhliain na Ceardaíochta 2011.

Tháinig Déantóirí na Todhchaí in áit scéim Ghradaim Tríú Leibhéal CCoI, ag léiriú infheistíocht shuntasach de chuid Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann i bhforbairt na todhchaí den chéad ghlúin eile de dhéantóirí in Éirinn. Soláthraíonn na gradaim agus tacaíochtaí, ar fiú os cionn €30,000 in aghaidh na bliana iad, cúnamh i réimsí éagsúla dála breisoiliúint, taighde agus forbairt, bunú stiúideonna agus cúnamh do thaispeántais. Cothaíodh clár Gradaim & Tacaíochtaí Dhéantóirí na Todhchaí in 2011 agus 2012, agus athfhorbraíodh an suíomh gréasáin a ghabhann leo.

Ón obair a tionscnaíodh ag tús théarma an Phlean Straitéisigh, bhí áthas ar CCoI an Cúrsa Scileanna & Dearaidh Órcheardaíochta agus Seodra agus an Cúrsa Scileanna & Dearaidh Ceirmeachta araon a thairiscint le creidiúnú go Leibhéal 7 ó Ollscoil na hÉireann, Má Nuad ó thús na mblianta acadúla 2011 agus 2012 faoi seach.

Chomhordaigh an fhoireann Oideachais & For-rochtana cuairteanna chuig an nGailearaí Náisiúnta Ceardaíochta ar thurais an ghailearaí (bunscoileanna, scoileanna dara leibhéal, institiúidí tríú leibhéal agus grúpaí sainleasa) agus forbraíodh ábhar tacaíochta do na taispeántais agus cainteanna mar chuid de chlár taispeántais an Ghailearaí Náisiúnta Ceardaíochta. New partnerships were established with the outreach teams of other cultural centres and festivals. In 2011 alone over 12,000 children participated in craft workshops around the country as part of the Year of Craft 2011 programme.

## Cuspóir 3:
## AR ARDÚ FEASACHTA AR CHEARDAÍOCHT NA HÉIREANN

Tá sé mar aidhm ag Comhairle Cheardaíochta na hÉireann feasacht a mhéadú i ndáil le ceardaíocht na hÉireann ar

mhaithe le spéis agus éileamh i dtáirgí ceardaíochta na hÉireann a spreagadh. Chuige seo, b'iad seo a leanas na príomhaidhmeanna do 2010 – 2012:

- Cur chuige fócasaithe a ghlacadh i ndáil le ceardaíocht na hÉireann a chur chun cinn i measc pobail éagsúla
- Suíomh gréasáin agus cumarsáid spriocdhírithe CCoI a athfhorbairt bunaithe ar riachtanais na bpobal sainaitheanta comhaontaithe
- Spéis a chothú i gceardaíocht na hÉireann trí Chlár Bhliain na Ceardaíochta 2011
- Níos mó airde a tharraingt ar cheardaíocht na hÉireann trí mheán comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus na meán
- Taighde a dhéanamh d'fhonn éascú a dhéanamh ar eolas an mhargaidh ar ghnéithe uile d'earnáil cheardaíochta na hÉireann.

ASCHUIR:

Cuireadh cláir CCoI lena n-áirítear tionscnamh Bhliain na Ceardaíochta 2011 chun cinn i gcaitheamh théarma an Phlean Straitéisigh, le himeachtaí, feachtais bholscaireachta agus gníomhaíochtaí á dtacú trí mheán nochta náisiúnta agus áitiúila reáchtáil sna meáin uile, mar aon leis na meáin ar líne agus na meáin shóisialta. Gnóthaíodh príomhréimse cumhdaigh ar fud na meán teilifíse, raidió, agus na meán clóite náisiúnta agus réigiúnach, lena n-áirítear go leor blúirí cumhdaigh teilifíse agus na meán clóite go hidirnáisiúnta agus sheol An Post sraith cúig stampa ag cur chun cinn na ceardaíochta Éireannaí, mar chuid de Bhliain na Ceardaíochta 2011.

Leanadh leis an gcumarsáid rialta le foireann Nationwide de chuid RTÉ le trí bliana anuas agus fuarthas cumhdach suntasach, rialta do thionscnaimh CCoI agus do chliaint CCoI ar fud na tíre araon. Mar ghnéithe suntasacha bhí cur i láthair cláir saintiomnaithe do Showcase agus na déantóirí rannpháirteacha dá chuid, á chraoladh i mí Eanáir gach bliain. Mar thoradh ar chomhpháirtíochtaí na meán a bunaíodh do Bhliain na Ceardaíochta 2011 d'eascair sraith fógraí clóite agus ar líne i gcaitheamh na bliana agus forlíonadh speisialta 32 leathanach ar cheardaíocht na hÉireann san Irish Times, agus craoladh fógra teilifíse trí Scéim RTÉ um Thacú leis na hEalaíona.

Cothaíodh agus bunaíodh caidreamh le príomhtheagmhálacha eile na meán ar fud na tíre agus ar bhonn idirnáisiúnta. D'oibrigh CCoI i gcomhar le Big Mountain Productions ar shraith teilifíse sé-choda dar teideal Craft Master. Fuarthas maoiniú don sraith ó Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) agus craoladh í don chéad uair ar RTÉ One i bhfómhar na bliana 2011 agus athchraoladh arís í go leor uaire le linn 2012. I bhfianaise na freagartha dearfaí ar an gcéad sraith, rinneadh an dara sraith sé-choda a choimisiúnú agus a chur i láthair in 2012, agus í le craoladh ar RTÉ One in 2013.

D'fhonn tacú leis an leibhéal gníomhaíochta do chlár Bhliain na Ceardaíochta 2011 agus lastall, seoladh láithreán gréasáin nua **www.craftinireland.com**, chun deis a thabhairt do chuairteoirí cuardach le haghaidh gníomhaíochtaí bunaithe ar shuíomh, dáta agus cineál. Tacaíodh leis an gclár trí ghníomhaíochta leanúnacha na meán sóisialta agus rinneadh nuashonrú leanúnach air chun gníomhaíochtaí de chuid cliant agus balleagraíochtaí CCoI a chur chun cinn. Mar chuid d'fhorbairtí gréasáin leanúnacha CCoI, chruthaigh an suíomh gréasáin corparáideach **www.ccoi.ie** feidhm nua, éasca le húsáid dar teideal 'Aimsigh Ceardaí' *[Find Craftsperson]* agus cuireadh córas cuimsitheach nua um Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí (CRM) i bhfeidhm ar fud na heagraíochta in 2012.

Ba é Millward Brown Lansdowne a chuir Suirbhé um Braistintí Tomhaltóirí bliantúil CCoI i gcrích i mí na Nollag gach bliain agus ábhar spreagtha ba ea na torthaí i ndáiríre, go háirithe i gcás an tionchar láithreach a bhí ag Bliain na Ceardaíochta 2011 ar fheasacht na dtomhaltóirí ar cheardaíocht agus dearadh na hÉireann. Léirigh torthaí an tsuirbhé a cuireadh i gcrích i mí na Nollag 2012 go raibh spéis ag 55% de dhaoine i gceannach agus in úinéireacht earraí ceardaíochta Éireannaí, méadú suntasach ó 39% i mí na Nollag 2011 roimh thosú le clár gníomhaíochtaí Bhliain na Ceardaíochta 2011.

## Cuspóir 4:
## NA BALLEAGRAÍOCHTAÍ A NEARTÚ

Tá ról tábhachtach ag balleagraíochtaí Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann i bhfeabhsú na feasachta ar cheardaíocht na hÉireann agus ar scileanna na

ceardaíochta. Aithníonn an téama straitéiseach seo a gcuid rannchuidithe agus leagtar amach straitéis CCoI oibriú i ndlúthpháirt leis na balleagraíochtaí chun leasa trí chéile na ceardaíochta Éireannaí. B'iad seo a leanas na príomhaidhmeanna chun an méid anseo thuas a bhaint amach idir 2010 agus 2012:

- Feabhas a chur ar naisc idir na balleagraíochtaí agus Comhairle Cheardaíochta na hÉireann
- Cur le cumas na mballeagraíochtaí cur leis an earnáil cheardaíochta trí mhaoiniú spriocdhírithe a sholáthar dóibh
- Cur le láithreacht na mballeagraíochtaí ar shuíomh gréasáin CCoI
- Oibriú leis na balleagraíochtaí chun oidhreacht cheardaíochta na hÉireann a chaomhnú
- Deiseanna d'fheasacht cheardaíochta a chruthú trí leas a bhaint as saineolas na mballeagraíochta.

## ASCHUIR:

Reáchtáladh cruinnithe le balleagraíochtaí CCoI - na Cuallachtaí, Comhlachais, Gréasáin agus Cumainn (GANS) – i gcaitheamh na trí bliana ag soláthar deiseanna líonraithe, comhroinnt faisnéise idir an GANS agus CCoI, mar aon le deiseanna oiliúna le ceardlanna á soláthar ar ábhair ar nós fótagrafaíocht agus PR.

Ghlac CCoI páirt i bhfeile Bloom in the Park gach bliain, ag óstáil taispeáintí de chuid GANS. Léirigh na taispeáintí saibhreas agus doimhne na scileanna i measc na gceardaithe in Éirinn agus ba fhíor-rathúil a bhí siad i measc an phobail, ag mealladh lucht féachana suntasach i gcaitheamh an imeachta cúig lae bliantúil. Mar chuid de Bhliain na Ceardaíochta 2011, ghlac GANS páirt in agus sholáthair siad taispeáintí ceardaíochta ag iliomad imeachtaí eile ar fud na tíre, cosúil le Showcase, Rás na Long Ard i bPort Láirge, Electric Picnic agus an tAonach Náisiúnta Ceardaíochta & Dearaidh ina measc. In 2012 reáchtáladh taispeáintí ag Bloom agus ag an Aonach Náisiúnta Ceardaíochta & Dearaidh, ag mealladh freagairt díograiseach ón bpobal arís eile.

Leanadh le Scéim Tacaíochta Gréasáin CCoI a sholáthraíonn páirt-mhaoiniú do mhargaíocht, taispeántais agus tionscnaimh oiliúna na mballeagraíochta le linn 2010 agus 2012; ar an iomlán bhain 78 tionscadal ó 44 GANS leas as an scéim seo a leithdháil €197,271 san iomlán i gcaitheamh na trí bliana.

In 2010 d'oibrigh Comhairle Cheardaíochta na hÉireann le go leor balleagraíochtaí bunaithe i réimse na dteicstíle ag comhordú Tread Softly, an chéad taispeántas de theicstílí na hÉireann ag an Seó Cniotála & Fuála san RDS, Baile Átha Cliath. I bhfianaise na freagartha dearfaí a fuarthas ar Tread Softly, taispeánadh a thuilleadh taispeántas teicstílí i gcomhar le comhaltaí GANS CCoI ag an Seó Cniotála agus Fuála le Seascapes in 2011 agus Nature in 2012. Chomhordaigh CCoI clár camchuairte freisin chun na taispeántais a thaispeáint do lucht féachana ar fud na tíre.

Mar thoradh ar an bplé a rinneadh ag cruinnithe GANS a reáchtáladh in 2011, bunaíodh Tascfhórsa na Ceardaíochta Oidhreachta i mí Mheán Fómhair 2011 chun díriú ar oidhreacht roinnt ceirdeanna traidisiúnta a chaomhnú. D'éirigh leis an ngrúpa seo, a áiríonn ballraíocht ón gComhairle Oidhreachta, maoiniú a ghnóthú chun iniúchadh ar tháirgeadh lása in Éirinn a chumasú a chuirfear i gcrích in 2013.

# ÁR RIALACHAS

*Pláta Mór Poipín* le Jerpoint Glass



# RIALACHAS CORPARÁIDEACH 2012

## NUASHONRÚ RIALACHAIS

Tá an Bord um Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann freagrach as na córais um rialú inmheánach airgeadais sa chuideachta agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil na córais úd éifeachtach. Tá an Bord freagrach as rialachas an chomhlachta i gcomhréir le dea-chleachtas agus as cloí le hoibleagáidí an chomhlachta faoi mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus san Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001.

Tá Coiste Iniúchóireachta & Airgeadais ag Comhairle Cheardaíochta na hÉireann, a dhéanann athbhreithniú go rialta ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais agus a úsáideann saineolas seachtrach nuair atá a chuid feidhmeanna á gcur i gcrích, lena n-áirítear feidhm an iniúchta inmheánaigh de réir mar is cuí.

Rinneadh ionduchtú iomlán ar na comhaltaí Boird nua a ceapadh/a toghadh in 2012 i ndáil le gníomhaíochtaí na heagraíochta agus a gcuid freagrachtaí mar chomhaltaí Boird i gcomhréir le Lámhleabhar Rialachais Chorparáidigh CCoI.

# ÁR gCOMHALTAÍ BOIRD

## DON BHLIAIN 2012

### CEAPACHÁIN AIREACHTA:

**Laura Magahy**
*Cathaoirleach*

**Paddy Hopkins**
*(Go dtí 27ú Meitheamh)*

**Stephen Hughes**
*(Ceaptha 27ú Meitheamh)*

**Pat Hughes**

**Dermott Rowan**

### IONADAITHE TOFA:

**Carmel Creaner**
*(Atofa 27ú Meitheamh)*

**Sheila Ahern**
*(Atofa 27ú Meitheamh)*

**Michael Hanley**

**Sonya Lennon**

**Derek McGarry**

**Alison Ospina**

**Tina Byrne**

**Beth Moran**
*(Go dtí 27ú Meitheamh)*

**Ray Power**
*(Tofa 27ú Meitheamh)*

# ÁR BHFOIREANN

## DON BHLIAIN 2012

**Karen Hennessy**
*Príomhfheidhmeannach*

**Mary Dunphy**
**Mary Dunne (ón 10ú Nollaig, tréimhse aistrithe chun saoire mháithreachais a chumhdach)**
*Cúntóir Feidhmiúcháin*

### OIDEACHAS, OILIÚINT & FORBAIRT

**John Tynan**
*Ceannasaí Oideachais, Oiliúna & Forbartha*

**Louise Allen** (go dtí 1ú Feabhra)
**Muireann Charleton** (ón 23ú Aibreán)
*Bainisteoir Oideachais & Nuálaíochta*

**Susan Holland** (ón 6ú Meitheamh)
*Oifigeach Oideachais & For-rochtana*

**Amanda Walsh**
*Riarthóir Oideachais, Oiliúna & Forbartha*

**Eimear Conyard**
*Bainisteoir Scileanna & Dearaidh Seodra*

**Gus Mabelson** (Conraitheoir Neamhspleác)
*Bainisteoir an Chúrsa Scileanna Criadóireachta*

### CLÁIR NUÁLAÍOCHTA & FORBARTHA

**Louise Allen** (ón 1ú Feabhra)
*Ceannasaí na gClár Nuálaíochta & Forbartha*

**Emer Ferran**
*Bainisteoir an Chláir Forbartha Gnó*

**Mary Whelan**
*Oifigeach Idirchaidreamh Cliant*

**Mary Rhatigan** (páirtaimseartha, Saoire Chúramóra ón 31ú Bealtaine)
**Audrey Kelly** (páirtaimseartha ón 28ú Bealtain)
*Riarthóir Seirbhísí Cliant*

### FORBAIRT MARGAIDH

**Brian McGee**
*Ceannasaí um Fhorbairt Margaidh*

**Nicola Doran**
*Bainisteoir an Chláir Mhiondíola*

**Emma McGrath**
*Bainisteoir na Forbartha Trádála*

**Ann Mulrooney**
*Bainisteoir & Coimeádaí, Gailearaí Náisiúnta Ceardaíochta*

**Brian Byrne**
*Cúntóir na dTaispeántas*

**Ciara Garvey**
*Bainisteoir Forbartha, Bailitheoir & Cláir Turasóireachta*

### GNÓTHAÍ POIBLÍ & CUMARSÁID

**Susan Brindley**
*Ceannasaí ar Ghnóthaí Poiblí & Cumarsáid*

**Caroline O'Riordan** (go dtí 6ú Feabhra)
**Catherine Phibbs** (ón 6ú Feabhra)
*Bainisteoir Cumarsáide*

**Emma Briscoe** (páirtaimseartha)
*Cúntóir Cumarsáide*

### OIBRÍOCHTAÍ

**Mary Blanchfield**
*Bainisteoir Airgeadais & Oibríochtaí agus Rúnaí Cuideachta*

**Julie Jackman**
*Cúntóir Airgeadais*

**Nuala McGrath**
*Bainisteoir ar Sheirbhísí Corparáideacha & AD*

**Breda English** (páirtaimseartha)
*Cúntóir um Sheirbhís do Chustaiméirí*

# ÁR GCOMHALTAÍ

## DON BHLIAIN 2012

Is cuideachta theoranta í Comhairle Cheardaíochta na hÉireann. Cuimsíonn sí balleagraíochtaí agus institiúidí a bhfuil na spriocanna agus cuspóirí céanna acu agus atá ag CCoI agus atá rannpháirteach i gcur chun cinn na ceardaíochta comhaimseartha agus traidisiúnta.

### Comhaltaí:

- Ceathrar síntiúsóirí chuig an Meabhrán Comhlachais (bunaitheoirí)
- 56 duine ainmnithe ag Bord Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann le hionadaíocht a dhéanamh ar chomhlachais neamhchorpraithe a d'fhéadfadh a bheadh de mhian ag an mBord tairbhe na ballraíochta a bhronnadh orthu (Cuallachtaí, Comhlachais, Gréasáin agus Cumainn - GANS)
- 15 chomhlacht corparáideach (institiúidí, comhpháirtithe)
- Daoine aonair a bheartóidh Bord Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann ó am go chéile iad a ghlacadh chun ballraíochta.

### Athruithe Ballraíochta 2012

Fearann Comhairle Cheardaíochta na hÉireann fáilte mhór roimh na comhaltaí seo a leanas a thosaigh ag obair léi le linn 2012:

- Bunfhoinse Chiarraí *[Original Kerry]*
- Craftworks Mhaigh Eo *[Craftworks Mayo]*
- Déantóirí Lása Traidisiúnta na hÉireann *[Traditional Lace Makers of Ireland]*
- Ionad Deartha Malthouse *[The Malthouse Design Centre]*

Rinne eagraíocht amháin iarratas go mbainfí den liosta ballraíochta í in 2012:

- Déantóirí Dearthóireachta Phort Láirge *[Waterford Designer Makers]*



*Prickly Pear Salt* le Michael McCrory

# ÁR GCOMHALTAÍ

## Liosta den 75 chomhalta amhail ag 31ú Nollaig 2012

### 27 GCOMHALTA GANS – DE RÉIR DISCIPLÍN CEARDAÍOCHTA

- Stiúideo Blackstack *[Blackstack Studio]*
- Criadóireacht Éireann *[Ceramics Ireland]*
- Ealaíontóirí Taipéise Comhaimseartha *[Contemporary Tapestry Artists]*
- Design Island - Togha an Dearaidh Éireannaigh
- Dearthóirí Seodra DLR *[DLR Jewellery Designers]*
- Acadamh Teicstíle Dhún Bróithe *[Dunbrody Textile Academy]*
- Cónaidhm Dhéantóirí Seodra in Éirinn *[Federation of Jewellery Manufacturers in Ireland]* (FJMI)
- Déantóirí Feilte Éireann *[Feltmakers Ireland]*
- Ealaíontóirí Snáithíní Filiméid *[Filament Fibre Artists]*
- Cumann Gloine na hÉireann *[Glass Society of Ireland]*
- Cuallacht Dhéantóirí Lása na hÉireann *[Guild of Irish Lacemakers]*
- Cuallacht Lámhfhíodóirí Chorcaí *[Handweavers' Guild of Cork]*
- Instiúid Dhearthóirí in Éirinn *[Institute of Designers in Ireland]* (IDI)
- Cumann Ghaibhne Dubha Ealaíontóirí Éireann *[Irish Artist Blacksmiths Association]* (IABA)
- Cumann Caoladóirí Éireann *[Irish Basketmakers Association]* (IBA)
- Déantóirí Cathaoireacha na hÉireann *[Irish Chairmakers]*
- Cuallacht Bhróidnéirí na hÉireann *[Irish Guild of Embroiders]*
- Cuallacht Fhíodóirí, Shníomhaithe & Ruaimneoirí na hÉireann *[Irish Guild of Weavers, Spinners & Dyers]*
- Líonra Dhéantóirí Páipéir & Ealaíontóirí Páipéir na hÉireann *[Irish Network of Papermakers & Paper Artists]*
